



Uimhir 41 de 2013

AN tACHT AIRGEADAIS (UIMH. 2), 2013

[An tionú oifigiúil]

CLÁR AN ÁBHAIR

CUID 1

CÁIN IONCAIM, CÁIN CHORPARÁIDE AGUS CÁIN GHNÓCHAN CAIPITIÚIL

CAIBIDIL 1

Léiriú

Alt

1. Léiriú (Cuid 1)

CAIBIDIL 2

Cáin Ioncaim

2. Leasú ar alt 226 den Phríomh-Acht (deontais fostaíochta agus fóirdheontais earcaíochta áirithe)
3. Leasú ar alt 253 den Phríomh-Acht (faoiseamh do phearsana aonair i leith iasachtaí a caitheadh ag fáil leas i gcomhpháirtíochtaí)
4. Faoiseamh barrscoite do scor
5. Dreasacht athnuachana tí cónaithe
6. Faoiseamh don lucht dífhostaithe fadtéarma a thosaíonn gnó
7. Creidmheas do chúramóir linbh is duine singil
8. Leasú ar alt 470 den Phríomh-Acht (faoiseamh i leith árachas in aghaidh costas tinnis)
9. Leasú ar alt 469 den Phríomh-Acht (faoiseamh i leith costais sláinte)
10. Díolúine i leith liúntas bliantúil do chomhaltaí cúltaca den Gharda Síochána
11. Sochar comhchineáil: toisí méadracha a chur i bhfeidhm
12. Leasú ar alt 126 den Phríomh-Acht (mar a dhéileálfar, ó thaobh cánach, le sochair áirithe is iníochta faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh)

13. Leasú ar alt 472D den Phríomh-Acht (faoiseamh d'fhostaithe ríthábhachtacha atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí taighde agus forbartha)
14. Leasú ar alt 473A den Phríomh-Acht agus ar Sceideal 29 a ghabhann leis (faoiseamh i leith táillí arna n-íoc i leith oideachas tríú leibhéal, etc.)
15. Leasú ar alt 480A den Phríomh-Acht (faoiseamh i leith ioncam áirithe de chuid spórtairí áirithe ar scor dóibh)
16. Teorainn a chur le méid faoiseamh áirithe a mbaineann pearsana aonair áirithe a thuilleann mórioncam leas astu
17. Cáin iarchoimeádta seirbhísí gairmiúla
18. Sochair scoir
19. Leasú ar Sceideal 12 a ghabhann leis an bPríomh-Acht (iontaobhais scairúinéireachta d'fhostaithe)

CAIBIDIL 3

Cáin Ioncaim, Cáin Chorparáide agus Cáin Ghnóchan Caipitiúil

20. Cánachas feirme
21. Leasú ar alt 766 den Phríomh-Acht (creidmheas cánach le haghaidh caiteachas ar thaighde agus forbairt)
22. Leasú ar alt 246 den Phríomh-Acht (íocaíochtaí úis ag cuideachtaí agus le neamhchónaitheoirí)
23. Leasú ar Chuid 8 den Phríomh-Acht (íocaíochtaí bliantúla, muirir agus ús)
24. Leasú ar alt 481 den Phríomh-Acht (faoiseamh i leith infheistíocht i scannáin)
25. Cáin iarchoimeádta scannáin
26. Leasú ar alt 530F den Phríomh-Acht (oibleagáid ar phríomhaithe cáin a asbhaint)
27. Leasú ar alt 891E den Phríomh-Acht (an tOrdú um an gComhaontú chun Comhlíontacht Cánach a Fheabhsú agus chun Socrú a Dhéanamh maidir le Tuairisciú agus Malartú Faisnéise a bhaineann le Cúrsaí Cánach (Stáit Aontaithe Mheiriceá), 2013 a chur i ngníomh)
28. Leasú ar Sceideal 24 a ghabhann leis an bPríomh-Acht (faoiseamh ó cháin ioncaim agus ó cháin chorparáide trí bhíthin creidmheasa i leith cánach coigríche)
29. Urrúis arna n-eisiúint ag Uisce Éireann
30. Polasaithe árachais saoil agus cistí infheistíochta
31. Tionscnamh na Cathrach Beo

CAIBIDIL 4

Cáin Chorporáide

32. Leasú ar alt 77 den Phríomh-Acht (ilrialacha speisialta chun ioncam a ríomh)
33. Leasú ar alt 396C den Phríomh-Acht (faoiseamh ó cháin chorporáide i leith cailteanais foras rannpháirteach)
34. Leasú ar alt 411 den Phríomh-Acht (géilleadh faoisimh idir comhaltaí grúpaí agus comheagras)
35. Cáin scuchta a iarchur
36. Iontaobhais IER
37. Leasú ar Sceideal 4 a ghabhann leis an bPríomh-Acht (comhlachtaí stát-tionscanta neamhthráchtála sonraithe a dhíolmhú ó fhorálacha áirithe cánach)
38. Liúntais caithimh agus cuimilte a luathú le haghaidh trealamh áirithe atá éifeachtach ó thaobh fuinnimh de
39. Leasú ar alt 23A den Phríomh-Acht (áit chónaithe cuideachta)
40. Brabúis iomchuí a chur síos le haghaidh creidmheas breise

CAIBIDIL 5

Cáin Ghnóchan Caipitiúil

41. Leasú ar alt 29 den Phríomh-Acht (daoine is inmhuirearaithe)
42. Leasú ar alt 552 den Phríomh-Acht (costais a bhaineann le fáil, feabhsú agus diúscairt)
43. Leasú ar alt 598 den Phríomh-Acht (gnó nó feirm a dhiúscairt ar “scor”)
44. Leasú ar alt 604A den Phríomh-Acht (faoiseamh i leith diúscairtí áirithe talún nó foirgneamh)
45. Faoiseamh d’fhiontraithe

CUID 2

MÁL

46. Leasú ar Chaibidil 1 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 1999 (cáin ola mianra)
47. Leasú ar Chaibidil 1 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2001 (an dlí máil ginearálta: léiriú, dliteanas agus íocaíocht)
48. Leasú ar Chaibidil 3 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2001 (cionta, pionóis agus imeachtaí)
49. Leasú ar Chaibidil 4 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2001 (cumhachtaí oifigeach)
50. Leasú ar Chaibidil 5 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2001 (ilghnéitheach)

51. Leasú ar Chaibidil 3 de Chuid 3 den Acht Airgeadais, 2010 (cáin charbóin breosla sholadaigh)
52. Rátaí cánach táirgí tobac
53. Rátaí cánach táirgí alcóil
54. Leasú ar Chaibidil 1 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2002 (an dlí a bhaineann le dleachtanna gealltóireachta a chomhdhlúthú agus a nuachóiriú)
55. Leasú ar alt 135C den Acht Airgeadais, 1992 (loghadh nó aisíoc i leith cáin cláraithe feithiclí, etc.)
56. Leasú ar alt 139 den Acht Airgeadais, 1992 (cionta agus pionóis)

CUID 3

CÁIN BHREISLUACHA

57. Léiriú (Cuid 3)
58. Leasú ar alt 46 den Phríomh-Acht (rátaí cánach)
59. Leasú ar alt 59 den Phríomh-Acht (asbhaint i leith cáin a iompraíodh nó a íocadh)
60. Cáin is inasbhainte i ndáil le comaoin neamhíoctha a choigeartú
61. Leasú ar alt 120 den Phríomh-Acht (rialacháin)
62. Leasú ar alt 64 den Phríomh-Acht (scéim earraí caipitiúla)
63. Leasú ar alt 80 den Phríomh-Acht (cáin atá dlite ar bhonn airgead a fuarthas)
64. Leasú ar alt 86 den Phríomh-Acht (forálacha speisialta i leith cáin arna sonrasc ag feirmeoirí cothromráta)
65. Fógra maidir le ceanglas faisnéis áirithe, etc., a thabhairt
66. Mar a dhéileálfar, ó thaobh cánach, le capaill agus cúnna
67. Leasú ar Sceideal 1 a ghabhann leis an bPríomh-Acht

CUID 4

DLEACHTANNA STAMPA

68. Léiriú (Cuid 4)
69. Leasú ar alt 81AA (aistrithe chuig feirmeoirí óga oilte) den Phríomh-Acht agus ar Sceideal 2B (cáilíochtaí chun iarratas a dhéanamh ar fhaoiseamh ó dhleacht stampa i leith aistrithe chuig feirmeoirí óga oilte) a ghabhann leis
70. Margadh na nUrrús Fiontraíochta
71. Leasú ar alt 125B den Phríomh-Acht (tobhach ar scéimeanna pinsean)

72. Tobhach breise ar fhorais airgeadais áirithe

CUID 5

ILGHNÉITHEACH

73. Léiriú (Cuid 5)

74. Daoine inmhuirearaithe: féinmheasúnachtaí

75. Cáin a aisíoc

76. Leasú ar alt 887 den Phríomh-Acht (sonra-phróiseáil leictreonach a úsáid)

77. Íocaíochtaí a bhaineann leis na Neachtlanna Maighdilíneacha

78. Fíneálacha agus pionóis a mhaolú agus a chur chun feidhme

79. Tuairisceáin Ioncaim áirithe a tharchur go leictreonach

80. Leasú ar alt 960R den Phríomh-Acht (cumhacht an Ard-Bhailitheora a cheangal ar dhaoine áirithe tuairisceán ar mhaoín a thabhairt)

81. Leasú ar alt 851A den Phríomh-Acht (rúndacht faisnéise i dtaobh cáiníocóirí)

82. Leasú ar alt 1002 den Phríomh-Acht (méideanna a bheidh dlite i ndáil le cáin a asbhaint ó íocaíochtaí a bheidh dlite do mhainnitheoirí)

83. Leasú ar Sceideal 24A a ghabhann leis an bPríomh-Acht (comhshocraíochtaí arna ndéanamh ag an Rialtas le rialtas aon chríche lasmuigh den Stát i ndáil le faoiseamh ó chánachas dúbailte a thabhairt agus faisnéis a mhalartú i ndáil le cáin)

84. Leasuithe teicniúla ilghnéitheacha i ndáil le cáin

85. An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla

86. Cúram agus bainistiú cánacha agus dleachtanna

87. Gearrtheideal, forléiriú agus tosach feidhme

AN SCEIDEAL

LEASUITHE TEICNIÚLA ILGHNÉITHEACHA I NDÁIL LE CÁIN

NA hAchtanna dá dTagraítear

- An tAcht um Thruailliú Aeir, 1987 (Uimh. 6)
- An tAcht Cumann Foirgnóchta, 1989 (Uimh. 17)
- An tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003 (Uimh. 1)
- Na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil
- Acht an Bhainc Ceannais, 1971 (Uimh. 24)
- An tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010 (Uimh. 24)
- Acht na gCuideachtaí, 1963 (Uimh. 33)
- Na hAchtanna Cánach Corparáide
- An tAcht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996 (Uimh. 31)
- An tAcht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967 (Uimh. 12)
- Na hAchtanna Custam
- Customs Consolidation Act 1876* (39 & 40 Vict., c. 36)
- An tAcht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), 2012 (Uimh. 52)
- An tAcht Airgeadais (Uimh. 2), 2008 (Uimh. 25)
- An tAcht Airgeadais, 1950 (Uimh. 18)
- An tAcht Airgeadais, 1992 (Uimh. 9)
- An tAcht Airgeadais, 1999 (Uimh. 2)
- An tAcht Airgeadais, 2001 (Uimh. 7)
- An tAcht Airgeadais, 2002 (Uimh. 5)
- An tAcht Airgeadais, 2003 (Uimh. 3)
- An tAcht Airgeadais, 2005 (Uimh. 5)
- An tAcht Airgeadais, 2010 (Uimh. 5)
- An tAcht Airgeadais, 2011 (Uimh. 6)
- An tAcht Airgeadais, 2013 (Uimh. 8)
- An tAcht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964 (Uimh. 7)
- An tAcht Árachais Sláinte, 1994 (Uimh. 16)
- Na hAchtanna Cánach Ioncaim
- Inland Revenue Regulation Act 1890* (53 & 54 Vict., c. 21)
- An tAcht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009 (Uimh. 34)
- Acht na bPinsean, 1990 (Uimh. 25)
- An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (Uimh. 30)
- Na hAchtanna Leasa Shóisialaigh
- An tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005 (Uimh. 26)
- An tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 (Uimh. 31)
- Succession Duty Act 1853* (16 & 17 Vict., c. 107)
- Na hAchtanna Cánach
- An tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (Uimh. 39)
- Na hAchtanna Cánach Breisluacha
- An tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010 (Uimh. 31)



Uimhir 41 de 2013

AN tACHT AIRGEADAIS (UIMH. 2), 2013

[An tiontú oifigiúil]

Acht do dhéanamh socrú maidir le forchur, aisghairm, loghadh, athrú agus rialáil cánachais, dleachtanna stampa agus dleachtanna a bhaineann le mál agus do dhéanamh socrú breise thairis sin i dtaobh airgeadais lena n-áirítear rialáil custam.

[18 Nollaig 2013]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

CUID 1

CÁIN IONCAIM, CÁIN CHORPARÁIDE AGUS CÁIN GHNÓCHAN CAIPITIÚIL

CAIBIDIL 1

Léiriú

Léiriú (Cuid 1)

1. Sa Chuid seo, ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

CAIBIDIL 2

Cáin Ioncaim

Leasú ar alt 226 den Phríomh-Acht (deontais fostaíochta agus fóirdheontais earcaíochta áirithe)

2. Leasaítear alt 226 den Phríomh-Acht i bhfo-alt (1)—

(a) i mír (i), trí “nó” a scriosadh,

(b) i mír (j), trí “1967, nó” a chur in ionad “1967.”, agus

(c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (j):

“(k) maidir le híocaíochtaí arna ndéanamh le fostóirí an 1 Iúil 2013 nó dá éis, faoi JobsPlus, is scéim a riarann an Roinn Coimirce Sóisialaí.”.

Leasú ar alt 253 den Phríomh-Acht (faoiseamh do phearsana aonair i leith iasachtaí a caitheadh ag fáil leas i gcomhpháirtíochtaí)

3. Leasaítear alt 253 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (7):

- “(8) D’ainneoin fho-alt (7), ní mó an asbhaint a údaraítear leis an bhfo-alt sin—
- (a) maidir leis an mbliain mheasúnachta 2014, ná 75 faoin gcéad den asbhaint a d’údarófaí leis an bhfo-alt sin murach an fo-alt seo,
 - (b) maidir leis an mbliain mheasúnachta 2015, ná 50 faoin gcéad den asbhaint a d’údarófaí leis an bhfo-alt sin murach an fo-alt seo,
 - (c) maidir leis an mbliain mheasúnachta 2016, ná 25 faoin gcéad den asbhaint a d’údarófaí leis an bhfo-alt sin murach an fo-alt seo, agus
 - (d) maidir leis an mbliain mheasúnachta 2017 agus le gach bliain mheasúnachta dá héis, ná nialas faoin gcéad den asbhaint a d’údarófaí leis an bhfo-alt sin murach an fo-alt seo.
- (9) Ní bheidh feidhm ag an alt seo maidir le hiasacht arna tabhairt tar éis an 15 Deireadh Fómhair 2013.
- (10) Ní bheidh feidhm ag fo-ailt (8) agus (9) maidir le hiasacht dá dtagraítear i bhfo-alt (1) i gcás gur comhpháirtíocht feirmeoireachta de réir bhrí alt 598A an chomhpháirtíocht.
- (11) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (9) maidir le hiasacht arna tabhairt tar éis an 15 Deireadh Fómhair 2013 agus a chaitear chun iasacht eile le pearsa aonair a aisíoc a úsáideadh chun íoc as airgead a caitheadh faoi mhír (a), (b) nó (c) d’fho-alt (1), ar choinníoll—
- (a) nach mó an iasacht ná an t-iarmhéid atá gan íoc ar an iasacht atá á haisíoc, agus
 - (b) nach faide téarma na hiasachta ná an chuid atá fágtha de théarma na hiasachta atá á haisíoc.”.

Faoiseamh barrscoite do scor

4. (1) Leasaítear an Príomh-Acht i Sceideal 3—

- (a) i gCuid 2, trí “ar dháta rite an Achta Airgeadais, 2013 nó dá éis” a chur in ionad “ar dháta rite an Achta seo nó dá éis” i mír 9A (a cuireadh isteach le halt 14(1)(e) den Acht Airgeadais, 2013), agus
 - (b) i gCuid 3, tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 13:

“14. D’ainneoin alt 201, scoirfidh mír 10 d’fheidhm a bheith aici maidir le haon íocaíocht a dhéanfar an 1 Eanáir 2014 nó dá éis agus is inmhuirearaithe i leith cáin ioncaim faoi alt 123.”.
- (2) Beidh éifeacht le *fo-alt (1)(a)* amhail is dá mba rud é gur tháinig sé i ngníomh an 27 Márta 2013 nó dá éis.

Dreasacht athnuachana tí cónaithe**5. Leasaítear an Príomh-Acht—**

(a) i gCuid 15—

(i) trí alt 477A a aisghairm, agus

(ii) tríd an alt seo a leanas a chur isteach roimh alt 478:

“Dreasacht athnuachana tí cónaithe

477B. (1) San alt seo—

ciallaíonn ‘conraitheoir’ duine atá fostaithe ag pearsa aonair chun obair cháilitheach a dhéanamh, agus is duine cuntasach faoi 5 den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010 agus ar sannadh uimhir chláráithe dó nó di faoi alt 65 den Acht sin;

ciallaíonn ‘uimhir PSP’, i ndáil le pearsa aonair, an uimhir phearsanta seirbhíse poiblí, de réir bhrí alt 262 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005, atá ag an bpearsa aonair;

ciallaíonn ‘conraitheoir cáilitheach’ conraitheoir—

(a) a chomhlíonann na hoibleagáidí dá dtagraítear in alt 530G nó 530H, de réir mar a bheidh, nó

(b) i gcás conraitheoir nach fochonraitheoir lena mbaineann Caibidil 2 de Chuid 18, a chomhlíonann na hoibleagáidí dá dtagraítear i mír (a), seachas na hoibleagáidí dá dtagraítear i míreanna (a) agus (b) d’fho-alt (1) d’alt 530G nó 530H, de réir mar a bheidh;

ciallaíonn ‘caiteachas cáilitheach’, i ndáil le pearsa aonair, caiteachas a thabhaíonn an phearsa aonair ar obair cháilitheach a dhéanann conraitheoir cáilitheach ar áit chónaithe cháilitheach;

ciallaíonn ‘áit chónaithe cháilitheach’, i ndáil le pearsa aonair, áitreabh cónaithe atá suite sa Stát agus—

(a) atá ar úinéireacht ag an bpearsa aonair agus atá á háitiú ag an bpearsa aonair mar aon-áit chónaithe nó mar phríomháit chónaithe aige nó aici, nó

(b) a bhí á háitiú roimhe sin mar áit chónaithe agus a bhfuair an phearsa aonair é chun go n-áiteodh an phearsa aonair é mar aon-áit chónaithe nó mar phríomháit chónaithe aige nó aici ar an obair cháilitheach a chríochnú agus a áitítear amhlaidh ar an obair sin a chríochnú;

ciallaíonn ‘obair cháilitheach’ aon obair dheisiúcháin, athnuachana nó feabhsúcháin lena mbaineann an ráta cánach a shonraítear in alt 46(1)(c)

den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010, agus a dhéantar ar áit chónaithe cháilitheach;

ciallaíonn ‘áitreabh cónaithe’—

- (a) foirgneamh nó cuid d’fhoirgneamh a úsáidtear mar theaghais nó atá oiriúnach lena úsáid nó lena húsáid mar theaghais, agus
- (b) talamh atá ag áititheoir foirgnimh nó cuid d’fhoirgneamh a úsáidtear mar theaghais lena áitiú agus lena theachtadh ag an áititheoir féin i dteannta an fhoirgnimh nó na coda sin d’fhoirgneamh mar ghairdín nó mar thailte de chineál ornáideach a ghabhann leis nó léi;

ciallaíonn ‘méid sonraithe’, i ndáil le híocaíocht i leith caiteachas cáilitheach, 13.5 faoin gcéad de mhéid na híocaíochta ar a muirearaítear cáin bhreisluacha, faoi réir méid uasta €4,050, ar choinníoll, i gcás go ndéanfar níos mó ná íocaíocht amháin i leith caiteachas cáilitheach, nach mó ná €4,050 comhiomlán na méideanna sonraithe i leith na n-íocaíochtaí sin;

ciallaíonn ‘uimhir thagartha cánach’, i gcás pearsa aonair, uimhir PSP na pearsan aonair nó, i gcás cuideachta, an uimhir thagartha a luaitear ar aon fhoirm tuairisceáin ioncaim nó fógra measúnachta a d’eisigh na Coimisinéirí Ioncaim chuig an gcuideachta sin;

tá le ‘uimhir thagartha uathúil’ an bhrí a thugtar dó le fo-alt (4)(b);

ciallaíonn ‘uimhir chláraithe CBL’, i ndáil le duine, an uimhir chláraithe arna sannadh don duine faoi alt 65 den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010.

- (2) (a) Tá feidhm ag an alt seo maidir le caiteachas cáilitheach a thabhfófar ar obair cháilitheach a dhéanfar le linn na tréimhse ón 25 Deireadh Fómhair 2013 go dtí an 31 Nollaig 2015.
- (b) I gcás go ndéanfar íocaíochtaí i leith obair cháilitheach le linn na tréimhse ón 25 Deireadh Fómhair 2013 go dtí an 31 Nollaig 2013, measfar go ndearnadh na híocaíochtaí sin sa bhliain mheasúnachta 2014.
- (c) D’ainneoin mhír (a), i gcás go ndéanfar obair cháilitheach, ar gá cead a fháil ina leith faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2016 go dtí an 31 Márta 2016, ansin, ar choinníoll go ndeonófar an cead sin an 31 Nollaig 2015 nó roimhe, measfar go ndearnadh an obair sin sa bhliain mheasúnachta 2015.
- (3) (a) Faoi réir fhorálacha an ailt seo, i gcás go gcruthóidh pearsa aonair (dá ngairtear ‘an t-éilitheoir’ san alt seo), ar éileamh chuige sin a dhéanamh, go ndearna sé nó sí íocaíocht nó íocaíochtaí i mbliain mheasúnachta le conraitheoir cáilitheach i leith caiteachas cáilitheach lena mbaineann an t-alt seo, déanfar an cháin ioncaim a bheidh le muirearú ar an éilitheoir, seachas de réir alt 16(2), a laghdú—

- (i) i gcás na chéad bhliana measúnachta dá éis sin, de mhéid arb é an méid is lú díobh seo a leanas é—
- (I) 50 faoin gcéad de mhéid sonraithe na híocaíochta nó na n-íocaíochtaí, agus
- (II) an méid lena laghdófar cáin ioncaim na bliana measúnachta sin go nialas,
- agus
- (ii) i gcás na chéad bhliana measúnachta dá éis sin, de mhéid arb é an méid is lú díobh seo a leanas é—
- (I) an chuid sin den mhéid sonraithe nár úsáideadh sa bhliain mheasúnachta dá dtagraítear i bhfomhír (i), agus
- (II) an méid lena laghdófar cáin ioncaim na bliana measúnachta sin go nialas.
- (b) Sa mhéid go bhfuil aon chuid den mhéid sonraithe nach féidir í a úsáid faoi mhír (a) (dá ngairtear ‘faoiseamh barrachais’ sa mhír seo) de dheasca neamhdhóthanacht cánach ioncaim a muirearaíodh ar an éilitheoir sa dá bhliain mheasúnachta tar éis na bliana measúnachta ina ndearnadh an íocaíocht nó na híocaíochtaí dá dtagraítear i mír (a), déanfar an cháin ioncaim don bhliain mheasúnachta tar éis an dá bhliain mheasúnachta sin, agus mar sin de do gach bliain mheasúnachta dá éis sin, a laghdú den fhaoiseamh barrachais go dtí go mbeidh méid iomlán an fhaoisimh barrachais úsáidte, ar choinníoll nach mó méid an fhaoisimh barrachais a úsáidfear in aon bhliain mheasúnachta ná an méid lena laghdófar go nialas an cháin ioncaim arna muirearú ar an éilitheoir sa bhliain mheasúnachta sin.
- (c) Ní mó ná €4,050 an méid uasta faoisimh a bheidh ar fáil faoin alt seo i leith áit chónaithe cháilitheach.
- (d) Ní dhéanfar aon éileamh faoin alt seo mura mbeidh an íocaíocht nó, i gcás ina mbeidh níos mó ná íocaíocht amháin ann, comhiomlán na n-íocaíochtaí sin, i leith caiteachas cáilitheach a bheidh déanta le conraitheoir cáilitheach nó le conraitheoirí cáilitheacha comhionann le €5,000 nó níos mó ná sin.
- (e) I gcás go bhfostóidh pearsa aonair conraitheoir chun obair cháilitheach a dhéanamh, is ar an bpearsa aonair sin a bheidh an fhreagracht a bheith deimhin de gur conraitheoir cáilitheach an conraitheoir.
- (4) (a) Faoi réir mhír (c), déanfaidh conraitheoir, sula dtosóidh sé nó sí obair cháilitheach faoin alt seo, na nithe seo a leanas a sholáthar do na Coimisinéirí Ioncaim—
- (i) ainm an chonraitheora,

- (ii) uimhir thagartha cánach agus uimhir chláraithe CBL an chonraitheora,
 - (iii) an uimhir aitheantais uathúil arna sannadh de réir alt 27 den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), 2012 don mhaoin ar a bhfuil an obair cháilitheach le déanamh,
 - (iv) ainm an éilitheora,
 - (v) seoladh na maoine ag a ndéanfar an obair,
 - (vi) tuairisc ar an obair a bheidh le déanamh,
 - (vii) costas measta na hoibre a bheidh le déanamh, agus an méid cánach breisluacha á shonrú ar leithligh, agus
 - (viii) ré mheasta na hoibre, lena n-áirítear an dáta tosaigh measta agus an dáta deiridh measta.
- (b) Ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír (a) a fháil, déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim—
- (i) fógra a thabhairt don chonraitheoir, de réir mar a bheidh, á rá—
 - (I) gur conraitheoir cáilitheach an conraitheoir chun críochea an ailt seo agus beidh san fhógra sin uimhir le haghaidh na hoibre (dá ngairtear an ‘uimhir thagartha uathúil’ san alt seo), nó
 - (II) nach conraitheoir cáilitheach an conraitheoir chun críochea an ailt seo,
- agus
- (ii) i gcás gur conraitheoir cáilitheach an conraitheoir, fógra á rá sin a thabhairt don phearsa aonair lena mbaineann agus sonrófar san fhógra an uimhir thagartha uathúil le haghaidh na hoibre.
- (c) I gcás gur thosaigh conraitheoir cáilitheach obair cháilitheach an 25 Deireadh Fómhair 2013 nó dá éis ach sula ndéanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim na córais leictreonacha dá dtagraítear i bhfo-alt (10) a chur ar fáil, déanfaidh an conraitheoir an fhaisnéis a shonraítear i mír (a) a sholáthar do na Coimisinéirí Ioncaim laistigh de 28 lá ón tráth a chuirfear na córais leictreonacha sin ar fáil.
- (5) (a) Ar íocaíocht a fháil ón bphearsa aonair lena mbaineann i leith obair cháilitheach, ach tráth nach déanaí ná 10 lá oibre tar éis an íocaíocht sin a fháil, déanfaidh an conraitheoir—
- (i) an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar do na Coimisinéirí Ioncaim:
 - (I) ainm an chonraitheora;

- (II) uimhir thagartha cánach agus uimhir chláraithe CBL an chonraitheora;
- (III) an uimhir thagartha uathúil le haghaidh na hoibre;
- (IV) sonraí i dtaobh mhéid na híocaíochta, agus an méid cánach breisluacha á shonrú ar leithligh;
- (V) ainm na pearsa aonair óna bhfuarthas an íocaíocht;
- (VI) dáta na híocaíochta,

agus

- (ii) ráiteas a sholáthar don phearsa aonair ina dtaispeánfar méid na híocaíochta agus ina sonrú ar leithligh an méid cánach breisluacha.
- (b) I gcás go bhfaighidh conraitheoir cáilitheach íocaíocht ón bpearsa aonair i leith obair cháilitheach lena mbaineann an t-alt seo an 25 Deireadh Fómhair 2013 nó dá éis agus sula ndéanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim na córais leictreonacha dá dtagraítear i bhfo-alt (10) a chur ar fáil, déanfaidh an conraitheoir sin an fhaisnéis a shonraítear i mír (a) a sholáthar do na Coimisinéirí Ioncaim laistigh de 28 lá ón tráth a chuirfeadh na córais leictreonacha sin ar fáil.
- (6) Ar éileamh a dhéanamh faoin alt seo, soláthróidh an t-éilitheoir na nithe seo a leanas do na Coimisinéirí Ioncaim—
- (a) an fhaisnéis seo a leanas:
 - (i) a ainm nó a hainm agus a uimhir thagartha cánach nó a huimhir thagartha cánach;
 - (ii) an uimhir thagartha uathúil le haghaidh na hoibre;
 - (iii) an uimhir aitheantais uathúil arna sannadh de réir alt 27 den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), 2012 don mhaoin ar a ndearnadh an obair cháilitheach;
 - (iv) sonraí i dtaobh aon suim dá dtagraítear i mír (a) nó (b) d'fho-alt (7),

agus
 - (b) dearbhú (murab é a mhalairt atá i gceist) i leith gach íocaíochta den sórt sin á rá—
 - (i) go bhfuil méid na híocaíochta a chuir an conraitheoir cáilitheach in iúl do na Coimisinéirí Ioncaim faoi fho-alt (5)(a)(i)(IV) ag teacht le méid na híocaíochta a rinne an t-éilitheoir leis an gconraitheoir sin,
 - (ii) go bhfuil dáta na híocaíochta a chuir an conraitheoir cáilitheach in iúl do na Coimisinéirí Ioncaim faoi fho-alt (5)(a)(i)(V) ceart,

- (iii) gur obair cháilitheach a rinneadh ar áit chónaithe cháilitheach an éilitheora an obair ar ina leith a rinneadh íocaíocht leis an gconraitheoir cáilitheach,
 - (iv) gur críochnaíodh an obair ar ina leith a rinneadh íocaíocht leis an gconraitheoir cáilitheach,
 - (v) go bhfuair an conraitheoir láníocaíocht ón éilitheoir i leith na hoibre, agus
 - (vi) go raibh an mhaoín ar a ndearnadh an obair cháilitheach á háitiú ag an bpearsa aonair mar aon-áit nó mar phríomháit chónaithe aige nó aici ar an obair a chríochnú.
- (7) I gcás go bhfuair nó go bhfaighidh éilitheoir suim, i leith nó faoi threoir obair cháilitheach, go díreach nó neamhdhíreach—
- (a) ón Stát nó ó aon chomhlacht poiblí nó údarás áitiúil, nó
 - (b) faoi aon chonradh árachais nó trí chúiteamh nó ar shlí eile,
- ansin, chun críocha fho-alt (3)(a), déanfar méid aon íocaíochta nó íocaíochtaí, de réir mar a shonrófar san fhaisnéis a sholáthrófar do na Coimisinéirí Ioncaim faoi fho-alt (5), a dhéanfar i leith caiteachas cáilitheach ar an obair cháilitheach sin a laghdú—
- (i) i gcás mhír (a), de mhéid is comhionann le 3 oiread na suime a fuarthas nó ab infhaighte, agus
 - (ii) i gcás mhír (b), de mhéid is comhionann leis an tsuim a fuarthas nó ab infhaighte.
- (8) (a) Ní thabharfar faoiseamh faoin alt seo más rud é, maidir le ceanglais an Achta Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), 2012, i ndáil le tuairisceáin a thabhairt agus cáin mhaoine áitiúil a íoc—
- (i) nár comhlíonadh iad i leith na háite cónaithe cáilithí, nó
 - (ii) nár chomhlíon éilitheoir iad i leith aon mhaoín chónaithe iomchuí (seachas an áit chónaithe cháilitheach) ar duine dlíteanach é nó í an t-éilitheoir i ndáil léi.
- (b) San fho-alt seo, tá le ‘maoin chónaithe iomchuí’ agus ‘duine dlíteanach’ na bríonna céanna, faoi seach, atá leo san Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), 2012.
- (9) Chun críocha an ailt seo—
- (a) i gcás éilitheoir a mheasúnófar i leith cánach do bhliain mheasúnachta de réir alt 1017, maidir le haon íocaíocht i leith caiteachas cáilitheach le conraitheoir cáilitheach a rinne céile an éilitheora, a mbeadh céile an éilitheora i dteideal faoisimh ina leith faoin alt seo dá ndéanfaí an céile sin a mheasúnú i leith cánach don

bhliain mheasúnachta de réir alt 1016 (ar leith ó fho-alt (2) den alt sin), measfar go ndearna an t-éilitheoir í, agus

- (b) i gcás páirtneír sibhialta ainmnithe a mheasúnófar i leith cánach do bhliain mheasúnachta de réir alt 1031C, maidir le haon íocaíocht i leith caiteachas cáilitheach le conraitheoir cáilitheach a rinne an páirtneír sibhialta eile, a mbeadh an páirtneír sibhialta eile i dteideal faoisimh ina leith faoin alt seo dá ndéanfaí an páirtneír sibhialta eile a mheasúnú i leith cánach don bhliain mheasúnachta de réir alt 1031B (ar leith ó fho-alt (2) den alt sin), measfar go ndearna an páirtneír sibhialta ainmnithe í.
- (10) Aon éileamh, fógra, faisnéis nó dearbhú a cheanglaítear leis an alt seo a thabhairt, tabharfar é nó í trí mheán leictreonach agus trí cibé córais leictreonacha a chuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim ar fáil de thuras na huaire chun aon chríche den sórt sin, agus beidh feidhm ag na forálacha iomchuí de Chaibidil 6 de Chuid 38.
- (11) I gcás go dtabhóidh 2 éilitheoir nó níos mó caiteachas cáilitheach i ndáil le hobair cháilitheach ar áit chónaithe cháilitheach, ansin, ach amháin i gcás go mbeidh feidhm ag fo-alt (9), d'fhonn an méid sonraithe a chionroinnt, beidh gach éilitheoir i dteideal méid a mbeidh idir é agus an méid sonraithe an chomhréir chéanna a bheidh idir an caiteachas cáilitheach arna thabú ag an éilitheoir ar an áit chónaithe cháilitheach agus an caiteachas cáilitheach iomlán arna thabú ar an áit chónaithe sin.
- (12) Ní bheidh ar áireamh i gcaiteachas ar ina leith atá éilitheoir i dteideal faoisimh faoin alt seo aon chaiteachas ar ina leith atá an t-éilitheoir sin i dteideal asbhainte, faoisimh nó liúntais faoi aon fhoráil eile de na hAchtanna Cánach nó den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010.
- (13) Aon ní a cheanglaítear ar na Coimisinéirí Ioncaim a dhéanamh leis an alt seo nó faoi, seachas rialacháin a dhéanamh, féadfaidh aon oifigeach Ioncaim é a dhéanamh.
- (14) (a) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim rialacháin a dhéanamh chun críocha an ailt seo agus maidir leis rialacháin sin—
- (i) sonrófar iontu an modh ar a ndéanfaidh conraitheoirí an fhaisnéis a cheanglaítear a thabhairt faoi fho-ailt (4) agus (5) a sholáthar do na Coimisinéirí Ioncaim,
 - (ii) sonrófar iontu an modh ar a ndéanfaidh éilitheoir an fhaisnéis agus an dearbhú a cheanglaítear a thabhairt faoi fho-alt (6) a sholáthar do na Coimisinéirí Ioncaim,
 - (iii) sonrófar iontu an modh ar a n-eiseoidh na Coimisinéirí Ioncaim fógraí faoi fho-alt (4)(b)(ii), agus
 - (iv) déanfar foráil leo maidir le cibé nithe eile, a bhaineann leis an bhfaisnéis a cheanglaítear a thabhairt faoi fho-ailt (4)(a) agus (5)(a) agus leis an bhfaisnéis agus leis an dearbhú a

cheanglaítear a thabhairt faoi fho-alt (6), is dóigh leis na Coimisinéirí Ioncaim is gá agus is cuí chun críocha an ailt seo agus a shonrófar sna rialacháin.

- (b) Féadfaidh cibé forálacha teagmhasacha, forlíontacha nó iarmhartacha a bheith i rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo is dealraitheach do na Coimisinéirí Ioncaim is gá nó is fóirsteanach—
 - (i) chun a chumasú do dhaoine a n-oibleagáidí faoin alt seo nó faoi rialacháin arna ndéanamh faoin alt seo a chomhlíonadh, nó
 - (ii) chun éifeacht a thabhairt do chur i ngníomh cuí agus d'oibriú éifeachtach fhorálacha an ailt seo nó rialachán arna ndéanamh faoin alt seo.
- (c) Aon rialacháin a dhéanfar faoin alt seo, leagfar iad faoi bhráid Dháil Éireann a luaithe is féidir tar éis a ndéanta agus, má dhéanann Dáil Éireann, laistigh den 21 lá a shuífidh Dáil Éireann tar éis na rialacháin a leagan faoina bráid, rún a rith ag neamhniú na rialachán, beidh na rialacháin ar neamhní dá réir sin ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin fúthu.”

agus

- (b) i Sceideal 29, i gcolún 3, trí “alt 477B” a chur isteach i ndiaidh “alt 267B”.

Faoiseamh don lucht dífhostaithe fadtéarma a thosaíonn gnó

6. Leasaítear Caibidil 1 de Chuid 15 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 472A:

“472AA. (1) San alt seo—

ciallaíonn ‘Acht 2005’ an tAcht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005;

ciallaíonn ‘bonntréimhse’, i ndáil le bliain mheasúnachta, an tréimhse ar ar a brabús nó a gnóchain atá cáin ioncaim don bhliain mheasúnachta le ríomh go críochnaitheach faoi na hAchtanna Cánach Ioncaim;

tá le ‘tréimhse leanúnach dífhostaíochta’ an bhrí a shanntar dó in alt 141(3) d’Acht 2005;

ciallaíonn ‘ranníocaíocht chreidiúnúcháin’ ranníocaíocht chreidiúnúcháin dá bhforáiltear le rialacháin arna ndéanamh faoi alt 33 d’Acht 2005;

ciallaíonn ‘gnó nua’ trádáil nó gairm arna bunú agus arna tionscnamh ag pearsa aonair cháilitheach le linn na tréimhse dar tosach an 25 Deireadh Fómhair 2013 agus dar críoch an 31 Nollaig 2016, seachas trádáil nó gairm—

- (a) a bhí á seoladh roimhe sin ag duine eile agus ar tháinig an phearsa aonair cháilitheach i gcomharbas uirthi, nó
- (b) a raibh a gníomhaíochtaí á seoladh roimhe sin mar chuid de thrádáil nó de ghairm duine eile;

ciallaíonn ‘persa aonair cháilitheach’ persa aonair a thionscnaíonn gnó nua agus—

- (a) (i) a bhí dífhostaithe go leanúnach ar feadh na tréimhse 12 mhí díreach roimh an ngnó sin a thionscnamh agus a bhí, i leith na tréimhse dífhostaíochta sin, i dteideal ranníocaíochtaí creidiúnúcháin, nó
- (ii) i leith tréimhse leanúnach dífhostaíochta nach giorra ná 312 lá díreach roimh an ngnó sin a thionscnamh—
 - (I) a raibh sochar cuardaitheora poist á fháil aige nó aici faoi Chaibidil 12 de Chuid 2 d’Acht 2005,
 - (II) a raibh líuntas cuardaitheora poist á fháil aige nó aici faoi Chaibidil 2 de Chuid 3 d’Acht 2005,
 - (III) a raibh íocaíocht teaghlaigh aontuismitheora á fáil aige nó aici faoi Chaibidil 7 de Chuid 3 d’Acht 2005, nó
 - (IV) a raibh íocaíocht cumais pháirtigh á fáil aige nó aici faoi Chaibidil 8A de Chuid 2 d’Acht 2005,

agus

- (b) nach raibh ina phearsa aonair cháilitheach nó ina persa aonair cháilitheach roimhe sin chun críocha an ailt seo;

ciallaíonn ‘tréimhse cháilitheach’ tréimhse 24 mhí dar tosach an dáta a thionscain an phearsa aonair cháilitheach gnó nua;

ciallaíonn ‘íocaíocht dífhostaíochta’ íocaíocht sochair cuardaitheora poist nó líuntais cuardaitheora poist is iníoctha faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh.

(2) Chun críocha an mhínithe ar ‘persa aonair cháilitheach’ i bhfo-alt (1)—

- (a) maidir le haon tréimhse ina mbeidh persa aonair ag freastal ar scéim nó clár fostaíochta nó taithe oibre, nó ar chúrsa oideachais, oiliúna nó forbartha, nó rannpháirteach sa chéanna, i gcás go mbeidh scéim, clár nó cúrsa den sórt sin ceadaithe chun críocha na míre seo ag an Aire Coimirce Sóisialaí nó ag an Aire Oideachais agus Scileanna, le toiliú an Aire Airgeadais, measfar gur cuid de thréimhse leanúnach dífhostaíochta í chun críocha an ailt seo,
- (b) maidir le haon íocaíocht i leith tréimhse freastail ar scéim, clár nó cúrsa a luaitear i mír (a), nó tréimhse rannpháirtíochta sa chéanna, measfar gur íocaíocht dífhostaíochta í chun críocha an ailt seo má bhí íocaíocht dífhostaíochta á fáil ag an bpersa aonair cháilitheach lena mbaineann díreach roimh thosach na tréimhse sin, agus
- (c) ní dhéileálfar mar lá dífhostaíochta le haon Domhnach in aon tréimhse laethanta comhleanúnacha agus tabharfar neamhaird air le linn aon tréimhse den sórt sin a ríomh.

(3) Faoi réir an ailt seo, más rud é, ar éileamh a dhéanamh, go gcruthóidh persa aonair gur persa aonair cháilitheach é nó í, beidh sé nó sí i dteideal, in aon bhliain mheasúnachta a bheidh go hiomlán nó go páirteach laistigh den tréimhse

cháilitheach, méid atá comhionann leis an méid dá dtagraítear i bhfo-alt (4) a asbhaint ó bhrabúis nó ghnóchain an ghnó nua nó a fhritháireamh i gcoinne bhrabúis nó ghnóchain an ghnó nua ar a measúnófar an phearsa aonair sin faoi Chás I nó faoi Chás II de Sceideal D.

- (4) Is méid atá comhionann leis an méid is lú díobh seo a leanas an méid dá dtagraítear i bhfo-alt (3)—

$$\frac{A \times B}{C}$$

nó

$$\frac{€40,000 \times B}{12}$$

i gcás—

gurb é A brabúis nó gnóchain an ghnó nua ar a muirearófaí cáin sa bhliain mheasúnachta murach an t-alt seo,

gurb é B an líon míonna nó codán de mhíonna sa bhliain mheasúnachta atá laistigh den tréimhse cháilitheach, agus

gurb é C an líon míonna nó codán de mhíonna sa bhonntréimhse don bhliain mheasúnachta.

- (5) D’ainneoin aon fhoráil eile de na hAchtanna Cánach, tabharfar éifeacht d’asbhaint nó do fhritháireamh faoi fho-alt (4) i dtosaíocht ar aon fhaoiseamh faoi alt 382 agus aon liúntas arna dhéanamh i leith an ghnó nua de réir Chuid 9.
- (6) I gcás go dtionscnóidh pearsa aonair cháilitheach 2 ghnó nua nó níos mó, ní mó an asbhaint iomlán a bheidh ar fáil faoin alt seo ná €40,000 do bhliain mheasúnachta.
- (7) D’ainneoin aon fhoráil eile de na hAchtanna Cánach, is duine inmhuirearaithe de réir bhrí alt 959A pearsa aonair a dhéanfaidh éileamh faoin alt seo.”.

Creidmheas do chúramóir linbh is duine singil

7. (1) Leasaítear an Príomh-Acht—

- (a) in alt 3, sa mhíniú ar “creidmheas cánach pearsanta”, trí “462B” a chur in ionad “462”,
- (b) in alt 7(2), trí “faoi alt 462B” a chur in ionad “faoi alt 462”,
- (c) in alt 15(2)(b), trí “in alt 462B” a chur in ionad “in alt 462”,
- (d) in alt 188(2A)(b), trí “chun críocha alt 462B, ach sin gan féachaint d’fho-ailt (1)(b), (1)(c), (3) agus (5)” a chur in ionad “chun críocha alt 462, ach sin gan féachaint d’fho-ailt (1)(b), (2) agus (3)”,
- (e) i gCuid 2 den Tábla a ghabhann le halt 458, trí “Alt 462B” a chur in ionad “Alt 462”,
- (f) in alt 461A, trí “lena mbaineann alt 462B” a chur in ionad “lena mbaineann alt 462”,

(g) in alt 462, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

“(6) Scoirfidh an t-alt seo d’fheidhm a bheith aige don bhliain mheasúnachta 2014 agus do bhlianta measúnachta dá héis.”,

(h) tríd an alt seo a leanas a chur isteach roimh alt 463:

“Creidmheas do chúramóir linbh is duine singil

462B. (1) (a) San alt seo—

ciallaíonn ‘ordú’, i ndáil le leanbh, ordú arna dhéanamh ag an gcúirt faoi alt 11 den Acht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964 lena ndeonaítear coimeád an linbh d’athair agus do mháthair an linbh i gcomhpháirt;

ciallaíonn ‘leanbh cáilitheach’, i ndáil le haon éilitheoir príomha agus le haon bhliain mheasúnachta, leanbh—

(i) a bheirtear sa bhliain mheasúnachta,

(ii) atá faoi bhun 18 mbliana d’aois ag tús na bliana measúnachta, nó

(iii) má tá sé nó sí os cionn 18 mbliana d’aois ag tús na bliana measúnachta—

(I) a bhfuil teagasc lánaimseartha á fháil aige nó aici in aon ollscoil, coláiste, scoil nó foras oideachais eile, nó

(II) atá buanéagumasaithe, mar gheall ar éigléocht mheabhrach nó choirp, ar é féin nó í féin a chothabháil agus gur tháinig sé nó sí chun bheith buanéagumasaithe amhlaidh sula raibh 21 bhliain d’aois slánaithe aige nó aici nó gur tháinig sé nó sí chun bheith buanéagumasaithe amhlaidh tar éis dó nó di 21 bhliain d’aois a shlánú ach sin le linn dó nó di teagasc lánaimseartha a fháil,

agus—

(A) ar leanbh de chuid an éilitheora phríomha é nó í, nó

(B) nach leanbh den sórt sin é nó í, atá faoi choimeád an éilitheora phríomha, agus atá á chothabháil nó á chothabháil ag an éilitheoir príomha ar chostas an éilitheora phríomha féin ar feadh na bliana measúnachta nó an chuid is mó di nó, i leith leanbh a bheirtear sa bhliain mheasúnachta, ar feadh an chuid is mó den tréimhse atá fágtha sa bhliain mheasúnachta sin ó dháta breithe an linbh sin.

(b) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le pearsa aonair nach bhfuil i dteideal bunchreidmheas pearsanta dá dtagraítear i mír (a) nó (b) d’alt 461.

(c) Ní bheidh feidhm ag an alt seo d’aon bhliain mheasúnachta—

(i) i gcás ceachtar páirtí i bpósadh mura rud é—

- (I) go bhfuil na páirtithe idirscartha faoi ordú ó chúirt dlínse inniúla nó trí ghníomhas idirscartha, nó
- (II) go bhfuil siad idirscartha iarbhír in imthosca inar dóigh don idirscaradh a bheith buan,
- (ii) i gcás ceachtar páirtneír sibhialta i bpáirtneireacht shibhialta mura bhfuil na páirtneírí sibhialta ina gcónaí ar leithligh in imthosca nach dócha go mbeidh athmhuintearas ann, nó
- (iii) i gcás comhchónaitheoirí.
- (2) (a) Tá feidhm ag an mír seo maidir le pearsa aonair (dá ngairtear ‘an t-éilitheoir príomha’ san alt seo), is pearsa aonair lena mbaineann an t-alt seo, a chruthaíonn, maidir le bliain mheasúnachta, go bhfuil cónaí ar leanbh cáilitheach leis nó léi don bhliain mheasúnachta iomlán nó don chuid is mó di nó, i leith leanbh a bheirtear sa bhliain mheasúnachta sin, don chuid is mó den thréimhse atá fágtha sa bhliain mheasúnachta sin ó dháta breithe an linbh sin, ar choinníoll, i gcás go bhfuil leanbh ina ábhar nó ina hábhar d’ordú agus go bhfuil cónaí ar an leanbh le gach duine de na tuismitheoirí do chuid chomhionann den bhliain mheasúnachta, go mbeidh feidhm ag an mír seo maidir le cibé duine de na tuismitheoirí dá dtagraítear san ordú sin a fhaigheann an íocaíocht sochair linbh a dhéantar faoi Chuid 4 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005.
- (b) Tá feidhm ag an mír seo maidir le pearsa aonair (dá ngairtear ‘an t-éilitheoir tánaisteach’ san alt seo), is pearsa aonair lena mbaineann an t-alt seo, a chruthaíonn, maidir le bliain mheasúnachta, go bhfuil cónaí ar leanbh cáilitheach de chuid éilitheora phríomha leis nó léi do thréimhse nach giorra, nó do thréimhsí nach giorra sa chomhiomlán, ná 100 lá.
- (3) Faoi réir fho-alt (5), beidh pearsa aonair lena mbaineann fo-alt (2)(a) i dteideal creidmheas cánach €1,650 (dá ngairtear ‘creidmheas do chúramóir linbh is duine singil’ san alt seo).
- (4) Faoi réir fho-alt (5) agus d’ainneoin fho-alt (3), más rud é, d’aon bhliain mheasúnachta, go mbeadh éilitheoir príomha i dteideal creidmheas do chúramóir linbh is duine singil murach gur thug sé uaidh nó gur thug sí uaidh, san fhoirm a bheidh sonraithe ag na Coimisinéirí Ioncaim, a éileamh nó a héileamh ar an gcreidmheas sin, beidh éilitheoir tánaisteach i dteideal éileamh a dhéanamh ar chreidmheas do chúramóir linbh is duine singil i leith an linbh cháilithigh lena mbaineann.
- (5) Ní bheidh teideal ag éilitheoir faoin alt seo ach chun aon chreidmheas amháin do chúramóir linbh is duine singil i leith aon bhliain mheasúnachta is cuma cén líon leanaí cáilitheacha a bhfuil cónaí orthu leis an éilitheoir an bhliain sin.
- (6) (a) Folóidh na tagairtí i bhfo-alt (1)(a) do leanbh a bhfuil teagasc lánaimseartha á fháil aige nó aici i bhforas oideachais tagairtí do leanbh atá á oiliúint nó á hoiliúint ag aon duine (dá ngairtear ‘an fostóir’ san fho-alt seo) d’aon cheird nó gairm in imthosca de shórt go bhfuil ar an

leanbh a chuid ama go léir nó a cuid ama go léir a chaitheamh leis an oiliúint ar feadh tréimhse nach giorra ná 2 bhliain.

(b) Chun críocha éileamh maidir le leanbh atá á oiliúint nó á hoiliúint, féadfaidh an cigire a cheangal ar an bhfostóir sonraí i dtaobh oiliúint an linbh a thabhairt i cibé foirm a fhorordóidh na Coimisinéirí Ioncaim.

(7) I gcás go n-éireoidh aon cheist i dtaobh teideal a bheith ag aon duine chun creidmheas do chúramóir linbh is duine singil i leith leanbh atá os cionn 18 mbliana d’aois mar leanbh a bhfuil teagasc lánaimseartha dá dtagraítear san alt seo á fháil aige nó aici, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim dul i gcomhairle leis an Aire Oideachais agus Scileanna.

(8) Chun críocha an ailt seo, measfar go bhfuil cónaí ar leanbh le pearsa aonair ar feadh aon lá i gcás go bhfuil cónaí amhlaidh ar an leanbh ar feadh an chuid is mó den lá sin.”,

(i) in alt 463(1), tríd an míniú seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “leanbh cáilitheach”:

“tá le ‘leanbh cáilitheach’, i ndáil le héilitheoir agus bliain mheasúnachta, an bhrí chéanna atá leis in alt 462B, agus déanfar an cheist i dtaobh an leanbh cáilitheach leanbh a chinneadh ar an mbonn céanna ar a gcinnfí í chun críocha alt 462B, agus beidh feidhm ag fo-ailt (5), (6) agus (7) den alt sin dá réir sin.”,

(j) in alt 1023(1), trí “462B” a chur in ionad “462”, agus

(k) in alt 1031H(1), trí “462B” a chur in ionad “462”.

(2) Beidh feidhm ag *míreanna (a) go (f) agus (h) go (k) d’fho-alt (1)* don bhliain mheasúnachta 2014 agus do bhlianta measúnachta dá héis.

Leasú ar alt 470 den Phríomh-Acht (faoiseamh i leith árachas in aghaidh costas tinnis)

8. (1) Leasaítear alt 470 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1)—

(a) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘leanbh’ pearsa aonair atá faoi bhun 18 mbliana d’aois nó, má tá sé nó sí os cionn 18 mbliana d’aois agus faoi bhun 23 bliana d’aois, a bhfuil oideachas lánaimseartha á fháil aige nó aici agus ar ina leith a laghdaíodh an íocaíocht faoi chonradh iomchuí de réir mhír (a)(ii) nó (b)(i) d’alt 7(5) den Acht Árachais Sláinte, 1994;”,

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “conradh iomchuí”:

“ciallaíonn ‘conradh iomchuí’ conradh árachais lena ndéantar foráil go sonrach, cibé acu i dteannta sochair eile nó nach ea, go ndéanfar—

(a) costais sláinte iarbhír (de réir bhrí alt 469) a aisíoc nó a urscaoileadh, go hiomlán nó go páirteach, ar conradh árachais liachta é, nó

- (b) costais fiacloireachta seachas costais i leith gnáth-dhéadchóireála (de réir bhrí alt 469) a aisíoc nó a urscaoileadh, go hiomlán nó go páirteach, ar conradh árachais fiacloireachta é;”,

agus

- (c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “méid infhaoisimh”:

“ciallaíonn ‘méid infhaoisimh’, i ndáil le híocaíocht le hárachóir údaraithe faoi chonradh iomchuí—

- (a) i gcás nach gcumhdaíonn an íocaíocht aon sochair seachas an aisíocaíocht nó an t-urscaoileadh sin dá dtagraítear sa mhíniú ar ‘conradh iomchuí’, méid atá comhionann le méid iomlán na híocaíochta arna laghdú den mhéid creidmheasa atá dlite (más ann) faoi alt 470B(4) agus den mhéid creidmheasa atá dlite (más ann) faoi scéim um chothromú fiontar (de réir bhrí an Achta Árachais Sláinte, 1994), nó

- (b) i gcás go gcumhdaíonn an íocaíocht sochair seachas an aisíocaíocht nó an t-urscaoileadh sin dá dtagraítear sa mhíniú sin, méid atá comhionann leis an oiread sin den íocaíocht is inchurtha i leith na haisíocaíochta sin nó an urscaoilte sin arna laghdú den mhéid creidmheasa atá dlite (más ann) faoi alt 470B(4) agus den mhéid creidmheasa atá dlite (más ann) faoi scéim um chothromú fiontar (de réir bhrí an Achta Árachais Sláinte, 1994),

ar choinníoll, maidir le conradh iomchuí arna athnuachan nó arna dhéanamh an 16 Deireadh Fómhair 2013 nó dá éis, nach mó an méid infhaoisimh i leith aon íocaíocht a dhéantar faoi chonradh iomchuí, i leith aon tréimhse 12 mhí a chumhdaítear leis an gconradh sin, ná comhiomlán na méideanna seo a leanas—

- (i) an méid is lú díobh seo a leanas, eadhon, an méid infhaoisimh is inchurtha i leith gach pearsan aonair, seachas leanbh, lena mbaineann an conradh iomchuí, nó €1,000 i leith gach pearsan aonair, agus

- (ii) an méid is lú díobh seo a leanas, eadhon, an méid infhaoisimh is inchurtha i leith gach linbh lena mbaineann an conradh iomchuí, nó €500 i leith gach linbh,

agus i gcás gur conradh le haghaidh tréimhse is giorra ná 12 mhí é nó gur conradh 12 mhí é agus go bhfoirceannfar é roimh dheireadh na tréimhse sin é, laghdófar an méid infhaoisimh go comhréireach.”.

- (2) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le conarthaí iomchuí (de réir bhrí alt 470 den Phríomh-Acht) arna n-athnuachan nó arna ndéanamh an 16 Deireadh Fómhair 2013 nó dá éis.

Leasú ar alt 469 den Phríomh-Acht (faoiseamh i leith costais sláinte)

9. Leasaítear alt 469 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1)—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhíithe ar “síceolaí oideachais”:

“ciallaíonn ‘síceolaí oideachais’ síceolaí a bhfuil saineolas ar oideachas mac léinn aige nó aici;”,

agus

(b) tríd an míniú ar “teiripeoir urlabhra agus teanga” a scriosadh.

Díolúine i leith liúntas bliantúil do chomhaltaí cúltaca den Gharda Síochána

10. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 204:

“204A. Beidh an liúntas bliantúil is iníoctha faoi Rialachán 15 de Rialacháin an Gharda Síochána (Comhaltaí Cúltaca), 2006 (I.R. Uimh. 413 de 2006) díolmhaithe ó cháin ioncain agus ní áireofar é le linn ioncam a ríomh chun críocha na nAchtanna Cánach Ioncain.”.

Sochar comhchineáil: toisí méadracha a chur i bhfeidhm

11. Leasaítear alt 6 den Acht Airgeadais (Uimh. 2), 2008—

(a) i bhfo-alt (1)—

(i) i mír (b)(i), trí “2014” a chur in ionad “2009”,

(ii) i mír (d), trí “2014” a chur in ionad “2009”,

(iii) i mír (f)(ii), trí “2014” a chur in ionad “2009”, agus

(iv) i mír (g)(ii), trí “2014” a chur in ionad “2009”,

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) (a) Beidh feidhm ag míreanna (a), (b)(i), (c)(i), (c)(ii), (c)(iii) (a cuireadh isteach le halt 159 den Acht Airgeadais, 2010 agus le Sceideal 4(5) a ghabhann leis an Acht sin), (d), (f) agus (g) d’fho-alt (1) amhail ar an agus ón 1 Eanáir 2014.

(b) Tiocfaidh míreanna (b)(ii), (c)(iii) agus (e) d’fho-alt (1) i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú nó le horduithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.”.

Leasú ar alt 126 den Phríomh-Acht (mar a dhéileálfar, ó thaobh cánach, le sochair áirithe is iníoctha faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh)

12. Leasaítear alt 126 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2A):

“(2B) D’ainneoin fhorálacha alt 112(1), i gcás go ndéanfar méadú ar mhéid pinsin lena mbaineann alt 112, 113, 117 nó 157, de réir mar a bheidh, den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005 a íoc i leith aosach cáilithe (de réir

bhrí na nAchtanna), déileálfar leis an méadú sin, chun críocha uile na nAchtanna Cánach Ioncaim, amhail is dá n-eascródh sé chuig an tairbhí dá dtagraítear sna hailt sin den Acht sin agus dá mbeadh sé iníoctha leis nó léi.”.

Leasú ar alt 472D den Príomh-Acht (faoiseamh d’fhostaithe ríthábhachtacha atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí taighde agus forbartha)

13. Leasaítear alt 472D den Príomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1), i mír (b) den mhíniú ar “fostaí ríthábhachtach”, trí “a dhíolaíochtaí nó a díolaíochtaí” a chur in ionad “na ndíolaíochtaí”,

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) (a) Más rud é, maidir le tréimhse chuntasaíochta, go ngéillfidh fostóir iomchuí méid faoi alt 766(2A) chun tairbhe d’fostaí ríthábhachtach, ansin, faoi réir fho-alt (3), ar éileamh a dhéanamh, beidh an fostaí sin i dteideal go ndéanfar an cháin ioncaim a mhuirearófar ar a dhíolaíochtaí iomchuí nó ar a díolaíochtaí iomchuí do bhliain chánach a laghdú don bhliain chánach sin den mhéid a ghéillfear.

(b) Is é atá sa bhliain chánach dá dtagraítear i mír (a) an bhliain chánach tar éis na bliana cánach ar lena linn a chríochnaíonn tréimhse chuntasaíochta an fhostóra iomchuí arb í an tréimhse chuntasaíochta dá dtagraítear sa mhír sin í.

(c) D’ainneoin nach fostaí ríthábhachtach de chuid na cuideachta a ghéill méid dá dtagraítear i mír (a) fostaí a thuilleadh don bhliain chánach ar ina leith a dhéanfar éileamh faoin alt seo, ach gur fostaí é nó í de chuid na cuideachta sin, ansin beidh sé nó sí i dteideal go ndéanfar an cháin ioncaim a mhuirearófar ar dhíolaíochtaí ón gcuideachta sin don bhliain chánach sin a laghdú den mhéid dá dtagraítear amhlaidh.”,

(c) i bhfo-alt (3)—

(i) i mír (a)—

(I) trí “ar ioncam iomlán an fhostaí lena mbaineann nó” a chur in ionad “ar ioncam iomlán fostaí ríthábhachtaigh lena n-áirítear”, agus

(II) trí “applies” a chur in ionad “apply” sa leagan Béarla,

agus

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) Tá feidhm ag mír (a) freisin más rud é—

(i) go bhfuil feidhm ag mír (a) nó (b) d’fho-alt (4), nó

(ii) go bhfuil feidhm ag fo-alt (2) agus mír (a) nó (b) d’fho-alt (4) don bhliain chánach chéanna.”,

(d) i bhfo-alt (4)(a), trí “a dhíolaíochtaí nó a díolaíochtaí ón bhfostóir sin” a chur in ionad “a dhíolaíochtaí iomchuí nó a díolaíochtaí iomchuí” gach áit,

(e) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (6):

“(6) Ní thabharfar aon laghdú ar cháin ioncaim faoin alt seo d’aon bhliain chánach mura mbeidh an cháin go léir is inasbhainte don bhliain chánach sin as díolaíochtaí a d’íoc an fostóir leis an bhfostaí dár géilleadh an méid curtha ar aghaidh ag an bhfostóir sin chuig an Ard-Bhailitheoir de réir rialacháin arna ndéanamh faoi Chaibidil 4 de Chuid 42.”,

(f) trí fho-ailt (7) agus (8) a scriosadh, agus

(g) i bhfo-alt (9), trí “go ndéanfaidh pearsa aonair éileamh ar fhaoiseamh faoin alt seo nó go ndéanfar an cháin ioncaim arna muirearú ar a dhíolaíochtaí nó ar a díolaíochtaí a laghdú de dhroim éileamh faoin alt seo” a chur in ionad “go ndéanfaidh pearsa aonair éileamh ar fhaoiseamh faoin alt seo”.

Leasú ar alt 473A den Phríomh-Acht agus ar Sceideal 29 a ghabhann leis (faoiseamh i leith táillí arna n-íoc i leith oideachas tríú leibhéal, etc.)

14. Leasaítear an Príomh-Acht—

(a) in alt 473A—

(i) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

“(4) Chun críocha an ailt seo, maidir le híocaíocht i leith táillí cáilitheacha, measfar nach ndearnadh í—

(a) a mhéid a fuair nó a gheobhaidh an phearsa aonair nó, de réir mar a bheidh, an duine atá, nó a bhí, ag gabháil don chúrsa, aon suim i leith nó faoi threoir na dtáillí sin, go díreach nó go neamhdhíreach, ó fhoinsé ar bith ar mhodh deontais, scoláireachta nó ar shlí eile, nó

(b) a mhéid a dhéanfaidh coláiste ceadaithe aon suim i leith nó faoi threoir na dtáillí sin a aisíoc nó a aisíoc go páirteach.”,

agus

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (9):

“(10) I gcás go ndéanfaidh coláiste ceadaithe aon táillí is ábhar d’éileamh ar fhaoiseamh faoin alt seo a aisíoc nó a aisíoc go páirteach, beidh sé de dhualgas ar an bpearsa aonair a dhéanfaidh an t-éileamh fógra a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim laistigh de 21 lá ón aisíocaíocht sin a fháil á rá go bhfuarthas an aisíocaíocht.”,

agus

(b) i Sceideal 29, i gcolún 3, trí “alt 473A” a chur isteach i ndiaidh “alt 267B”.

Leasú ar alt 480A den Phríomh-Acht (faoiseamh i leith ioncam áirithe de chuid spórtairí áirithe ar scor dóibh)

15. (1) Leasaítear alt 480A den Phríomh-Acht—

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (1) go (4):

“(1) San alt seo—

ciallaíonn ‘bonntréimhse’, i ndáil le bliain mheasúnachta, an tréimhse ar ar a brabúis nó a gnóchain a bheidh cáin ioncaim don bhliain mheasúnachta le ríomh go críochnaitheach faoi na hAchtanna Cánach Ioncaim;

ciallaíonn ‘Comhaontú LEE’ an Comhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a síníodh in Oporto an 2 Bealtaine 1992, arna choigeartú leis na leasuithe go léir ina dhiaidh sin ar an gComhaontú sin;

ciallaíonn ‘stát de chuid LEE’ stát, seachas an Stát, is páirtí conarthach i gComhaontú LEE;

ciallaíonn ‘stát de chuid CSTE’ stát, seachas stát de chuid LEE, is ball de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa;

ciallaíonn ‘pearsa aonair iomchuí’ pearsa aonair—

- (a) a bhí ag gabháil do shlí bheatha shonraithe nó a sheol gairm shonraithe,
- (b) a chomhlíon na hAchtanna Cánach Ioncaim, agus
- (c) a bhfuil cónaí air nó uirthi sa Stát, i stát de chuid LEE nó i stát de chuid CSTE sa bhliain scoir;

ciallaíonn ‘tréimhse iomchuí’ an bhliain scoir agus na 14 bliana measúnachta díreach roimh an mbliain scoir;

ciallaíonn ‘blianta iomchuí’ na blianta measúnachta arna sonrú ag an bpearsa aonair iomchuí, nach mó ná 10 mbliana measúnachta, sa tréimhse iomchuí;

ciallaíonn ‘bliain scoir’ an bhliain mheasúnachta ar ina leith a chruthaíonn an phearsa aonair iomchuí, chun sástacht na gCoimisinéirí Ioncaim, gur scoir sé nó sí go buan, sa bhliain mheasúnachta sin, de bheith ag gabháil do shlí bheatha shonraithe nó de ghairm shonraithe a sheoladh;

ciallaíonn ‘slí bheatha shonraithe’ agus ‘gairm shonraithe’ slí bheatha nó gairm, de réir mar a bheidh, a shonraítear i Sceideal 23A.

- (2) D’ainneoin aon fhoráil eile de na hAchtanna Cánach Ioncaim seachas alt 960H, tá feidhm ag an alt seo maidir le pearsa aonair iomchuí a scoir go buan de bheith ag gabháil do shlí bheatha shonraithe nó de ghairm shonraithe a sheoladh.
- (3) I gcás go mbeidh feidhm ag an alt seo, beidh an phearsa aonair iomchuí, ar éileamh a dhéanamh chuige sin, laistigh de 4 bliana ó dheireadh na bliana scoir, i dteideal go ndéanfar asbhaintí as a ioncam iomlán nó as a hioncam iomlán do na blianta iomchuí.
- (4) (a) Beidh feidhm ag fo-alt (3) d’ainneoin aon teorainn in alt 865(4) leis an tréimhse ama ar laistigh di a cheanglaítear éileamh ar aisíoc cánach a dhéanamh.

- (b) Ní choiscfidh alt 865(6) ar na Coimisinéirí Ioncaim méid cánach a aisíoc de dhroim éileamh tráthúil ar fhaoiseamh faoin alt seo i gcás go ndearnadh éileamh bailí ar aisíoc cánach (de réir bhrí alt 865(1)(b)).”,

agus

- (b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (7):

“(7) Déanfar éileamh faoin alt seo—

- (a) i gcás go gceanglófar ar an bpearsa aonair iomchuí tuairisceán ar ioncam a chur isteach an bhliain scoir, trí éileamh a chur san áireamh sa tuairisceán ar ioncam, nó
- (b) i gcás nach gceanglófar ar an bpearsa aonair iomchuí tuairisceán ar ioncam a chur isteach an bhliain scoir, trí éileamh a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim.”.

- (2) Tá feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le daoine do scor, an 1 Eanáir 2014 nó dá éis, de shlite beatha nó de ghairmeacha, de réir mar a bheidh, a shonraítear i Sceideal 23A a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

Teorainn a chur le méid faoiseamh áirithe a mbaineann pearsana aonair áirithe a thuilleann mórioncam leas astu

16. Leasaítear an Príomh-Acht—

- (a) i Sceideal 25B—

- (i) sa ní atá leagtha amach os coinne uimhir thagartha 47A, trí “d’alt 490, i gcás go ndéantar an suibscríobh le haghaidh scaireanna incháilithe an 15 Deireadh Fómhair 2013, nó roimhe, nó an 1 Eanáir 2017, nó dá éis” a chur in ionad “d’alt 490”, agus

- (ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh an ní atá leagtha amach os coinne uimhir thagartha 15B:

“

| | | |
|------|--|---|
| 15C. | Alt 284 (liúntais caithimh agus cuimilte), faoi réir alt 485C(1B). | Méid is comhionann leis an méid liúntas caithimh agus cuimilte (de réir bhrí alt 284) a tugadh do phearsa aonair i ndáil le gléasra agus innealra sonraithe don bhliain chánach faoi alt 284, nó a mheasfar a tugadh do phearsa aonair faoi alt 287, cibé acu de bhua alt 298 nó thairis sin, lena n-áirítear aon liúntais den sórt sin, nó cuid d’aon liúntas den sórt sin, a tugadh don phearsa aonair i mbliain chánach roimhe sin agus a tugadh ar aghaidh ón mbliain chánach sin roimhe sin de réir Chuid 9. |
|------|--|---|

| | | |
|------|---|---|
| 15D. | Alt 288 (liúntais chothromaíochta agus muirir chothromaíochta), faoi réir alt 485C(1B). | Méid is combhionann le méid an liúntais cothromaíochta (de réir bhrí alt 288) a tugadh do phearsa aonair don bhliain chánach faoi alt 288 i ndáil le gléasra agus innealra sonraithe. |
|------|---|---|

”,

(b) in alt 485C, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1A):

“(1B) (a) Chun críocha an fho-ailt seo agus Sceideal 25B, ciallaíonn ‘gléasra agus innealra sonraithe’ gléasra agus innealra ar a bhféadfar liúntas caithimh agus cuimilte a dheonú faoi alt 284, cibé acu de bhua alt 298 nó thairis sin, a shrianfaí le halt 403(3) murach forálacha alt 403(9).

(b) Faoi réir mhír (d), maidir le liúntas caithimh agus cuimilte a dheonófar faoi alt 284, nó a mheasfar a tugadh do phearsa aonair faoi alt 287, cibé acu de bhua alt 298 nó thairis sin, ní bheidh sé ina fhaoiseamh sonraithe ach amháin a mhéid a bhaineann sé le gléasra agus innealra sonraithe.

(c) Faoi réir mhír (d), ní bheidh liúntas cothromaíochta a éireoidh faoi alt 288 ina fhaoiseamh sonraithe ach amháin a mhéid a bhaineann sé le gléasra agus innealra sonraithe.

(d) Ní bheidh feidhm ag an bhfo-alt seo ná ag na nithe atá leagtha amach os coinne uimhreacha tagartha 15C agus 15D i Sceideal 25B maidir le liúntais a dheonófar do phearsa aonair is trádálaí gníomhach, de réir bhrí alt 409D, nó is comhpháirtí gníomhach, de réir bhrí alt 409A, i leith na trádála lena mbaineann na liúntais.”,

(c) in alt 485FB(5)—

(i) trí “lena mbaineann alt 1016 nó 1023” a chur in ionad “lena mbaineann alt 1016”, agus

(ii) trí “lena mbaineann alt 1031B nó 1031H” a chur in ionad “lena mbaineann alt 1031B”,

agus

(d) in alt 485G(4)(a), trí “Faoi réir mhír (b), fho-alt (5) agus mhír 5 de Sceideal 24” a chur in ionad “Faoi réir mhír (b) agus fho-alt (5)”.

Cáin iarchoimeáda seirbhísí gairmiúla

17. (1) Leasaítear Caibidil 1 de Chuid 18 den Phríomh-Acht—

(a) in alt 521, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) I gcás gur comhlacht corpraithe aon duine de na daoine a shonraítear i Sceideal 13, folaíonn ‘duine cuntasach’—

- (a) aon fhochuideachta de chuid an chomhlachta chorpraithe sin i gcás go bhfuil cónaí ar an bhfochuideachta sin sa Stát agus, chun críocha an fhoailt seo, tá le ‘fochuideachta’ an bhrí a shanntar dó le halt 155 d’Acht na gCuideachtaí, 1963, agus
- (b) cuideachta, a bhfuil cónaí uirthi sa Stát, ar comhaltaí di níos mó ná aon duine cuntasach amháin más rud é, maidir leis na daoine cuntasacha—
 - (i) go rialaíonn siad comhdhéanamh a boird stiúrthóirí,
 - (ii) go sealbhaíonn siad níos mó ná an leathchuid, de réir luach ainmniúil, dá scairchaipiteal cothromais, nó
 - (iii) go sealbhaíonn siad níos mó ná an leathchuid, de réir luach ainmniúil, de na scaireanna dá cuid a ngabhann cearta vótála leo (seachas cearta vótála nach n-éiríonn ach amháin in imthosca sonraithe).”,

(b) in alt 522, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) déanfaidh an t-árachóir, faoi réir alt 529A, an t-éileamh a urscaoileadh trí íocaíocht a dhéanamh, go feadh mhéid an tsochair, más ann, a bheidh dlite faoin gconradh—

- (i) leis an gcleachtóir a sholáthair na seirbhísí gairmiúla don suibscríobhaí nó don chomhalta áirithe lena mbaineann na costais liachta iomchuí, nó
- (ii) le fostóir an chleachtóra a sholáthair na seirbhísí gairmiúla don suibscríobhaí nó don chomhalta lena mbaineann, i gcás go ndearna an cleachtóir na seirbhísí gairmiúla lena mbaineann an t-éileamh a sholáthar i gcáil an chleachtóra mar fhostaí seachas ar cuntas an chleachtóra féin,

agus”,

agus

(c) in alt 523(2)—

- (i) i mír (a), trí “le cleachtóir, le fostóir” a chur in ionad “le cleachtóir”,
- (ii) i mír (b), trí “an faighteoir” a chur in ionad “an cleachtóir nó, de réir mar a bheidh, an chomhpháirtíocht”, agus
- (iii) trí “déanfaidh an faighteoir” a chur in ionad “déanfaidh an cleachtóir nó, de réir mar a bheidh, an chomhpháirtíocht”.

(2) Leasaítear Sceideal 13 a ghabhann leis an bPríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 191:

“192. Bord Athstruchtúrúcháin na gComhar Creidmheasa.”.

Sochair scoir**18. (1) Leasaítear Caibidil 1 de Chuid 30 den Phríomh-Acht—**

- (a) in alt 776(2)(ba)(i), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad “ar scor dó nó di, nó”.

“ar scor dó nó di nó ó iarmhéid cnapshuime is iníoctha leis an bhfostaí de réir mhír 5 d’Fhoscríbhinn A a ghabhann le Ciorclán 12/09 ón Roinn Airgeadais, dar dáta an 30 Aibreán 2009 agus dar teideal ‘An Scéim Dreasachta Luathscoir’, nó”,

agus

- (b) in alt 782A—

- (i) i bhfo-alt (1)(a), tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

“tá le ‘conradh CCSP’ an bhrí a shanntar dó in alt 787A;”,

agus

- (ii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) D’ainneoin na nithe seo a leanas—

(a) alt 32 d’Acht na bPinsean, 1990,

(b) rialacha scéime ar comhalta di pearsa aonair iomchuí nó téarmaí conartha CCSP ar páirtí ann pearsa aonair iomchuí, nó

(c) forálacha ordaithe coigeartaithe pinsean arna dhéanamh i ndáil le pearsa aonair iomchuí,

féadfaidh pearsa aonair iomchuí, le linn na tréimhse sonraithe, treoir i scríbhinn a thabhairt go neamhinchúlghairthe do riarthóir an chiste ranníocáí saorálacha breise atá aige nó aici an rogha (dá ngairtear an ‘rogha maidir le rochtain réamhscoir’ san alt seo) dá bhforáiltear i bhfo-alt (3) a fheidhmiú ar aon ócáid amháin agus gan í a fheidhmiú ach ar aon ócáid amháin.”.

(2) Leasaítear Caibidil 2C de Chuid 30 den Phríomh-Acht—

- (a) in alt 787O—

- (i) i bhfo-alt (1)—

- (I) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘méid pinsin fabhraithe’, i ndáil le teagmhas criostalaithe sochair den chineál dá dtagraítear i mír 2(a)(i) de Sceideal 23B i leith socrú pinsin iomchuí is socrú sochair shainithe, an chuid (más ann), arna cinneadh de réir fho-alt (2A), den mhéid arb ionannas dó P san fhoirmle i mír 3(aa) den Sceideal sin agus a bhí fabhraithe chuig an bpearsa aonair faoin socrú ar an dáta sonraithe;”,

- (II) sa mhíniú ar “tairseach ciste phearsanta”—

(A) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a)(i):

“(a) (i) más rud é, maidir leis an bpearsa aonair, gur pearsa aonair é nó í ar eisigh na Coimisinéirí Ioncaim deimhniú nó, de réir mar a bheidh, deimhniú athmheasta chuige nó chuici de réir alt 787P, de réir mar a bhí feidhm ag an alt sin aon tráth roimh dháta rite an *Achta Airgeadais (Uimh. 2), 2013* (dá ngairtear an ‘deimhniú is luaithe’ sa Chaibidil seo), an méid a luafar sa deimhniú is luaithe gurb é tairseach ciste phearsanta na pearsan aonair é, agus”,

(B) i mír (a)(ii), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad na bhfocal go léir ó “in aon chás eile”, agus na focail sin san áireamh, go dtí deireadh chlásal (I):

“in aon chás eile, don bliain mheasúnachta 2014, an méid is lú díobh seo a leanas—

(I) €2,300,000, agus”,

agus

(C) i mír (b), trí “na bliana measúnachta 2014” a chur in ionad “na bliana measúnachta 2011”,

(III) sa mhíniú ar “dáta sonraithe”, trí “1 Eanáir 2014” a chur in ionad “7 Nollaig 2010”, agus

(IV) sa mhíniú ar “tairseach ciste chaighdeánach”—

(A) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) don bhliain mheasúnachta 2014, €2,000,000, agus”,

agus

(B) i mír (b), trí “i ndiaidh na bliana measúnachta 2014” a chur in ionad “i ndiaidh na bliana measúnachta 2011”,

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) (a) Faoi réir mhír (b), chun críocha na Caibidle seo agus Sceideal 23B, is é atá san fhachtóir luachála iomchuí i ndáil le socrú pinsin iomchuí is socrú sochair shainithe (dá ngairtear an ‘socrú pinsin’ san fho-alt seo)—

(i) ar an dáta sonraithe, 20, agus

(ii) tar éis an dáta shonraithe, más rud é, ar dháta an teagmhais reatha a bhaineann leis an socrú pinsin, go mbeidh an aois atá in iontráil i gcolún (1) den Tábla a ghabhann le Sceideal 23B slánaithe ag an bpearsa aonair, an figiúr atá i gcolún (2) den Tábla sin os coinne na hiontrála sin (dá ngairtear an ‘fachtóir aoischoibhneasa iomchuí’ sa Chaibidil seo agus i Sceideal 23B).

(b) I gcás go ndearna riarthóir socraithe pinsin fachtóir luachála (dá ngairtear an ‘fachtóir céadluaite’ sa mhír seo) ba mhó ná an fachtóir luachála iomchuí dá dtagraítear i mír (a)(i) a úsáid (roimh an dáta sonraithe), le comhaontú roimh ré ó na Coimisinéirí Ioncaim, ansin, i gcás den sórt sin, chun críocha na Caibidle seo agus Sceideal 23B, is é atá san fhachtóir luachála iomchuí i ndáil leis an socrú pinsin—

(i) ar an dáta sonraithe, an fachtóir céadluaite, agus

(ii) tar éis an dáta shonraithe, an fachtóir is mó díobh seo a leanas, eadhon, an fachtóir céadluaite agus an fachtóir aoischoibhneasa iomchuí agus déanfar an tagairt don mhíniú ar ‘A’ san fhoirmle atá i mír 3(a) de Sceideal 23B a fhorléiriú dá réir sin.”

agus

(iii) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) Chun críocha na Caibidle seo agus Sceideal 23B—

(a) i gcás gur thug an phearsa aonair fógra maidir le tairseach ciste phearsanta (de réir bhrí alt 787P), is é a bheidh sa mhéid pinsin fabhraithe an méid bliantúil pinsin a bheidh ar áireamh sa ráiteas ón riarthóir dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(a) d’alt 787P, agus

(b) in aon chás eile, is é a bheidh sa mhéid pinsin fabhraithe méid a bheidh coibhéiseach leis an méid bliantúil pinsin arbh ionannas dó AP san fhoirmle atá i mír 1(2)(b) de Sceideal 23B dá mbeadh cearta pinsin neamhchriostalaithe na pearsan aonair faoin socrú ar an dáta sonraithe á ríomh.”

(b) tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 787P:

“Ciste pinsin uasta cáinfhaoisimh

787P. (1) Ní mó ciste pinsin uasta cáinfhaoisimh pearsan aonair ná—

(a) an tairseach ciste chaighdeánach, nó

(b) an tairseach ciste phearsanta, más rud é—

(i) go mbeidh na coinníollacha a leagtar amach i bhfo-alt (2) comhlíonta agus go mbeidh deimhniú de réir fho-alt (7) nó deimhniú athmheasta de réir fho-alt (8) eisithe ag na Coimisinéirí Ioncaim, nó

(ii) go mbeidh deimhniú is luaithe eisithe ag na Coimisinéirí Ioncaim.

(2) Is iad na coinníollacha dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(b)(i)—

(a) go ndéanfaidh an phearsa aonair ráiteas a iarraidh ar riarthóir gach socraithe pinsin iomchuí ar comhalta de é nó í agus an ráiteas sin a fháil uaidh nó uaithe ar ráiteas é—

- (i) ina ndeimhneofar méid na gceart pinsin criostalaithe nó, de réir mar a bheidh, méid na gceart pinsin neamhchriostalaithe i leith an tsocraithe ar an dáta sonraithe, i ndáil leis an bpearsa aonair (dá ngairtear ‘cearta pinsin na pearsan aonair’ san fho-alt seo), arna ríomh de réir fhorálacha na Caibidle seo agus Sceideal 23B,
- (ii) i gcás gur socrú sochair shainithe an socrú, ina ndeimhneofar an méid bliantúil pinsin arb ionannas dó AP san fhoirmle i mír 1(2)(b) de Sceideal 23B agus atá ar áireamh i ríomh chearta pinsin na pearsan aonair, agus
- (iii) i gcás gur socrú de chineál a thuairiscítear i mír (a) den mhíniú ar ‘socrú pinsin iomchuí’ in alt 787O(1) an socrú, ina sonrúfar an Uimhir Thagartha um Cheadú ó na Coimisinéirí Ioncaim (dá ngairtear an ‘uimhir thagartha’ san fho-alt seo) a ghabhann leis an socrú,

agus

- (b) go dtabharfaidh an phearsa aonair fógra do na Coimisinéirí Ioncaim, trí cibé meán leictreonach (de réir bhrí alt 917EA) a cheanglóidh na Coimisinéirí, laistigh den tréimhse 12 mhí ón dáta a chuirfidh na Coimisinéirí an meán leictreonach ar fáil, nó sula dtarlóidh an chéad teagmhas criostalaithe sochair tar éis an dáta shonraithe, cibé acu is luaithe, á rá go bhfuil tairseach ciste phearsanta aige nó aici, agus go soláthróidh sé nó sí an fhaisnéis seo a leanas (dá ngairtear an ‘fógra maidir le tairseach ciste phearsanta’ san alt seo)—

- (i) a ainm iomlán nó a hainm iomlán, a sheoladh nó a seoladh, a uimhir theileafóin nó a huimhir theileafóin agus a Uimhir PSP nó a hUimhir PSP,
- (ii) na sonraí seo a leanas maidir le gach socrú pinsin iomchuí a n-éireoidh an tairseach ciste phearsanta ina leith:

(I) ainm, seoladh agus uimhir theileafóin an riarthóra;

(II) ainm agus uimhir thagartha an tsocraithe;

(III) an socrú sochair shainithe nó socrú ranníoca shainithe an socrú;

(IV) (A) méid chearta pinsin na pearsan aonair i leith an tsocraithe arna dheimhniú ag an riarthóir chun críocha mhír (a), agus

(B) i gcás gur socrú sochair shainithe an socrú, an méid bliantúil pinsin dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(a)(ii) arna dheimhniú ag an riarthóir chun críocha mhír (a);

agus

(V) cibé faisnéis agus sonraí eile a theastóidh le réasún ó na Coimisinéirí Ioncaim chun críocha na Caibidle seo agus Sceideal 23B.

(3) Maidir le ráiteas dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(a)—

(a) (i) coimeádfaidh an riarthóir é ar feadh na tréimhse 6 bliana tar éis dháta an teagmhais criostalaithe sochair a éireoidh faoin socrú pinsin iomchuí nó, i gcás go mbeidh níos mó ná aon teagmhas amháin den sórt sin ann, tar éis dháta an teagmhais is déanaí, agus

(ii) coimeádfaidh an phearsa aonair é ar feadh na tréimhse 6 bliana tar éis dháta an teagmhais criostalaithe sochair is déanaí a éireoidh i leith an tsocraithe nó na socrúithe pinsin iomchuí a bheidh ar áireamh san fhógra maidir le tairseach ciste phearsanta,

agus

(b) nuair a cheanglófar amhlaidh le fógra a thabharfaidh oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim don riarthóir nó, de réir mar a bheidh, don phearsa aonair, déanfar é a chur ar fáil don oifigeach laistigh den tréimhse ama a shonrófar san fhógra.

(4) I gcás go gceanglófar fógra maidir le tairseach ciste phearsanta a thabhairt sula gcuirfear an meán leictreonach dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(b) ar fáil, tabharfar an fógra ar mhodh a cheadóidh na Coimisinéirí Ioncaim.

(5) Aon fhógra maidir le tairseach ciste phearsanta a thabharfar trí mheán leictreonach, measfar go bhfuil dearbhú ann á rá go bhfuil an fógra cruinn iomlán.

(6) Déanfaidh riarthóir gach socraithe pinsin iomchuí ar comhalta de pearsa aonair de réir iarraidh ón bpearsa aonair ráiteas dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(a) a sholáthar.

(7) Faoi réir fho-alt (8), déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, ar fhógra maidir le tairseach ciste phearsanta a fháil, deimhniú a eisiúint chuig an bpearsa aonair, laistigh de 30 lá ón dáta a gheobhaidh siad an fógra, nó laistigh de cibé tréimhse is faide a cheanglóidh siad chun críocha an fho-ailt seo, ina luafar méid na tairsí ciste pearsanta.

(8) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim aon tráth deimhniú arna eisiúint de réir fho-alt (7) (dá ngairtear an ‘deimhniú céadluaite’ san fho-alt seo) a tharraingt siar agus, más cuí, deimhniú athmheasta a eisiúint más rud é, tar éis an deimhniú céadluaite a eisiúint, gur deimhin leis na Coimisinéirí—

(a) go bhfuil an fhaisnéis san fhógra maidir le tairseach ciste phearsanta míchruinn, nó

(b) nach bhfuil an phearsa aonair i dteideal deimhniú a fháil.”,

(c) in alt 787Q—

(i) i bhfo-alt (7)—

(I) trí “20 faoin gcéad” a chur in ionad “50 faoin gcéad” gach áit,

(II) i mír (a)(ii), trí “nó” a scriosadh,

(III) i mír (a)(iii), trí “a íocadh, nó” a chur in ionad “a íocadh,”

(IV) i mír (a), tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (iii):

“(iv) tríd an bpearsa aonair d’fheidhmiú na rogha dá dtagraítear i bhfo-alt (8),”

(V) i mír (b), trí “, tríd an bpearsa aonair d’fheidhmiú na rogha dá dtagraítear i bhfo-alt (8), nó” a chur isteach i ndiaidh “i gcás gur mó ná 50 faoin gcéad den ghlan-chnapshuim an méid cánach a íocadh”,

(VI) i mír (b)(ii)(I), trí “20 bliain” a chur in ionad “10 mbliana”,

(VII) trí mhír (c) a scriosadh,

agus

(ii) trí na fo-ailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (7):

“(8) Is é atá sa rogha dá dtagraítear i míreanna (a)(iv) agus (b) d’fho-alt (7) an rogha go ndéanfar an méid comhlán bliantúil pinsin is iníoctha leis an bpearsa aonair faoi rialacha an tsocraithe pinsin iomchuí a laghdú ar feadh tréimhse nach faide ná 20 bliain ón dáta a dhéanfar an pinsean a íoc den chéad uair, chun gur leor an laghdú ar an bpinsean thar an tréimhse chun an cháin a íocadh a aisíoc leis an riarthóir.

(9) Déanfar íocaíocht ó phearsa aonair le riarthóir dá dtagraítear i bhfomhíreanna (ii) agus (iii) de mhír (a) d’fho-alt (7) agus i gclásail (II) agus (III) de mhír (b)(i) den fho-alt sin (dá ngairtear an ‘íocaíocht chéadluaite’ san fho-alt seo) sula n-íocfaidh an riarthóir méid na glan-chnapshuime nó, de réir mar a bheidh, cibé méid den ghlan-chnapshuim nár leithreasaíodh chun aisíocaíocht a dhéanamh leis an riarthóir i leith íoc cánach a d’eascair ar an mbarrachas inmhuirearaithe agus féadfaidh an riarthóir íoc an mhéid sin a choimeád siar go dtí cibé tráth a dhéanfaidh an phearsa aonair an íocaíocht chéadluaite.”

(d) in alt 787R—

(i) i bhfo-alt (4)(d), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad na bhfocal go léir ó “faoi alt 787P(5), cibé acu a eisítear é roimh”, agus na focail sin san áireamh, go dtí deireadh na míre sin:

“faoi alt 787P(7) nó, de réir mar a bheidh, cóip den deimhniú athmheasta arna eisiúint ag na Coimisinéirí faoi alt 787P(8) (nó, más iomchuí, cóip den deimhniú is luaithe),”

agus

(ii) i bhfo-alt (5), trí “i míreanna (a) go (f)” a chur in ionad “i míreanna (a) go (e)”,

(e) in alt 787TA, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5):

“(5) Beidh fógra dá dtagraítear i mír (a) nó (b) d’fho-alt (4) i cibé foirm a fhorordóidh nó a údaróidh na Coimisinéirí Ioncaim agus beidh ar áireamh ann dearbhú á rá go bhfuil an fógra cruinn agus iomlán.

(5A) Measfar gur chomhlíon pearsa aonair na coinníollacha atá i bhfo-alt (4) d’ainneoin gur tugadh an fógra dá dtagraítear i mír (a) nó (b) den fho-alt sin tar éis don tréimhse ama a theorannaítear leis an mír sin (a) nó (b), de réir mar a bheidh, a bheith caite más dóigh leis na Coimisinéirí Ioncaim, sna himthosca go léir, gur chóir neamhaird a thabhairt ar mhainneachtain na pearsan aonair na coinníollacha a chomhlíonadh laistigh den teorainn ama lena mbaimeann.”,

agus

(f) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 787TA:

“Pionóis

787TB. Aon duine a mhainneoidh aon cheann de na hoibleagáidí a fhorchuirtear ar an duine sin leis an gCaibidil seo agus le haon rialacháin arna ndéanamh fúithi agus le Sceideal 23B, dlífear, maidir le gach mainneachtain den sórt sin, pionós €3,000 a chur air nó uirthi.”.

(3) Leasaítear Sceideal 23B a ghabhann leis an bPríomh-Acht—

(a) i mír 1(2)(b), trí “ar an dáta sonraithe” a chur isteach i ndiaidh “gurb é RVF an fachtóir luachála iomchuí”,

(b) i mír 3—

(i) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (a):

“(a) faoi réir fhomhír (aa), i gcás inar teagmhas den chineál dá dtagraítear i mír 2(a)(i) an teagmhas criostalaithe sochair, méid atá coibhéiseach leis an méid a chinnfear de réir na foirmle—

$$P \times A$$

i gcás—

gurb é P an méid pinsin a bheadh iníoctha leis an bpearsa aonair, ar an toimhde nach ndéanfar aon iomalartú ar chuid den phinsean le haghaidh cnapshuime, sa tréimhse 12 mhí dar tosach an lá a thiocthaidh an phearsa aonair chun bheith ina theideal agus ar an toimhde nach ndéanfar aon mhéadú ar an bpinsean i rith na tréimhse sin, agus

gurb é A an fachtóir aoischoibhneasa iomchuí”,

(ii) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (a):

“(aa) i gcás inar teagmhas den chineál dá dtagraítear i mír 2(a)(i) an teagmhas criostalaithe sochair agus inar deimhin le riarthóir an tsocraithe pinsin iomchuí, bunaithe ar fhaisnéis agus ar thaifid atá ar fáil don riarthóir, go bhfuil méid pinsin fabhraithe ann i leith an teagmhais sin, méid atá coibhéiseach leis an méid a chinnfear de réir na foirmle—

$$(APA \times B) + ((P - APA) \times A)$$

i gcás go bhfuil le ‘P’ agus ‘A’ na bríonna a thugtar dóibh, faoi seach, san fhoirmle i bhfomhír (a) agus i gcás—

gurb é APA an méid pinsin fabhraithe, agus

gurb é B an fachtóir luachála iomchuí ar an dáta sonraithe,

agus déanfaidh an riarthóir cibé faisnéis agus taifid a theastóidh chun a thaispeáint chun sástacht d’oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim go raibh méid pinsin fabhraithe ann i leith an teagmhais a choimeád agus a chaomhnú go ceann tréimhse 6 bliana tar éis dháta an teagmhais,”

agus

(iii) i bhfomhír (f)—

(I) trí “A x IP” a chur in ionad “RVF x IP” agus

(II) trí “gurb é A an fachtóir aoischoibhneasa iomchuí, agus” a chur in ionad “gurb é RVF an fachtóir luachála iomchuí, agus”,

agus

(c) tríd an tábla seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 5:

“AN TÁBLA

| Aois | An fachtóir aoischoibhneasa iomchuí |
|---|-------------------------------------|
| (1) | (2) |
| Suas le 50 bliain d’aois agus an aois sin san áireamh | 37 |
| 51 | 36 |
| 52 | 36 |
| 53 | 35 |
| 54 | 34 |
| 55 | 33 |
| 56 | 33 |
| 57 | 32 |
| 58 | 31 |

| Aois | An fachtóir aoischoibhneasa iomchuí |
|-----------------------------------|-------------------------------------|
| (1) | (2) |
| 59 | 30 |
| 60 | 30 |
| 61 | 29 |
| 62 | 28 |
| 63 | 27 |
| 64 | 27 |
| 65 | 26 |
| 66 | 25 |
| 67 | 24 |
| 68 | 24 |
| 69 | 23 |
| 70 bliain d'aois agus os a chionn | 22 |

”.

- (4) (a) Beidh feidhm ag *fo-alt (1)(a)* maidir le hiarmhéid cnapshuime dá dtagraítear in alt 776(2)(ba)(i) (arna leasú le *fo-alt (1)(a)*) den Phríomh-Acht arna híoc an 1 Bealtaine 2009 nó dá éis.
- (b) Measfar go bhfuil éifeacht le *fo-alt (1)(b)* ón 27 Márta 2013.
- (c) Tá éifeacht le *fo-ailt (2)* agus (3) ón 1 Eanáir 2014.

Leasú ar Sceideal 12 a ghabhann leis an bPríomh-Acht (iontaobhais scairúinéireachta d'fhostaithe)

19. Leasaítear Sceideal 12 a ghabhann leis an bPríomh-Acht—

- (a) i mír 11(2B)(e), trí “20 bliain” a chur in ionad “15 bliana”, agus
- (b) i mír 11A(5)(e), trí “20 bliain” a chur in ionad “15 bliana”.

CAIBIDIL 3

Cáin Ioncaim, Cáin Chorparáide agus Cáin Ghnóchan Caipitiúil

Cánachas feirme

20. (1) Leasaítear alt 667B den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (4)(b), trí “Údarás na hÉireann um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta” a chur in ionad “Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann”, agus
- (b) sa Tábla a ghabhann leis an alt sin—

(i) i mír 1, trí “Cáilíochtaí arna ndámhachtain ag Údarás na hÉireann um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta” a chur in ionad “Cáilíochtaí arna ndámhachtain ag Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna”,

(ii) i mír 2, trí “Cáilíochtaí arna nDámhachtain ag Údarás na hÉireann um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochtaí” a chur in ionad “Cáilíochtaí arna ndámhachtain ag Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna”,

(iii) i mír 2—

(I) i bhfomhír (o), trí “Staidéir Eachaí;” a chur in ionad “Staidéir Eachaí.”, agus

(II) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (o):

“(p) Ardteastas Eolaíochta — Talmhaíocht Fheidhmeach.”,

agus

(iv) i mír 3, trí na fomhíreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (b):

“(ba) Baitsiléir Eolaíochta Talmhaíochta — Eolaíocht Ainmhithe Eachaí arna dhámhachtain ag Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath;

(bb) Baitsiléir Eolaíochta Talmhaíochta — Gnó Déiríochta arna dhámhachtain ag Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath;”.

(2) Leasaítear alt 667C den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (2), trí “Faoi réir fho-alt (3) agus (3A),” a chur in ionad “Faoi réir fho-alt (3)”,

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(3A) (a) San fho-alt seo—

ciallaíonn ‘tréimhse cháilitheach’, i ndáil le duine sonraithe—

(i) tréimhse chuntasaíochta a bhfuil an duine sin i dteideal asbhaint iomchuí ina leith agus gach tréimhse chuntasaíochta dá éis sin i gcás nach faide ná 36 mhí na tréimhsí cuntasaíochta sa chomhiomlán i gcás inar cuideachta an duine sonraithe, agus

(ii) i gcás nach cuideachta an duine sonraithe, bliain mheasúnachta ina bhfuil an duine sin i dteideal asbhaint iomchuí agus gach ceann den 2 bhliain mheasúnachta díreach ina dhiaidh sin i gcás nach cuideachta an duine sonraithe;

ciallaíonn ‘asbhaint iomchuí’ laghdú faoi alt 666(1), de réir fho-alt (2)(a) den alt seo;

ciallaíonn ‘cáin iomchuí’, i ndáil le duine sonraithe—

- (i) i gcás inar cuideachta an duine sonraithe, aon cháin chorparáide, agus
- (ii) i gcás nach cuideachta an duine sonraithe, aon cháin ioncaim nó muirear sóisialach uilíoch;

ciallaíonn ‘faoiseamh’ méid atá coibhéiseach le méid a chinnfear de réir na foirmle—

A — B

i gcás—

gurb é A an méid cánach iomchuí a bheadh iníoctha ag duine sonraithe do bhliain mheasúnachta nó do thréimhse chuntasaíochta, de réir mar a bheidh, atá laistigh den tréimhse cháilitheach arna ríomh amhail is nár achtaíodh fo-alt (2), agus

gurb é B an méid cánach iomchuí is iníoctha ag an duine sonraithe don bhliain mheasúnachta sin nó don tréimhse chuntasaíochta sin, de réir mar a bheidh;

ciallaíonn ‘duine sonraithe’ duine dá dtagraítear i bhfo-alt (2), seachas duine atá i dteideal asbhaint a fháil faoi fho-alt (1) d’alt 666 atá comhionann le 100 faoin gcéad den bharrachas dá dtagraítear san fho-alt sin (1).

- (b) Beidh duine sonraithe i dteideal faoisimh i leith asbhaintí iomchuí de mhéid nach mó ná €7,500 sa chomhiomlán sa tréimhse cháilitheach.”,

agus

- (c) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

“(4) Beidh feidhm ag an alt seo i leith aon tréimhse chuntasaíochta dar tosach an 1 Eanáir 2012 nó dá éis agus dar críoch an 31 Nollaig 2015 nó roimhe.”.

- (3) Beidh feidhm ag fo-alt (1), seachas fomhíreanna (iii) agus (iv) de mhír (b), le héifeacht ón 6 Samhain 2012.

Leasú ar alt 766 den Phríomh-Acht (creidmheas cánach le haghaidh caiteachas ar thaighde agus forbairt)

21. (1) Leasaítear alt 766 den Phríomh-Acht—

- (a) i bhfo-alt (1)(a), sa mhíniú ar “grúpchaiteachas cáilitheach ar thaighde agus forbairt”, trí “€300,000” a chur in ionad “€200,000”,
- (b) i bhfo-alt (1)(b)(viii), trí “15 faoin gcéad” a chur in ionad “10 faoin gcéad”, agus
- (c) i bhfo-alt (7B), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (c):

“(c) (i) Faoi réir fhomhír (ii), i gcás go ndéanfaidh cuideachta éileamh i leith méid sonraithe agus go bhfaighfear amach dá éis sin nach éileamh mar a údaraítear leis an alt seo nó le halt 766A, de réir mar a bheidh, an t-éileamh, ansin féadfar cáin a mhuirearú ar an

gcuideachta faoi Chás IV de Sceideal D don tréimhse chuntasaíochta ar ina leith a rinneadh an íocaíocht nó a géilleadh an méid, de réir mar a bheidh, i méid atá comhionann le 4 oiread cibé méid den mhéid sonraithe nach n-údaraitear amhlaidh.

- (ii) I gcás go ndéanfaidh cuideachta éileamh faoi fho-alt (2A) agus go bhfaighfear amach dá éis sin go bhfuil an t-éileamh bréagach nó áibhéalach, d'aon turas, agus nach méid mar a údaraitear leis an alt seo an méid a géilleadh de réir an éilimh sin, ansin ní bheidh feidhm ag fohír (i) agus muirearófar cáin ar an gcuideachta faoi Chás IV de Sceideal D don tréimhse chuntasaíochta ar ina leith a géilleadh an méid, i méid atá comhionann le 8 n-oiread cibé méid den mhéid a géilleadh nach n-údaraitear amhlaidh.”.

- (2) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le tréimhsí cuntasaíochta dar tosach an 1 Eanáir 2014 nó dá éis.

Leasú ar alt 246 den Phríomh-Acht (íocaíochtaí úis ag cuideachtaí agus le neamhchónaitheoirí)

22. (1) Leasaítear alt 246 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (3), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (bb):

“(bb) ús a íoctar sa Stát—

- (i) ag cuideachta le cuideachta eile, is cuideachta lena mbaineann mír (a) d’fho-alt (5), fad is cuideachta lena mbaineann an mhír sin an chuideachta eile sin, nó
- (ii) ag cuideachta (dá ngairtear ‘an chuideachta chéadluaite’ sa mhír seo) lena mbaineann fohíreanna (i) agus (ii) d’fho-alt (5)(a) le cuideachta eile a bhfuil cónaí uirthi sa Stát i gcás go meastar gur comhalta an chuideachta eile sin den ghrúpa céanna cuideachtaí ar comhalta de an chuideachta chéadluaite agus, chun na críche sin, beidh feidhm ag forálacha fho-alt (1) d’alt 411 chun a chinneadh an meastar, maidir le cuideachtaí, gur comhaltaí den ghrúpa céanna cuideachtaí iad, amhail is dá mba thagairtí d’fho-chuideachta 51 faoin gcéad tagairtí san fho-alt sin d’fho-chuideachta 75 faoin gcéad.”.

- (2) Beidh feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le hús a íocfar an 1 Eanáir 2014 nó dá éis.

Leasú ar Chuid 8 den Phríomh-Acht (íocaíochtaí bliantúla, muirir agus ús)

23. (1) Leasaítear Cuid 8 den Phríomh-Acht—

- (a) in alt 256(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “cáin chuí”:

“ciallaíonn ‘cáin chuí’, i ndáil le híocaíocht úis iomchuí, suim in ionannas cáin ioncaim ar mhéid na híocaíochta de réir ráta 41 faoin gcéad;”,

- (b) in alt 261(c)(i)—

- (i) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad chlásal (II):

“(II) i gcás ina bhfuil ús iomchuí ar áireamh in ioncam inchánach an duine sin, beidh an chuid d’ioncam inchánach atá combhionann leis an ús iomchuí sin inmhuirearaithe i leith cánach de réir an ráta ar dá réir a asbhaineadh cáin ón ús iomchuí sin,”

agus

(ii) trí chlásal (III) a scriosadh,

(c) in alt 261A—

(i) i bhfo-alt (1), trí “a osclaítear roimh an 16 Deireadh Fómhair 2013” a chur isteach i ndiaidh “i gcuntas téarma speisialta”, agus

(ii) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (8):

“(9) Scoirfidh cuntas de bheith ina chuntas téarma speisialta—

(a) ar dháta a bheidh ann 3 bliana tar éis an lae a osclaíodh an cuntas más cuntas meántéarma an cuntas, nó

(b) ar dháta a bheidh ann 5 bliana tar éis an lae a osclaíodh an cuntas más cuntas fadtéarma an cuntas, lena n-áirítear cuntas a osclaíodh mar chuntas meántéarma ach a ndearnadh cuntas fadtéarma de ina dhiaidh sin.”

(d) in alt 267A(1)—

(i) sa mhíniú ar “cuntas scaireanna fadtéarma”, trí “cuntas a osclaíonn comhalta (is pearsa aonair) roimh an 16 Deireadh Fómhair 2013” a chur in ionad “cuntas a osclaíonn comhalta (is pearsa aonair)”,

(ii) sa mhíniú ar “cuntas scaireanna meántéarma” trí “cuntas a osclaíonn comhalta (is pearsa aonair) roimh an 16 Deireadh Fómhair 2013” a chur in ionad “cuntas a osclaíonn comhalta (is pearsa aonair)”, agus

(iii) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘gnáthchuntas scaireanna’ cuntas, seachas cuntas scaireanna speisialta nó cuntas scaireanna téarma speisialta, a osclaíonn comhalta (is pearsa aonair) le comhar creidmheasa;”,

(e) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 267A:

“Cánachas ar dhíbhinní ar ghnáthchuntais scaireanna

267AA. Déileálfaidh comhar creidmheasa—

(a) le luach scaireanna a shealbhaítear i ngnáthchuntas scaireanna aon tráth, mar mhéid taisece iomchuí a shealbhaíonn sé an tráth sin, agus

(b) le luach aon díbhinne a íoctar ar na scaireanna sin aon tráth, mar mhéid úis iomchuí a íoctar an tráth sin i leith na taisece iomchuí sin agus beidh feidhm ag forálacha Chaibidil 4 den Chuid seo maidir leis an ús iomchuí

sin a ndéileálfaidh an comhar creidmheasa leis mar mhéid a íocadh mar atá feidhm acu maidir leis an ús iomchuí a íocann glacadóir taisce iomchuí.”,

(f) in alt 267B—

(i) i bhfo-alt (2)(b), trí “, agus is de réir ráta 33 faoin gcéad a bheidh an cháin chuí i leith an úis iomchuí sin” a scriosadh, agus

(ii) i bhfo-alt (3)(b), trí “, agus is de réir ráta 33 faoin gcéad a bheidh an cháin chuí i leith an úis iomchuí sin” a scriosadh,

(g) in alt 267C, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (5):

“(6) Scoirfidh cuntas de bheith ina chuntas scaireanna téarma speisialta—

(a) ar dháta a bheidh ann 3 bliana tar éis an lae a osclaíodh an cuntas más cuntas scaireanna meántéarma an cuntas, nó

(b) ar dháta a bheidh ann 5 bliana tar éis an lae a osclaíodh an cuntas más cuntas scaireanna fadtéarma an cuntas, lena n-áirítear cuntas a osclaíodh mar chuntas scaireanna meántéarma ach a ndearnadh cuntas scaireanna fadtéarma de ina dhiaidh sin.”,

agus

(h) in alt 267M, trí “sa mhíniú” a chur in ionad “i mír (b) den mhíniú” sna háiteanna a bhfuil sé i bhfomhíreanna (i) agus (ii) d’fho-alt (2)(a).

(2) Tá feidhm ag *fo-alt (1)* maidir le hús nó le díbhinní (de réir bhrí Chuid 8 den Phríomh-Acht) a íocfar an 1 Eanáir 2014 nó dá éis.

Leasú ar alt 481 den Phríomh-Acht (faoiseamh i leith infheistíocht i scannáin)

24. (1) Leasaítear alt 481 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “pearsa aonair incháilithe”:

“ciallaíonn ‘pearsa aonair incháilithe’ pearsa aonair atá fostaithe ag cuideachta cháilitheach chun scannán cáilitheach a léiriú.”

(2) Tagann an t-alt seo i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú.

Cáin iarchoimeádta scannáin

25. (1) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an gCaibidil seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 529A:

“CAIBIDIL 1A

Íocaíochtaí i leith taibheoirí closamhairc is neamhchónaitheoirí ó chuideachtaí a cháilíonn le haghaidh faoiseamh i leith infheistíocht i scannáin

Léiriú (Caibidil 1A)

529B. (1) Sa Chaibidil seo—

ciallaíonn ‘taibheoir closamhairc’ pearsa aonair a sholáthraíonn seirbhísí ealaíne;

ciallaíonn ‘seirbhísí ealaíne’ seirbhísí pearsan aonair, nuair a sholáthraítear iad sa Stát, le linn dó nó di taibhiú i saothair chlosamhairc d’aon chineál, lena n-áirítear scannáin agus ábhar teilifíse, a chuirtear ar fáil nó a fhéadfar a chur ar fáil don phobal nó d’aon chuid den phobal;

ciallaíonn ‘cáin chuí’, i ndáil le híocaíocht iomchuí—

- (a) i gcás nach mbeidh cáin bhreisluacha ar áireamh san íocaíocht sin, suim in ionannas cáin ioncaim ar mhéid na híocaíochta sin de réir an ráta chaighdeánaigh a bheidh i bhfeidhm tráth na híocaíochta, agus
- (b) i gcás ina mbeidh cáin bhreisluacha ar áireamh san íocaíocht sin, suim in ionannas cáin ioncaim de réir an ráta chaighdeánaigh a bheidh i bhfeidhm tráth na híocaíochta ar mhéid na híocaíochta sin, gan an cháin bhreisluacha a áireamh;

ciallaíonn ‘deimhniú asbhainte’ deimhniú arna eisiúint de réir alt 529D(2);

ciallaíonn ‘tréimhse inmhuirearaithe’ an tréimhse a shonrófar i bhfógra i scríbhinn a thabharfaidh na Coimisinéirí Ioncaim do dhuine, ar tréimhse í ina mbeidh mí cánach ioncaim amháin nó níos mó, ar ina leith a cheanglaítear ar an duine faoi alt 529E tuairisceán a thabhairt don Ard-Bhailitheoir, nó i gcás nár eisíodh fógra den sórt sin, mí féilire;

ciallaíonn ‘dáta dlite’, i ndáil le tréimhse inmhuirearaithe, an lá a bheidh ann 23 lá tar éis dheireadh na tréimhse sin;

ciallaíonn ‘Comhaontú LEE’ an Comhaontú ar an Limistéir Eacnamaíoch Eorpach arna shíniú in Oporto an 2 Bealtaine 1992, arna choigeartú le gach leasú ar an gComhaontú sin ina dhiaidh sin;

ciallaíonn ‘Stát de chuid LEE’ stát is páirtí conarthach i gComhaontú LEE;

tá le ‘meán leictreonach’ an bhrí a shanntar dó in alt 917EA(1);

ciallaíonn ‘mí cánach ioncaim’ mí féilire;

ciallaíonn ‘neamhchónaitheoir’ pearsa aonair nach bhfuil cónaí ná gnáthchónaí air nó uirthi sa Stát, i mBallstát eile ná i stát eile de chuid LEE;

tá le ‘cuideachta cháilitheach’ an bhrí a shanntar dó in alt 481;

ciallaíonn ‘íocaíocht iomchuí’ aon íocaíocht de chineál ar bith a dhéanann cuideachta cháilitheach, go díreach nó go neamhdhíreach, i dtréimhse inmhuirearaithe i leith seirbhísí ealaíne a sholáthraíonn taibheoir closamhairc is neamhchónaitheoir, cibé acu a sholáthraítear nó nach soláthraítear na seirbhísí ealaíne go díreach nó go neamhdhíreach don chuideachta cháilitheach, lena n-áirítear aon íocaíochtaí a bhaineann le saothrú aon cheart, nó cúiteamh i leith aon chearta, a shealbhaíonn an taibheoir closamhairc nó a shealbhaítear thar ceann an taibheora closamhairc is neamhchónaitheoir nó ina leith, ach ní fholaíonn sé díolaíochtaí lena mbaineann Caibidil 4 de Chuid 42;

ciallaíonn ‘oifigeach Ioncaim’ oifigeach do na Coimisinéirí Ioncaim;

ciallaíonn ‘duine sonraithe’ duine a bhfuil íocaíocht iomchuí dlite dó nó di.

- (2) Chun críocha na Caibidle seo, déanfar aon tagairt do mhéid íocaíochta iomchuí a fhorléiriú mar thagairt don mhéid arbh é méid na híocaíochta sin é amhail is dá mba rud é nár ceanglaíodh aon cháin chuí a asbhaint ón íocaíocht sin.

Cáin a asbhaint ó íocaíochtaí iomchuí

529C. (1) (a) Déanfaidh cuideachta cháilitheach a dhéanfaidh íocaíocht iomchuí an cháin chuí i ndáil leis an íocaíocht a asbhaint ó mhéid na híocaíochta.

(b) Lamhálfaidh an duine sonraithe asbhaint den sórt sin ar iarmhar na híocaíochta a fháil.

(c) Déanfar an chuideachta cháilitheach a shaoradh agus a urscaoileadh i leith cibé méid arb ionannas dó an asbhaint, amhail is dá mba rud é gur íocadh an méid sin leis an duine sonraithe iarbhír.

(2) (a) Beidh duine sonraithe i dteideal go ndéanfar méid na híocaíochta iomchuí a laghdú den mhéid caiteachais, nár aisíocadh nó nach bhfuil inaisíoctha, agus a tabhaíodh le linn seirbhísí ealaíne a sholáthar do chuideachta cháilitheach.

(b) Déanfar an méid caiteachais dá dtagraítear i mír (a) a ríomh amhail is dá mba rud é gur thrádáil ar leithligh a bhí sna seirbhísí ealaíne a soláthraíodh don chuideachta cháilitheach agus gur tabhaíodh an caiteachas chun críocha na trádála sin.

(c) Féadfaidh duine sonraithe éileamh a dhéanamh chun na gCoimisinéirí Ioncaim i leith caiteachas a íocadh de réir mhír (b).

(d) I gcás inar deimhin le hoifigeach Ioncaim nach ndéanfaí an méid caiteachais arna éileamh faoi mhír (c) a dhílamháil faoi alt 81 dá soláthródh an duine sonraithe na seirbhísí go díreach don chuideachta cháilitheach trí thrádáil nó gairm atá inmhuirearaithe i leith cánach faoi Chás I nó Cás II a sheoladh, ansin eiseoidh oifigeach Ioncaim fógra chuig an gcuideachta cháilitheach ina sonrúfar an méid caiteachais a lamhálfar mar asbhaint faoi mhír (a).

(e) Ar fhógra arna eisiúint faoi mhír (d) a fháil, asbhainfidh an chuideachta cháilitheach an cháin chuí ó mhéid na híocaíochta iomchuí tar éis an asbhaint san fhógra arna eisiúint faoi mhír (d) a lamháil.

(3) Maidir le cuideachta cháilitheach a dhéanfaidh íocaíocht iomchuí le duine sonraithe in imthosca seachas na himthosca sin dá dtagraítear i bhfo-alt (1)—

(a) dlífidh sí cáin a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim de réir an ráta chaighdeánaigh ar mhéid na híocaíochta iomchuí, agus

(b) gan dochar d’aon phionós eile a dhlífear a chur ar an gcuideachta cháilitheach agus gan dochar d’alt 1078, dlífear pionós €5,000 nó pionós ina mbeidh méid na cánach is iníoctha faoi mhír (a), cibé acu is lú, a chur uirthi.

Daoine sonraithe a shainnithint agus doiciméid a eisiúint chucu

529D. (1) Déanfaidh duine sonraithe mionsonraí faoi tír chónaithe an duine shonraithe, agus faoi sheoladh agus uimhir thagartha cánach an duine shonraithe sa tír chónaithe, a thabhairt do chuideachta cháilitheach.

(2) I gcás go mbeidh fo-alt (1) comhlíonta ag an duine sonraithe, déanfaidh an chuideachta cháilitheach, ar íocaíocht iomchuí a dhéanamh, deimhniú asbhainte a thabhairt don duine sin i bhfoirm a fhorordóidh na Coimisinéirí Ioncaim ina mbeidh sonraí i dtaobh na nithe seo a leanas—

- (a) ainm agus seoladh an duine shonraithe,
- (b) uimhir thagartha cánach an duine shonraithe arna tabhairt de réir fho-alt (1),
- (c) méid na híocaíochta iomchuí,
- (d) méid na cánach cuí a asbhaineadh ón íocaíocht sin, agus
- (e) dáta déanta na híocaíochta.

Tuairisceáin ó chuideachta cháilitheach

529E. (1) Ar an dáta dlite a bhaineann le tréimhse inmhuirearaithe nó roimh an dáta sin, tabharfaidh cuideachta cháilitheach tuairisceán don Ard-Bhailitheoir maidir leis na híocaíochtaí iomchuí go léir a rinne an chuideachta cháilitheach le linn na tréimhse inmhuirearaithe sin agus sonrúidh sí sa tuairisceán sin méid dliteanais cánach na cuideachta cáilithí faoin gCaibidil seo.

(2) Déanfar tuairisceán a cheanglaítear a thabhairt faoin alt seo a thabhairt trí mheán leictreonach agus beidh feidhm ag na forálacha iomchuí de Chaibidil 6 de Chuid 38.

(3) I gcás go mainneoidh cuideachta cháilitheach an tuairisceán a bheidh dlite faoi fho-alt (1) a chur isteach, dlífear pionós €5,000 nó pionós ina mbeidh méid na cánach a bheidh dlite faoi fho-alt (2), cibé acu is lú, a chur ar an gcuideachta cháilitheach, gan dochar d'aon phionós eile a dhlífear a chur ar an gcuideachta cháilitheach agus gan dochar d'alt 1078.

(4) Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim rialacháin chun críocha an ailt seo agus féadfar foráil a dhéanamh leis na rialacháin sin maidir leis na nithe seo a leanas—

- (a) an modh ar a ndéanfaidh cuideachtaí cáilitheacha cumarsáid go leictreonach leis na Coimisinéirí Ioncaim,
- (b) na sonraí a bheidh ar áireamh sa tuairisceán a cheanglaítear a thabhairt faoin alt seo, agus
- (c) aon nithe eile a bhaineann le tuairisceáin faoin alt seo ó chuideachta cháilitheach.

Cuideachta cháilitheach d'íoc cánach

529F. Ar an dáta dlite a bhaineann le tréimhse inmhuirearaithe nó roimh an dáta sin, déanfaidh cuideachta cháilitheach gach méid cánach cuí a dhlífidh an chuideachta cháilitheach faoin gCaibidil seo a asbhaint ó íocaíochtaí iomchuí arna ndéanamh ag an gcuideachta cháilitheach le linn na tréimhse inmhuirearaithe sin a chur ar aghaidh chuig an Ard-Bhailitheoir.

Measúnacht ag oifigeach Ioncaim

529G. (1) I gcás go mbeidh cúis ag oifigeach Ioncaim chun a chreidiúint go bhfuil méid cánach cuí ann i ndáil le híocaíocht iomchuí ba chóir a áireamh, ach nár áiríodh, i dtuairisceán faoi 529E(1), nó i gcás go mbeidh an t-oifigeach Ioncaim míshásta le haon tuairisceán den sórt sin, féadfaidh an t-oifigeach Ioncaim measúnacht a dhéanamh ar an gcuideachta cháilitheach go feadh bhreithiúnas an oifigigh maidir le méid na cánach cuí atá, i dtuairim an oifigigh, dlite agus iníoctha ag an gcuideachta cháilitheach le haghaidh na tréimhse inmhuirearaithe nó na dtréimhsí inmhuirearaithe.

(2) Gan dochar d'alt 529E ach faoi réir fho-alt (4), beidh an méid cánach a bheidh sonraithe i measúnacht faoi fho-alt (1) dlite do na Coimisinéirí Ioncaim den chuideachta cháilitheach arna measúnú amhlaidh, agus iníoctha ag an gcuideachta sin leo.

(3) (a) Féadfaidh oifigeach Ioncaim, i gcás go measfaidh an t-oifigeach gur gá é, measúnacht cánach arna déanamh faoi fho-alt (1) a leasú, agus más rud é, de réir an ailt seo, go ndéanfaidh nó go leasóidh an t-oifigeach Ioncaim measúnacht, tabharfaidh an t-oifigeach fógra don chuideachta cháilitheach arna measúnú ina dtaispeánfar an méid iomlán cánach atá dlite agus iníoctha de réir na measúnachta.

(b) Gan dochar d'aon ní san alt seo, beidh feidhm, fara aon mhodhnuithe is gá, ag forálacha Chaibidil 5 de Chuid 41A, lena n-áirítear na forálacha sin a bhaineann le teorannacha ama, maidir le measúnacht faoin alt seo a dhéanamh agus a leasú.

(c) Féadfaidh an t-oifigeach Ioncaim an fógra measúnachta nó an fógra measúnachta leasaithe a eisiúint trí mheán leictreonach.

(4) (a) I gcás go dtabharfar fógra do chuideachta cháilitheach faoi fho-alt (3), féadfaidh an chuideachta cháilitheach, má éilíonn an chuideachta cháilitheach go bhfuil an méid iomlán cánach arna measúnú iomarcach, ar fhógra i scríbhinn a thabhairt don oifigeach Ioncaim laistigh den tréimhse 30 lá ó dháta an fhógra, achomharc a dhéanamh chun na gCoimisinéirí Achomhairc.

(b) Ní bheidh cuideachta cháilitheach dá dtabharfar fógra faoi fho-alt (3) i dteideal achomharc a dhéanamh chun na gCoimisinéirí Achomhairc—

(i) i gcás cuideachta cháilitheach a thug tuairisceán faoi alt 529E, go dtí go mbeidh an cháin a bheidh dlite agus iníoctha ar bhonn tuairisceán na cuideachta cáilithí, mar aon leis an ús gaolmhar a bheidh dlite faoi alt 529H, íoctha ag an gcuideachta, agus

- (ii) in aon chás eile, go dtí go mbeidh tuairisceán faoi alt 529E tugtha ag an gcuideachta cháilitheach don tréimhse tuairisceáin lena mbaineann agus go mbeidh an cháin a bheidh dlite agus iníoctha ar bhonn an tuairisceáin sin, mar aon leis an ús gaolmhar a bheidh dlite faoi alt 529H, íoctha aici.
- (c) Déanfaidh na Coimisinéirí Achomhairc achomharc a dhéanfar chucu faoin bhfo-alt seo a éisteacht agus a chinneadh amhail is dá mba achomharc é i gcoinne measúnacht i leith cáin ioncaim agus beidh feidhm dá réir sin, fara aon mhodhnuithe is gá, ag forálacha na nAchtanna Cánach Ioncaim a bhaineann le hachomhairc den sórt sin agus le hathéisteacht achomhairc agus le sonrú cáis chun tuairim na hArd-Chúirte a fháil ar phonc dlí.

Ús ar íoc déanach cánach cuí

- 529H. (1) I gcás nach ndéanfar méid cánach, a mbeidh cuideachta cháilitheach faoi dhliteanas faoin gCaibidil seo é a íoc leis an Ard-Bhailitheoir, a íoc faoin dáta dlite lena mbaineann, déanfaidh an chuideachta cháilitheach ús simplí ar an méid a bheidh gan íoc a íoc leis an Ard-Bhailitheoir agus ríomhfar an t-ús sin ón dáta dlite lena mbaineann go dtí go ndéanfar íocaíocht, in aghaidh aon lá nó cuid de lá a mbeidh an méid gan íoc lena linn, de réir an ráta a shonraítear in alt 1080.
- (2) Beidh feidhm ag fo-ailt (3) go (5) d'alt 1080 i ndáil le hús is iníoctha faoi fho-alt (1) mar atá feidhm acu i ndáil le hús is iníoctha faoin alt sin.

Cáin chúí a aisíoc

- 529I. (1) D'ainneoin aon ní sna hAchtanna Cánach—
- (a) faoi réir mhír (d), ní dhéanfar aon aisíoc cánach cuí i leith aon íocaíocht iomchuí le haon duine sonraithe a gheobhaidh an íocaíocht iomchuí nó a bheidh i dteideal na híocaíochta iomchuí,
 - (b) measfar gur ioncam de chuid an duine shonraithe méid aon íocaíochta iomchuí agus beidh sé inmhuirearaithe i leith cáin ioncaim faoi Chás IV de Sceideal D, agus ní faoi aon Chás nó Sceideal eile, agus cuirfear i gcuntas é le linn ioncam iomlán an duine a bheidh i dteideal an mhéid sin a ríomh ach, i ndáil le duine den sórt sin—
 - (i) seachas chun críocha éileamh ar aisíoc faoi mhír (d), déanfar an méid sonraithe, de réir bhrí alt 188(2), maidir leis an mbliain mheasúnachta dá mbeidh an duine le muirearú i leith cáin ioncaim i leith na híocaíochta iomchuí, a mhéadú den mhéid sin, agus
 - (ii) i gcás go mbeidh íocaíocht iomchuí ar áireamh in ioncam inchánach an duine sin, ansin beidh an chuid den ioncam inchánach, a bheidh comhionann leis an íocaíocht iomchuí sin, inmhuirearaithe i leith cánach de réir an ráta ar dá réir a asbhaineadh cáin ón íocaíocht iomchuí,
 - (c) beidh feidhm ag alt 59 amhail is dá mbeadh tagairt do cháin chúí is inasbhainte de bhua na Caibidle seo i mír (a) den alt sin,

- (d) (i) de réir mhír (b), le linn an t-ioncam is inmhuirearaithe faoi Chás IV a ríomh, beidh duine sonraithe i dteideal asbhaint i leith caiteachas nár aisíocadh nó nach inaisíoctha agus a tabhaíodh le linn seirbhísí ealaíne a sholáthar do chuideachta cháilitheach,
- (ii) déanfar an méid caiteachais dá dtagraítear i bhfomhír (i) a ríomh amhail is dá mba thrádáil nó gairm ar leithligh na seirbhísí ealaíne arna soláthar don chuideachta cháilitheach agus amhail is dá mba rud é gur tabhaíodh an caiteachas chun críocha na trádála sin nó na gairme sin,
- (iii) féadfaidh duine sonraithe éileamh ar aisíoc cánach cuí a dhéanamh chun na gCoimisinéirí Ioncaim i leith caiteachas arna thabhú de réir fhomhír (ii),
- (iv) ar éileamh a fháil faoi fhomhír (iii), déanfaidh oifigeach Ioncaim cinneadh ar mhéid a bheidh comhionann leis an gcaiteachas nach ndíflamhálaí mar asbhaint faoi alt 81 dá soláthródh an duine sonraithe na seirbhísí go díreach don chuideachta cháilitheach trí thrádáil nó gairm is inmhuirearaithe i leith cánach faoi Chás I nó faoi Chás II a sheoladh,
- (v) déanfar an cháin chuí a mhuirearófar ar an méid a chinnfidh oifigeach Ioncaim faoi fhomhír (iv) a aisíoc leis an duine sonraithe,
- (vi) tar éis cinneadh a dhéanamh faoi fhomhír (iv) agus tar éis fhomhír (v) a fheidhmiú, tabharfaidh na Coimisinéirí Ioncaim fógra don duine sonraithe maidir leis an aisíoc, más ann, a bheidh dlite,
- (vii) ní fhéadfar éileamh a dhéanamh faoin alt seo i gcás inar laghdaíodh an íocaíocht iomchuí, i leith caiteachas arna thabhú, faoi alt 529C(2).
- (2) Ar fhógra maidir le cinneadh arna dhéanamh faoi fho-alt (1)(d)(iv) a fháil, féadfaidh duine sonraithe arb éagóir leis nó léi an cinneadh, trí fhógra i scríbhinn arna thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim laistigh de 30 lá ó dháta an chinnidh, achomharc a dhéanamh chun na gCoimisinéirí Achomhairc.
- (3) Déanfaidh na Coimisinéirí Achomhairc achomharc arna dhéanamh chucu faoi fho-alt (2) a éisteacht agus a chinneadh amhail is dá mba achomharc é in aghaidh measúnacht i leith cáin ioncaim agus beidh feidhm dá réir sin, fara aon mhodhnuithe is gá, ag forálacha na nAchtanna Cánach Ioncaim a bhaineann le hachomhairc den sórt sin agus le hachomharc a athéisteacht agus le cás a shonrú chun tuairim na hArd-Chúirte a fháil ar phonc dlí.
- (4) Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim rialacháin chun críocha an ailt seo agus féadfar foráil a dhéanamh leis na rialacháin sin maidir leis na nithe seo a leanas—
- (a) an modh ar a ndéanfaidh daoine sonraithe cumarsáid leis na Coimisinéirí Ioncaim,
- (b) na sonraí a bheidh in éileamh ar aisíoc faoin alt seo,
- (c) tarchur faisnéise i dtaca le hachomhairc,
- (d) aon nithe eile a bhaineann le haisíocaíochtaí faoin alt seo.

Oibleagáid ar dhuine sonraithe

529J. Déanfaidh gach duine sonraithe an fhaisnéis sin go léir nó na sonraí sin go léir a theastóidh ó chuideachta cháilitheach a thabhairt don chuideachta cháilitheach, ar sin a iarraidh, chun a chumasú don chuideachta cháilitheach déanamh de réir na Caibidle seo.

Coinneáil taifead agus taifid a iniúchadh

529K. (1) Gan dochar d'aon fhoráil eile de na hAchtanna Cánach, déanfaidh gach cuideachta cháilitheach taifead a choinneáil agus a chothabháil ar na híocaíochtaí iomchuí go léir a bheidh déanta agus luafar sa taifead, i ndáil le gach íocaíocht den sórt sin, ainm, seoladh agus uimhir thagartha cánach an duine shonraithe nó an taibheora closamhairc, de réir mar is cuí, dáta na híocaíochta, méid na híocaíochta agus an méid cánach cuí arna hasbhaint ón íocaíocht.

(2) Maidir leis na hoibleagáidí atá i bhfo-ailt (3) agus (4) d'alt 886 taifid agus doiciméid nascacha a choinneáil agus a choimeád, tá feidhm acu maidir leis na taifid, na doiciméid agus na sonraí eile go léir a chruthaítear nó a chothabháiltear de láimh nó trí aon mheán leictreonach chun críocha na Caibidle seo.

(3) (a) Gan dochar d'fhorálacha eile de chuid na nAchtanna Cánach, déanfaidh aon duine, nó aon fhostaí de chuid duine, a rinne nó a fuair íocaíocht iomchuí, na doiciméid agus na taifid go léir a bhaineann leis an íocaíocht iomchuí agus atá faoi urláimh, i seilbh nó ar fáil ag an duine sin nó ag an bhfostaí sin, de réir mar a bheidh, agus a d'iarr oifigeach Ioncaim a thabhairt ar aird don oifigeach Ioncaim lena n-iniúchadh.

(b) Chun críocha fho-alt (1), maidir le haon oifigeach Ioncaim a fheidhmeoidh cumhachtaí nó a chomhlíonfaidh dualgais, de réir mar a bheidh, faoin alt seo, beidh sé nó sí údaraithe i scríbhinn ag na Coimisinéirí Ioncaim chun na cumhachtaí sin a fheidhmiú nó chun na dualgais sin a chomhlíonadh.

(c) Le linn dó nó di cumhachtaí a fheidhmiú nó dualgais a chomhlíonadh faoin alt seo, déanfaidh oifigeach údaraithe, ar sin a iarraidh, fianaise ar údarú an oifigigh a thabhairt ar aird.

Pionóis shibhialta

529L. Tá feidhm ag Caibidil 3A de Chuid 47, fara aon mhodhnuithe is gá, maidir le pionós a éireoidh faoi alt 529C(3) nó 529E(3).

Ighnéitheach

529M. (1) Déanfar rialacháin a dhéanfar faoin gCaibidil seo a leagan faoi bhráid Dháil Éireann a luaithe is féidir tar éis a ndéanta agus, má dhéanann Dáil Éireann, laistigh den 21 lá a shuífidh Dáil Éireann tar éis na rialacháin a leagan faoina bráid, rún a rith ag neamhniú na rialachán sin, beidh na

rialacháin ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin fúthu.

- (2) (a) Aon ní a cheanglófar ar chuideachta cháilitheach a dhéanamh faoin gCaibidil seo nó faoi rialacháin arna ndéanamh faoi gCaibidil seo, féadfaidh duine eile, ag gníomhú dó nó di faoi údarás na cuideachta cáilithí, é a dhéanamh.
- (b) I gcás go ndéanfaidh duine eile den sórt sin aon ní faoi údarás cuideachta cáilithí, beidh feidhm ag an gCaibidil seo amhail is dá mba í an chuideachta cháilitheach a rinne é.
- (c) Aon ní a airbheartaítear a bheith déanta ag cuideachta cháilitheach nó thar ceann cuideachta cháilitheach measfar, chun críocha na Caibidle seo, go ndearna an chuideachta cháilitheach é nó go ndearnadh é faoi údarás na cuideachta cáilithí, de réir mar a bheidh, mura gcruthófar a mhalaírt.
- (3) Aon ní a bheidh le déanamh leis an gCaibidil seo nó fúithi ag na Coimisinéirí Ioncaim, seachas rialacháin a dhéanamh, féadfaidh aon oifigeach Ioncaim é a dhéanamh nó féadfar, más cuí, é a dhéanamh trí cibé córais leictreonacha a chuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim ar bun de thuras na huair chun aon chríche den sórt sin.”.

(2) Tíocfaidh *fo-alt (1)* i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú.

Leasú ar alt 530F den Phríomh-Acht (oibleagáid ar phríomhaithe cáin a asbhaint)

26. Leasaítear alt 530F den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (3)(a), trí “faoin dáta dlite le haghaidh an tuairisceáin” a scriosadh.

Leasú ar alt 891E den Phríomh-Acht (an tOrdú um an gComhaontú chun Comhlíontacht Cánach a Fheabhsú agus chun Socrú a Dhéanamh maidir le Tuairisciú agus Malartú Faisnéise a bhaineann le Cúrsaí Cánach (Stáit Aontaithe Mheiriceá), 2013 a chur i ngníomh)

27. Leasaítear alt 891E den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (10)(b), trí “lena mbaineann an tuairisceán.” a chur in ionad “ina bhfaightear an tuairisceán.”.

Leasú ar Sceideal 24 a ghabhann leis an bPríomh-Acht (faoiseamh ó cháin ioncaim agus ó cháin chorparáide trí bhíthin creidmheasa i leith cánach coigríche)

28. (1) Leasaítear Sceideal 24 a ghabhann leis an bPríomh-Acht—

(a) i mír 5, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (3):

“(4) I gcás go mbeidh feidhm ag Caibidil 2A de Chuid 15 maidir le duine do bhliain chánach, déanfar an ráta sonraithe a fhionnadh tríd an gcáin ioncaim is iníoctha ag an duine sin don bhliain sin de réir alt 485E a roinnt ar mhéid ioncaim choigeartaithe na pearsan aonair, de réir bhrí alt 485C, don bhliain sin.”,

(b) i mír 7—

(i) i bhfomhír (3), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad chlásal (c):

“(c) d’ainneoin aon ní i gclásail (a) agus (b), maidir le haon chuid den cháin choigríche i leith an ioncaim (lena n-áirítear aon cháin choigríche a measfar faoi chlásal (b) go méadaítear léi méid an ioncaim), i gcás nach féidir í a lamháil mar chreidmheas i gcoinne cáin ioncaim nó cáin chorparáide, measfar gur laghdaíodh méid an ioncaim den chuid sin den cháin choigríche sin, ach, chun críocha cáin chorparáide, ní mó an méid dá measfar gur laghdaíodh an t-ioncam leis an gcuid sin den cháin choigríche ná an méid ioncaim arbh éard é an méid dá ngairtear ‘an t-ioncam iomchuí’ i mír 4, agus forálacha fhomhíreanna (2) agus (2A) den mhír sin á gcur i gcuntas.”,

agus

(ii) i bhfomhír (4), trí “i ndáil leis an ioncam iomlán nó leis an ioncam coigeartaithe, de réir mar a bheidh, atá ag duine” a chur in ionad “i ndáil le hioncam iomlán duine”,

agus

(c) i mír 9DC, trí na fomhíreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (2):

“(3) Chun críocha fhomhír (4)—

- (a) maidir le haon ioncam ó léasú a áireofar in ioncam trádála do thréimhse chuntasaíochta ó thrádáil a sheolann cuideachta,
- (b) agus íocaíochtaí chun trealamh sonrach a úsáid, nó maidir leis an gceart chun trealamh sonrach a úsáid, á gcur i gcuntas mar ioncam ar leithligh ó léasú,

déileálfar le méid mar cháin choigríche neamhfhaoisimh, nó mar cháin choigríche iomchuí neamhfhaoisimh, de chuid na tréimhse cuntasaíochta sin i leith an ioncaim sin ó léasú, arb é atá ann—

- (i) i gcás cáin choigríche a asbhainfear, nó a mheasfar a asbhaineadh amhlaidh le fomhír (4), ón ioncam sin ó léasú, comhshuim na méideanna seo a leanas—
 - (I) an oiread sin den cháin sin nach lamhálfar mar chreidmheas i gcoinne cáin chorparáide ná nach measfar go laghdaítear ioncam leis faoi mhír 7(3)(c), agus
 - (II) 87.5 faoin gcéad den mhéid cánach coigríche ar dá réir a mheasfar go laghdaítear ioncam de bhua mhír 7(3)(c),

agus

(ii) i gcás cáin choigríche iomchuí, an méid dar mó 87.5 faoin gcéad den cháin choigríche iomchuí sin a asbhainfear, nó a mheasfar a asbhaineadh amhlaidh le fomhír (4), ón ioncam sin ó léasú, ná an méid cánach corparáide a mheasfar is inchurtha síos don ioncam sin ó léasú chun críocha na míre seo.

- (4) Más rud é, agus íocaíochtaí chun trealamh sonrach a úsáid, nó maidir leis an gceart chun trealamh sonrach a úsáid, á gcur i gcuntas mar ioncam ar leithligh ó léasú, go mbeidh ioncam ó léasú á fháil ag cuideachta do thréimhse chuntasaíochta (dá ngairtear ‘an tréimhse chuntasaíochta chéadluaite’ san fhomhír seo) ónar asbhaineadh cáin choigríche nó cáin choigríche iomchuí, ansin, chun críocha na nAchtanna Cánach Corparáide, maidir le haon cháin choigríche neamhfhaoisimh, nó maidir le haon cháin choigríche iomchuí neamhfhaoisimh, de chuid na tréimhse cuntasaíochta díreach roimh an tréimhse chuntasaíochta chéadluaite i leith an ioncaim chéanna ó léasú, measfar gurb é atá inti cáin choigríche nó cáin choigríche iomchuí, de réir mar a bheidh, arna hasbhaint ón ioncam sin ó léasú de chuid na tréimhse cuntasaíochta céadluaite.”.
- (2) Tá feidhm ag *míreanna (a)* agus *(b)(ii) d’fho-alt (1)* maidir le haon fhaoiseamh, asbhaint, creidmheas i ndáil le cáin nó, de réir mar a bheidh, laghdú ar an méid cánach is iníoctha, a bhfuil na mionsonraí a bhaineann leo le háireamh sna sonraí i dtuairisceán, a cheanglaítear a sheachadadh faoi alt 951 den Phríomh-Acht, agus a seachadadh an 31 Eanáir 2008 nó dá éis.
- (3) Tá feidhm ag *míreanna (b)(i)* agus *(c) d’fho-alt (1)* maidir le tréimhsí cuntasaíochta dar tosach an 1 Eanáir 2014 nó dá éis.

Urrúis arna n-eisiúint ag Uisce Éireann

29. (1) Leasaítear an Príomh-Acht—

- (a) sa Tábla a ghabhann le halt 37, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh “Urrúis arna n-eisiúint an 28ú lá de Bhealtaine, 1992, nó dá éis ag Bord Gáis Éireann.”:

“Urrúis arna n-eisiúint an 24ú lá de Dheireadh Fómhair 2013 nó dá éis ag Uisce Éireann.”,

agus

- (b) in alt 607(1)(d), trí “Uisce Éireann,” a chur isteach i ndiaidh “Bord Gáis Éireann,”.

- (2) Tá éifeacht le *fo-alt (1)(b)* maidir le haon urrúis arna n-eisiúint ag Uisce Éireann an 24 Deireadh Fómhair 2013 nó dá éis.

Polasaithe árachais saoil agus cistí infheistíochta

30. (1) Leasaítear an Príomh-Acht in alt 730F(1)—

- (a) i mír (a)(ii), trí “41 faoin gcéad” a chur in ionad “36 faoin gcéad”, agus
- (b) i mír (b), trí “de réir ráta 60 faoin gcéad” a chur in ionad “de réir ráta a chinnfear de réir na foirmle— (S + 36) faoin gcéad, i gcás inarb é S an ráta caighdeánach faoin gcéad (de réir bhrí alt 4)”.

- (2) Leasaítear an Príomh-Acht in alt 730J—

- (a) i mír (a)(i)(I), trí “41 faoin gcéad” a chur in ionad “33 faoin gcéad”,
 - (b) i mír (a)(i)(II)(A), trí “de réir ráta 60 faoin gcéad” a chur in ionad “de réir an ráta a chinnfear de réir na foirmle— (S + 36) faoin gcéad, i gcás inarb é S an ráta caighdeánach faoin gcéad don bhliain mheasúnachta ina ndéantar an íocaíocht”,
 - (c) i mír (a)(i)(II)(B), trí “41 faoin gcéad” a chur in ionad “36 faoin gcéad”, agus
 - (d) i mír (a)(ii)(I), trí “de réir ráta 80 faoin gcéad” a chur in ionad “de réir an ráta a chinnfear de réir na foirmle— (H + 33) faoin gcéad, i gcás gurb é atá in H ráta faoin gcéad a chinnfear i ndáil leis an duine le halt 15 don bhliain mheasúnachta ina ndéantar an íocaíocht”.
- (3) Leasaítear an Príomh-Acht in alt 730K(1)—
- (a) i mír (a), trí “de réir ráta 60 faoin gcéad” a chur in ionad “de réir an ráta a chinnfear de réir na foirmle— (S + 36) faoin gcéad, i gcás inarb é S an ráta caighdeánach faoin gcéad don bhliain mheasúnachta ina ndéantar an íocaíocht”, agus
 - (b) i mír (b), trí “41 faoin gcéad” a chur in ionad “36 faoin gcéad”.
- (4) Leasaítear an Príomh-Acht i gCaibidil 1A de Chuid 27—
- (a) in alt 739D(5A), san fhoirmle i mír (b), trí “(G x 41)” a chur in ionad “(G x 36)”, agus
 - (b) in alt 739E(1)—
 - (i) i mír (a)(ii), trí “41 faoin gcéad” a chur in ionad “33 faoin gcéad”,
 - (ii) i mír (b)(ii), trí “41 faoin gcéad” a chur in ionad “36 faoin gcéad”, agus
 - (iii) i mír (ba), trí “de réir ráta 60 faoin gcéad” a chur in ionad “de réir ráta a chinnfear de réir na foirmle— (S + 36) faoin gcéad, i gcás inarb é S an ráta caighdeánach faoin gcéad (de réir bhrí alt 4)”.
- (5) Leasaítear an Príomh-Acht i gCaibidil 4 de Chuid 27—
- (a) in alt 747D(a)(i)(I)—
 - (i) i bhfochlásal (A), trí “de réir ráta 60 faoin gcéad” a chur in ionad “de réir an ráta a chinnfear de réir na foirmle— (S + 36) faoin gcéad, i gcás inarb é S an ráta caighdeánach faoin gcéad don bhliain mheasúnachta ina ndéantar an íocaíocht”, agus
 - (ii) i bhfochlásal (B), trí “41 faoin gcéad” a chur in ionad “33 faoin gcéad”,
 - (b) in alt 747D(a)(i)(II)—
 - (i) i bhfochlásal (A), trí “de réir ráta 60 faoin gcéad” a chur in ionad “de réir an ráta a chinnfear de réir na foirmle— (S + 36) faoin gcéad, i gcás inarb é S an ráta caighdeánach faoin gcéad don bhliain mheasúnachta ina ndéantar an íocaíocht”, agus

- (ii) i bhfochlásal (B), trí “41 faoin gcéad” a chur in ionad “36 faoin gcéad”,
- (c) in alt 747D(a)(ii)(I), trí “de réir ráta 80 faoin gcéad” a chur in ionad “de réir an ráta a chinnfear de réir na foirmle— (H + 33) faoin gcéad, i gcás inarb é H an ráta faoin gcéad a chinnfear i ndáil leis an duine le halt 15 don bhliain mheasúnachta ina ndéantar an íocaíocht”, agus
- (d) in alt 747E(1)(b)—
- (i) i bhfomhír (i), trí “de réir ráta 60 faoin gcéad” a chur in ionad “de réir an ráta a chinnfear de réir na foirmle— (S + 36) faoin gcéad, i gcás inarb é S an ráta caighdeánach faoin gcéad don bhliain mheasúnachta ina ndéantar an íocaíocht”, agus
- (ii) i bhfomhír (ii), trí “41 faoin gcéad” a chur in ionad “36 faoin gcéad”.
- (6) (a) Tá feidhm ag *fo-alt (1)*, agus tá éifeacht leis, maidir le teagmhas inmhuirearaithe do tharlú i ndáil le polasaí saoil (de réir bhrí Chaibidil 5 de Chuid 26 den Phríomh-Acht) an 1 Eanáir 2014 nó dá éis.
- (b) Tá feidhm ag *fo-alt (2)*, agus tá éifeacht leis, maidir le duine d’fháil íocaíocht i leith polasaí saoil coigríche (de réir bhrí Chaibidil 6 de Chuid 26 den Phríomh-Acht) an 1 Eanáir 2014 nó dá éis.
- (c) Tá feidhm ag *fo-alt (3)*, agus tá éifeacht leis, maidir le polasaí saoil coigríche (de réir bhrí Chaibidil 6 de Chuid 26 den Phríomh-Acht) a dhiúscairt go hiomlán nó go páirteach an 1 Eanáir 2014 nó dá éis.
- (d) Tá feidhm ag *fo-alt (4)*, agus tá éifeacht leis, maidir le teagmhas inmhuirearaithe do tharlú i ndáil le gnóthas infheistíochta (de réir bhrí alt 739B(1) den Phríomh-Acht) an 1 Eanáir 2014 nó dá éis.
- (e) Tá feidhm ag *míreanna (a) go (c) d’fho-alt (5)*, agus tá éifeacht leo, maidir le duine d’fháil íocaíocht i leith leas ábhartha i gciste eischósta (de réir bhrí Chaibidil 4 de Chuid 27 den Phríomh-Acht) an 1 Eanáir 2014 nó dá éis.
- (f) Tá feidhm ag *mír (d) d’fho-alt (5)*, agus tá éifeacht léi, maidir le duine do dhiúscairt leas ábhartha i gciste eischósta (de réir bhrí Chaibidil 4 de Chuid 27 den Phríomh-Acht) go hiomlán nó go páirteach an 1 Eanáir 2014 nó dá éis.

Tionscnamh na Cathrach Beo

31. (1) Leasaítear an Príomh-Acht i gCaibidil 13 (a cuireadh isteach le halt 30 den Acht Airgeadais, 2013) de Chuid 10—

(a) in alt 372AAA—

(i) tríd an míniú ar “teach Seoirseach” a scriosadh, agus

(ii) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘teach iomchuí’ foirgneamh, a foirgníodh roimh 1915 lena úsáid mar theaghais, agus a bhfuil 2 stór ar a laghad

ar áireamh ann, agus íoslach ag gabháil leis nó gan íoslach a bheith ag gabháil leis;”,

(b) in alt 372AAB(1), sa mhíniú ar “áitreabh cáilitheach”, trí “iomchuí” a chur in ionad “Seoirseach”, agus

(c) in alt 372AAC—

(i) i bhfo-alt (3), trí “iomchuí” a chur in ionad “Seoirseach”, agus

(ii) i bhfo-alt (8), trí “aon údarás poiblí nó áitiúil” a chur in ionad “aon údarás áitiúil poiblí” i mír (b).

(2) Leasaítear an Príomh-Acht—

(a) i gCuid 1 den Tábla a ghabhann le halt 458, trí “Alt 372AAB” a chur isteach,

(b) in alt 1024(2)(a)(i), trí “ailt 244, 372AR agus 372AAB” a chur in ionad “ailt 244 agus 372AR” agus

(c) in alt 1031I(2)(a)(i), trí “ailt 244, 372AR agus 372AAB” a chur in ionad “ailt 244 agus 372AR”.

(3) Tiocfaidh *fo-alt (2)* i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú.

CAIBIDIL 4

Cáin Chorparáide

Leasú ar alt 77 den Phríomh-Acht (ilrialacha speisialta chun ioncam a ríomh)

32. (1) Leasaítear alt 77 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (6A)(b), trí “den oiread sin den cháin choigríche iomchuí i ndáil leis an ús iomchuí nach mó ná an méid sin den ioncam is inchurtha i leith an úis iomchuí” a chur in ionad “den cháin choigríche iomchuí i ndáil leis an ús iomchuí”, agus

(b) i bhfo-alt (6B)(b), trí “den oiread sin den cháin choigríche iomchuí i ndáil leis na ríchíosanna iomchuí nach mó ná an méid sin den ioncam is inchurtha i leith na ríchíosanna iomchuí” a chur in ionad “den cháin choigríche iomchuí i ndáil leis na ríchíosanna iomchuí”.

(2) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le tréimhsí cuntasafochta dar tosach an 1 Eanáir 2014 nó dá éis.

Leasú ar alt 396C den Phríomh-Acht (faoiseamh ó cháin chorparáide i leith cailteanais foras rannpháirteach)

33. Leasaítear alt 396C den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (5), trí “agus roimh an 1 Eanáir 2014” a chur isteach i ndiaidh “nó dá éis”.

Leasú ar alt 411 den Phríomh-Acht (géilleadh faoisimh idir comhaltaí grúpaí agus comheagras)

34. (1) Leasaítear alt 411 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1)(c)(ii)(II), trí “nó, i gcás gur fochuideachta 75 faoin gcéad de chuid cuideachta eile an chuideachta, príomhaicme scaireanna na cuideachta eile sin,” a scriosadh.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le tréimhsí cuntasafóchta dar tosach dáta rite an Achta seo nó dá éis.

Cáin scuchta a iarchur

35. (1) Leasaítear an Príomh-Acht, i gCaibidil 2 de Chuid 20, tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 628:

“628A. (1) San alt seo—

ciallaíonn ‘tréimhse inmhuirearaithe’ bliain mheasúnachta nó tréimhse chuntasaíochta, de réir mar a bheidh;

ciallaíonn ‘diúscairt sócmhainní’ diúscairt sócmhainní imircthe;

ciallaíonn ‘Comhaontú LEE’ an Comhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a síníodh in Oporto an 2 Bealtaine 1992, arna choigeartú leis na leasuithe uile ar an gComhaontú sin dá éis sin;

ciallaíonn ‘Stát de chuid LEE’ stát is páirtí conarthach i gComhaontú LEE;

tá le ‘meán leictreonach’ an bhrí a shanntar dó in alt 917EA(1);

ciallaíonn ‘sócmhainní imircthe’ sócmhainní de chuid cuideachta imircí, ar cuireadh an gnóchan inmhuirearaithe ar a ndiúscairt mheasta i gcuntas le linn an méid cánach iomchuí a chinneadh;

ciallaíonn ‘cuideachta imirceach’ cuideachta a scoireann de bheith ina cónaí sa Stát agus a thagann chun bheith ina cónaí, faoi dhlí críche iomchuí, sa chríoch sin chun críocha cánach;

ciallaíonn ‘dáta imirce’ an dáta, an 1 Eanáir 2014 nó dá éis, ar a scoireann cuideachta de bheith ina cónaí sa Stát;

ciallaíonn ‘teagmhas iomchuí’—

(a) leachtaitheoir a cheapadh chun na cuideachta imircí,

(b) aon teagmhas faoi dhlí críche iomchuí atá ar aon dul leis an teagmhas a shonraítear i mír (a),

(c) an chuideachta imirceach do scor de bheith ina cónaí, faoi dhlí críche iomchuí, sa chríoch sin chun críocha cánach, agus gan í do theacht chun bheith ina cónaí amhlaidh i gcríoch iomchuí eile chun na críche sin, nó

(d) aon mhainneachtain cáin iomchuí a íoc faoin dáta a thagann sí chun bheith dlite agus iníoctha;

is ionann ‘tréimhse iomchuí’, a bhfuil ráiteas le déanamh faoi mhír (b) d’fho-alt (4) ina leith, agus an bhliain féilire díreach roimh an tréimhse 21 lá ina bhfuil an ráiteas le déanamh, ach amháin, i leith an chéad ráitis den sórt sin de na 5 ráiteas nó de na 9 ráiteas, de réir mar a bheidh, dá dtagraítear san fho-alt sin, gurb é a bheidh sa tréimhse sin an tréimhse dar tosach an dáta imirce agus dar críoch an lá deireanach roimh thús na bliana féilire a bhfuil an chéad ráiteas eile den sórt sin le déanamh ina leith;

ciallaíonn ‘cáin iomchuí’ cáin is iníoctha, seachas cáin i leith méid aon ghnóchain iarchurtha faoi alt 628, nach mbeadh iníoctha ag cuideachta imirceach do thréimhse inmhuirearaithe murach alt 627;

ciallaíonn ‘críoch iomchuí’ Ballstát (seachas an Stát) nó Stát de chuid LEE;

ciallaíonn ‘dáta sonraithe’—

- (a) i ndáil le cáin chorparáide, an lá deireanach den tréimhse 9 mí dar tosach an lá díreach tar éis an dáta imirce, ach in aon chás tráth nach déanaí ná an 23ú lá den mhí ina gcríochnaíonn an tréimhse sin 9 mí, nó
- (b) i ndáil le cáin ghnóchan caipitiúil is iníoctha i leith bliain mheasúnachta ina bhfuil an dáta imirce, an 31 Deireadh Fómhair sa bhliain chánach tar éis na bliana sin;

ciallaíonn ‘cáin’, i ndáil le críoch iomchuí seachas an Stát, aon cháin a fhorchuirtear sa chríoch sin agus atá ar aon dul le cáin ioncaim nó cáin chorparáide.

(2) Faoi réir fhorálacha an ailt seo, féadfaidh cuideachta imirceach roghnú cáin iomchuí a íoc—

- (a) ina 6 thráthchuid chomhionanna i gceann eatraimh bhliantúla, a mbeidh an chéad thráthchuid díobh dlite agus iníoctha ar an dáta sonraithe, agus beidh na 5 thráthchuid a bheidh fágtha dlite agus iníoctha, faoi seach, ar gach ceann de na chéad 5 dháta eile arb iad cothromdhátaí an dáta shonraithe iad, nó
- (b) tráth nach déanaí ná 60 lá tar éis dháta diúscartha na sócmhainní.

(3) I gcás go ndéanfaidh cuideachta imirceach roghnú cáin iomchuí a íoc—

- (a) de réir mhír (a) d’fho-alt (2), beidh cáin iomchuí iníoctha ina 6 thráthchuid chomhionanna i gceann eatraimh bhliantúla de réir na míre sin, nó
- (b) de réir mhír (b) d’fho-alt (2)—
 - (i) déanfar an oiread sin den cháin iomchuí a íoc ar dhiúscairt sócmhainní ag an gcuideachta a mbeidh an chomhréir chéanna idir é agus an cháin iomchuí agus atá idir na gnóchain inmhuirearaithe, arna ríomh ar dhiúscairt mheasta na sócmhainní sin ar an dáta imirce, agus comhiomlán na ngnóchan inmhuirearaithe arna ríomh ar dhiúscairt mheasta na sócmhainní ag an gcuideachta ar an dáta imirce, agus
 - (ii) maidir le haon cháin iomchuí nach mbeidh dlite agus iníoctha laistigh de thréimhse 10 mbliana ón dáta imirce, measfar go dtiocfaidh sí chun

bheith dlite agus iníoctha ar chothromdháta deich mbliana an dáta imirce.

(4) (a) Maidir le roghnú faoi fho-alt (2)—

(i) déanfar é sa tuairisceán faoi alt 959I—

(I) i gcás gur cáin chorparáide an cháin iomchuí, don tréimhse chuntasaíochta dar críoch an dáta imirce le haghaidh na cuideachta, nó

(II) i gcás gur cáin ghnóchan caipitiúil an cháin iomchuí, don bhliain mheasúnachta ina bhfuil an dáta imirce le haghaidh na cuideachta,

agus tabharfar an tuairisceán sin trí mheán leictreonach (de réir Chaibidil 6 de Chuid 38);

(ii) sonrúfar leis—

(I) an dáta a scoir an chuideachta de bheith ina cónaí sa Stát,

(II) an chríoch iomchuí ina bhfuil an chuideachta imirceach tagtha chun bheith ina cónaí,

(III) méid na cánach iomchuí, agus

(IV) cibé acu atá an roghnú á dhéanamh chun cáin iomchuí a íoc de réir mhír (a) nó (b) d'fho-alt (2);

agus

(iii) soláthrúfar leis cibé faisnéis eile a theastóidh ó na Coimisinéirí Ioncaim chun críocha an ailt seo.

(b) I gcás go ndéanfar roghnú chun cáin iomchuí a íoc—

(i) de réir fho-alt (2)(a), déanfaidh an chuideachta imirceach, laistigh de 21 lá ó dheireadh gach ceann de na 5 bliana féilire a leanfaidh an bhliain ina mbeidh an dáta imirce, nó

(ii) de réir fho-alt (2)(b), déanfaidh an chuideachta imirceach, laistigh de 21 lá ó dheireadh gach ceann de na 9 mbliana féilire a leanfaidh an bhliain ina mbeidh an dáta imirce,

ráiteas a sheachadadh ar na Coimisinéirí Ioncaim, d'ainneoin nach bhfuair an chuideachta imirceach fógra chun ráiteas den sórt sin a ullmhú agus a sheachadadh, trí cibé meán leictreonach agus i cibé foirm agus formáid a shonróidh na Coimisinéirí Ioncaim, i leith na tréimhse iomchuí, chun críocha cáin iomchuí—

(I) ina sonrúfar an ndéileáiltear leis an gcuideachta faoi dhlíthe críche iomchuí mar chuideachta atá ina cónaí chun críocha cánach sa chríoch sin i gcaitheamh na tréimhse iomchuí sin,

- (II) i gcás go ndearna an chuideachta roghnú cáin iomchuí a íoc de réir fho-alt (2)(b)—
- (A) ina luafar ar tháinig aon cháin iomchuí chun bheith dlite agus iníoctha le linn na tréimhse iomchuí sin,
 - (B) ina sonrófar méid na cánach sin, méid an mhuirir úis bhaintigh agus ar íocadh an cháin sin agus an t-ús sin, agus
 - (C) ina leagfar amach ríomh na cánach sin agus an úis sin, de réir fho-ailt (3)(b)(i) agus (6),
- agus
- (III) ina soláthrófar cibé faisnéis eile a theastóidh ó na Coimisinéirí Ioncaim chun críocha an ailt seo.
- (5) D'ainneoin fho-ailt (2) agus (3) más rud é, aon tráth laistigh de 10 mbliana ón dáta imirce, go dtarlóidh teagmhas iomchuí, ansin tiocfaidh aon mhéid cánach iomchuí nach mbeidh íoctha tráth an teagmhais iomchuí, agus aon ús arna mhuirearú ar an méid sin de réir fho-alt (6), chun bheith dlite agus iníoctha ar an teagmhas iomchuí do tharlú.
- (6) (a) I gcás go dtiocfaidh cáin iomchuí chun bheith dlite agus iníoctha aon tráth faoin alt seo, beidh ús simplí iníoctha ar mhéid na cánach iomchuí sin agus déanfar é a ríomh, ón dáta sonraithe go dtí go ndéanfar íocaíocht, in aghaidh aon lá nó cuid de lá a mbeidh an méid cánach iomchuí gan íoc lena linn, de réir an ráta a bheidh i réim agus a shonraítear sa Tábla a ghabhann le fo-alt (2)(c)(ii) d'alt 1080, agus beidh an t-ús sin dlite agus iníoctha nuair a bheidh an cháin iomchuí lena mbaineann dlite agus iníoctha.
- (b) Déanfar ús arna mhuirearú ar an gcáin iomchuí a chur le gach ceann de na tráthchodanna a luaitear i bhfo-alt (2)(a) nó, i gcás go mbeidh feidhm ag fo-alt (2)(b), (3)(b)(ii) nó (5), déanfar é a chur leis an méid cánach iomchuí, agus íocfar é an tráth céanna a bheidh an tráthchuid sin dlite nó an tráth céanna a bheidh cáin iomchuí iníoctha de réir fho-alt (2)(b), (3)(b)(ii) nó (5), de réir mar a bheidh.
- (7) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, i gcás gur dealraitheach dóibh, maidir le cáin a iarchur, gur bhaol tromaí é thairis sin don cháin a bhailiú, a cheangal ar chuideachta imirceach a rinne roghnú faoi fho-alt (2) urrús nó urrús breise a thabhairt de cibé méideanna agus i cibé foirm agus ar cibé modh a chinnfidh siad, chun cáin iomchuí a íoc, laistigh de 30 lá ó dháta seirbheála fógra i scríbhinn ar an gcuideachta.
- (8) Íocfar gach méid cánach iomchuí agus úis leis an Ard-Bhailitheoir.
- (9) Beidh aon mhéid cánach iomchuí agus úis is iníoctha de réir an ailt seo iníoctha gan measúnacht a dhéanamh.
- (10) (a) Féadfaidh an tArd-Bhailitheoir, aon tráth roimh dheireadh na tréimhse dar tosach an dáta ar a raibh an cháin sin dlite agus iníoctha faoi threoir an ailt seo agus dar críoch 3 bliana tar éis an trátha a dhéanfar ráiteas faoi fho-alt

(4)(b), ina sonrúfar méid na cánach sin, a thabhairt agus a sheachadadh ar an Ard-Bhailitheoir, fógra a sheirbheáil—

- (i) ar chuideachta atá, nó a bhí le linn na tréimhse 12 mhí dar críoch an dáta a tháinig cáin iomchuí chun bheith dlite agus iníoctha, ina comhalta den ghrúpa céanna (de réir bhrí alt 629(1)) leis an gcuideachta imirceach, nó
- (ii) ar dhuine atá, nó a bhí le linn na tréimhse a luaitear i bhfomhír (i), ina stiúrthóir rialaithe (de réir bhrí alt 629(1)) ar an gcuideachta imirceach nó ar chuideachta a bhfuil, nó a raibh, laistigh den tréimhse sin, rialú aici ar an gcuideachta imirceach,

ar fógra é—

- (I) ina luafar an méid a bheidh gan íoc den cháin iomchuí is iníoctha ag an gcuideachta imirceach agus an dáta ar ar tháinig an cháin chun bheith dlite agus iníoctha, agus
- (II) lena gceanglófar ar an gcuideachta dá dtagraítear i bhfomhír (i) nó ar an duine dá dtagraítear i bhfomhír (ii), de réir mar a bheidh, an méid sin a íoc laistigh de 30 lá ó dháta seirbheála an fhógra,

agus i gcás go seirbheálfar fógra den sórt sin, beidh an méid dá dtagraítear i bhfomhír (I) iníoctha amhlaidh ag an gcuideachta nó ag an duine lena mbaineann, de réir mar a bheidh.

(b) Féadfar aon mhéid a cheanglófar ar dhuine a íoc le fógra faoin bhfo-alt seo a ghnóthú ón duine amhail is dá mba cháin é a bheadh dlite den duine sin, agus féadfaidh an duine sin aon mhéid den sórt sin a íocadh ar scór fógra faoin alt seo a ghnóthú ón gcuideachta imirceach.

(c) Ní lamhálfar íocaíocht de bhun fógra faoin bhfo-alt seo mar asbhaint le linn ioncam, brabúis nó cailteanais a ríomh chun aon chríoch cánach.

(11) Gan dochar d'fhorálacha an ailt seo, beidh feidhm, fara aon mhodhnuithe is gá, ag na forálacha de na hAchtanna Cánach Corparáide agus de na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, de réir mar is cuí, a bhaineann le cáin chorparáide, cáin ghnóchan caipitiúil agus ús a bhailiú agus a ghnóthú maidir le cáin iomchuí agus ús is iníoctha de réir an ailt seo a bhailiú agus a ghnóthú mar atá feidhm acu maidir le haon cháin chorparáide, cáin ghnóchan caipitiúil agus ús eile.”.

(2) Tiocfaidh *fo-alt (1)* i ngníomh an 1 Eanáir 2014.

Iontaobhais IER

36. Leasaítear Cuid 25A den Phríomh-Acht—

(a) in alt 705A, sa mhíniú ar “cuideachta shealbháíochta”, trí “chun críche an mhínithe ar ‘grúpa’” a chur in ionad “chun críche an mhínithe díreach roimhe seo”,

(b) in alt 705K(1)(a), trí “in alt 705B(1)(b)(vi), nó” a chur in ionad “in alt 705B(1)(b)(iv),”,

(c) in alt 705L—

(i) i bhfo-alt (3), trí “, de réir mar a bheidh,” a scriosadh sa chéad áit a bhfuil sé, agus

(ii) i bhfo-alt (5), trí “, de réir mar a bheidh,” a scriosadh sa chéad áit a bhfuil sé,

(d) in alt 705N, trí “forálacha alt 705B(1)(b)(vi)” a chur in ionad “forálacha alt 705B(1)(b)(iv)”, agus

(e) in alt 705P—

(i) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1)—

“(1) I gcás go dtabharfar fógra faoi fho-alt (1) nó (4) d’alt 705O, déileálfar, chun críocha cáin chorparáide, le cuideachta nó le grúpa a scoir de bheith ina hIontaobhas IER nó ina Ghrúpiontaobhas IER mar chuideachta nó grúpa a scoir de bheith ina hIontaobhas IER nó ina Ghrúpiontaobhas IER, de réir mar a bheidh, an dáta a shonrófar san fhógra.”,

agus

(ii) i bhfo-alt (2)—

(I) trí “faoi fho-alt (1) nó (4) d’alt 705O” a chur in ionad “faoi ailt 705O(1) nó (4)”, agus

(II) trí “, de réir mar a bheidh,” a scriosadh sa dara háit a bhfuil sé.

Leasú ar Sceideal 4 a ghabhann leis an bPríomh-Acht (comhlachtaí stát-tionscanta neamhthráchtála sonraithe a dhíolmhú ó fhorálacha áirithe cánach)

37. (1) Leasaítear Sceideal 4 a ghabhann leis an bPríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 96:

“96A. An Chomhairle Mhúinteoireachta.”.

(2) Measfar gur tháinig *fo-alt (1)* i bhfeidhm, agus go raibh éifeacht leis, amhail ar an agus ón 28 Márta 2006.

Liúntais caithimh agus cuimilte a luathú le haghaidh trealamh áirithe atá éifeachtach ó thaobh fuinnimh de

38. (1) Leasaítear an Príomh-Acht, sa Tábla i Sceideal 4A, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i gcolún (2) os coinne na tagartha i gcolún (1) do “Feithiclí Leictreacha agus Feithiclí Breosla Malartach”:

“*Feithiclí Gáis Nádúrtha agus Trealamh Gaolmhar*: Feithiclí gáis nádúrtha agus trealamh breoslaithe riachtanach iomchuí a thagann le critéir shonraithe éifeachtúlachta.

Tiontuíthe Feithiclí Gáis Nádúrtha: Trealamh chun feithiclí tráchtála marthanacha a thiontú ina bhfeithiclí, a úsáideann gás nádúrtha nó bithghás mar phríomhbhreosla, a thagann le critéir shonraithe éifeachtúlachta.”.

(2) Tiocfaidh *fo-alt (1)* i ngníomh an 1 Eanáir 2014.

Leasú ar alt 23A den Phríomh-Acht (áit chónaithe cuideachta)

39. (1) Leasaítear alt 23A den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(5) D’ainneoin fho-alt (3)—

(a) i gcás go mbeidh cuideachta—

(i) corpraithe sa Stát agus, de bhua dlí críche iomchuí seachas an Stát, go mbeadh cónaí uirthi sa chríoch iomchuí sin chun críocha cánach dá mbeadh sí corpraithe sa chríoch iomchuí sin ach nach mbeadh cónaí uirthi sa chríoch iomchuí sin thairis sin chun críocha cánach, agus

(ii) á bainistiú agus á rialú sa chríoch iomchuí sin agus, de bhua dhlí an Stáit, go mbeadh cónaí uirthi chun críocha cánach sa Stát dá mbeadh sí á bainistiú agus á rialú amhlaidh sa Stát ach nach mbeadh cónaí uirthi sa Stát thairis sin chun críocha cánach,

agus

(b) dá réir sin, ní mheasfaí, ar leith ón bhfo-alt seo, de bhua dlí aon chríche, cónaí a bheith ar an gcuideachta sa chríoch sin chun críocha cánach,

measfar go bhfuil cónaí ar an gcuideachta sin sa Stát chun críocha na nAchtanna Cánach agus na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil.”

(2) Tá éifeacht leis an alt seo—

(a) ón 24 Deireadh Fómhair 2013, maidir le cuideachta arna corprú an dáta sin nó dá éis, agus

(b) ón 1 Eanáir 2015, maidir le cuideachta arna corprú roimh an 24 Deireadh Fómhair 2013.

Brabúis iomchuí a chur síos le haghaidh creidmheas breise

40. (1) Leasaítear Sceideal 24 a ghabhann leis an bPríomh-Acht i mír 9I—

(a) i bhfomhír (1), sa mhíniú ar “cáin” trí “, chun críocha an mhínithe ar ‘díbhinn eisiata’ san fhomhír seo,” a scriosadh,

(b) i bhfomhír (4)(b), trí “i gcás go bhfuil an díbhinn iomchuí faoi réir cáin chorparáide de réir an ráta a shonraítear in alt 21A(3)(a)” a chur in ionad “i gcás go bhfuil cáin chorparáide inmhuirearaithe ar an díbhinn iomchuí faoi Chás III de Sceideal D”, agus

(c) tríd an bhfomhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (4):

“(4A) (a) I gcás nach raibh na brabúis iomchuí i ndáil leis an díbhinn iomchuí dá dtagraítear i gclásal (a) nó (b) d’fhomhír (4) faoi réir cánach, atá ar aon dul le cáin chorparáide sa Stát, ach go bhfuil siad inchurtha síos do bhrabúis cuideachta a bhí faoi réir cáin den sórt sin, ansin,

chun críocha fhomhír (4), measfar, maidir leis an ráta cánach faoin gcéad, dá dtagraítear i gclásal (a) nó (b) den fhomhír sin mar an ráta cánach faoin gcéad is infheidhme maidir leis na brabúis iomchuí i ndáil leis an díbhinn iomchuí, gurb é an ráta cánach faoin gcéad é, atá ar aon dul le cáin chorparáide sa Stát, is infheidhme maidir leis na brabúis sin de chuid na cuideachta sin a bhí faoi réir cáin den sórt sin.

(b) Chun críocha chlásal (a) agus fhomhíreanna (3) agus (4)—

(i) déileálfar le gach cuid, más ann, de dhíbhinn iomchuí a luaitear i gclásal (a) nó (b) d'fhomhír (4)—

(I) is méid (dá ngairtear an 'méid arna fhómhas go díreach' san fhochlásal seo), arb é atá ann an oiread sin den díbhinn iomchuí nach mó ná na brabúis iomchuí i ndáil leis an díbhinn iomchuí a bhí faoi réir cánach, atá ar aon dul le cáin chorparáide sa Stát, nó

(II) arb é atá ann an oiread sin den bhreis a bheidh ag na brabúis iomchuí i ndáil leis an díbhinn iomchuí ar an méid arna fhómhas go díreach agus is inchurtha síos do bhrabúis cuideachta a bhí faoi réir cánach, atá ar aon dul le cáin chorparáide sa Stát,

mar dhíbhinn iomchuí ar leithligh, agus

(ii) ní mó luach comhiomlán na gcodanna den díbhinn iomchuí a ndéileálfar leo amhlaidh faoi fhochlásal (i) ná luach na díbhinne iomchuí sin.

(c) Chun críocha na fomhíre seo—

(i) tá brabúis cuideachta inchurtha síos do bhrabúis cuideachta eile más rud é go bhfuarthas iad go díreach nó go neamhdhíreach trí chuideachta nó cuideachtaí d'íoc díbhinní nó do dhéanamh dáiltí go díreach nó go neamhdhíreach as brabúis na cuideachta eile sin, agus

(ii) ní bheidh brabúis iomchuí i ndáil le díbhinn iomchuí inchurtha síos do na brabúis chéanna de chuid cuideachta níos mó ná aon uair amháin.

(d) Chun críocha chlásal (c)(ii), maidir le haon bhrabúis de chuid cuideachta, seachas brabúis iomchuí i ndáil le díbhinn iomchuí, agus maidir le haon bhrabúis de chuid aon chuideachta eile a mbeidh siad inchurtha síos dóibh, measfar gurb iad na brabúis chéanna iad.”.

(2) Beidh éifeacht leis an alt seo maidir le díbhinní arna n-íoc ar dháta rite an Achta seo nó dá éis.

CAIBIDIL 5

*Cáin Ghnóchan Caipitiúil***Leasú ar alt 29 den Phríomh-Acht (daoine is inmhuirearaithe)**

41. Leasaítear alt 29 den Phríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (5A):

“(5A) (a) Beidh feidhm ag an bhfo-alt seo i gcás go ndéanfaidh pearsa aonair dá dtagraítear i bhfo-alt (4) aon fháltais de na fáltais ó dhiúscairt aon sócmhainní ar a bhfabhraíonn gnóchain inmhuirearaithe a aistriú chuig a chéile nó a céile nó chuig a pháirtneír sibhialta nó a páirtneír sibhialta, de réir mar a dhéantar tagairt san fho-alt sin.

(b) I gcás go mbeidh feidhm ag an bhfo-alt seo, aon mhéideanna a gheofar nó a ndéileálfar leo, faoi fho-alt (5), mar mhéideanna a fuarthas sa Stát an 24 Deireadh Fómhair 2013 nó dá éis agus a dhíorthaíonn ó aon aistriú dá dtagraítear i mír (a), déileálfar leo chun críche fho-alt (4) mar mhéideanna a fuair an phearsa aonair sa Stát i leith gnóchain inmhuirearaithe dá dtagraítear i bhfo-alt (4).”.

Leasú ar alt 552 den Phríomh-Acht (costais a bhaineann le fáil, feabhsú agus diúscairt)

42. Leasaítear alt 552 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1A):

“(1B) (a) San fho-alt seo—

tá le ‘duine bainteach’ an bhrí céanna atá leis in alt 10;

ciallaíonn ‘fiachas’ fiach nó fiacha, i leith airgead a fuarthas ar iasacht, cibé acu a thabhaíonn an duine a dhéanann sócmhainn a dhiúscairt nó duine bainteach é nó iad;

tá le ‘grúpa’ agus ‘comhalta de ghrúpa’ na bríonna céanna, faoi seach, atá leo in alt 616.

(b) I gcás go ndearnadh—

(i) méid nó luach na comaoine dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(a), nó

(ii) méid aon chaiteachais dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(b),

a íoc go díreach nó go neamhdhíreach as airgead a fuarthas ar iasacht, a ndéanfar an fiachas ina leith a fhuascailt go hiomlán nó go páirteach (cibé acu roimh dhiúscairt na sócmhainne, ar an diúscairt sin nó i ndiaidh na diúscairt sin), laghdófar an méid sin den mhéid is lú díobh seo a leanas, eadhon, méid an fhiachais a fhuasclófar nó méid an chaillteanais inlamhála a d’eascródh murach an fo-alt seo.

(c) Chun críocha mhír (b), déanfar an dáta ar a bhfuasclófar fiachas iomlán nó cuid d’fhiachas a chinneadh ar an mbonn céanna ar a ndéileálfar le fuascailt

fiachais shonraithe iomlán nó cuid d'fhiachas sonraithe mar fhuascailt a rinneadh in alt 87B(4).

- (d) I gcás go ndéanfar fiachas a fhuascailt go hiomlán nó go páirteach i mbliain mheasúnachta tar éis na bliana measúnachta ina dtarlóidh diúscairt na sócmhainne (a fhágfaidh nach mbeidh fuascailt an fhiachais curtha i gcuntas le linn gnóchan inmhuirearaithe nó cailteanas inlamhála ar dhiúscairt na sócmhainne a ríomh) ansin, chun críocha na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil, measfar go bhfabhraíonn gnóchan inmhuirearaithe, ar cóimhéid leis an laghdú a dhéanfaí faoi mhír (b) dá ndéanfaí an fhuascailt sa bhliain mheasúnachta inar tharla diúscairt na sócmhainne, chuig an duine a dhiúscair an tsócmhainn an dáta fhuasclaítear an fiachas ach, i gcás go ndéanfar an diúscairt chuig duine bainteach, déileálfar chun críocha alt 549(3) le haon ghnóchan faoin bhfo-alt seo amhail is gur fhabhraigh sé ar dhiúscairt sócmhainne chuig an duine bainteach sin.
- (e) Ní mheasfar go bhfabhraíonn gnóchan inmhuirearaithe faoi mhír (d) más rud é, dá bhfabhródh gnóchan ar dhiúscairt na sócmhainne, nach gnóchan inmhuirearaithe a bheadh ann nó go gcáileodh sé le haghaidh faoiseamh ó cháin ghnóchan caipitiúil.
- (f) I gcás gur i leith airgead a fuair comhalta de ghrúpa cuideachtaí ar iasacht ó chomhalta eile den ghrúpa é fiachas a fhuasclófar, ní dhéanfar méid nó luach na comaoine dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(a), ná méid aon chaiteachais dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(b), a laghdú de mhéid an fhiachais sin a fhuasclófar faoi mhír (b) ná ní mheasfar go bhfabhraíonn gnóchan inmhuirearaithe faoi mhír (d) i leith fhuascailt an fhiachais sin.”.

Leasú ar alt 598 den Phríomh-Acht (gnó nó feirm a dhiúscairt ar “scor”)

43. (1) Leasaítear alt 598 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1)(a), sa mhíniú ar “sócmhainní cáilitheacha”, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (v):

“(v) talamh a bhí ligthe ag an bpearsa aonair aon tráth sa tréimhse 15 bliana dar críoch tráth na diúscartha más rud é—

(I) díreach roimh an tráth a ligeadh an talamh den chéad uair sa tréimhse sin 15 bliana, go raibh an talamh ar úinéireacht ag an bpearsa aonair agus á úsáid chun críocha feirmeoireacht arna seoladh ag an bpearsa aonair ar feadh tréimhse nach giorra ná 10 mbliana dar críoch an tráth sin, agus

(II) go ndéanfar an diúscairt—

(A) chuig leanbh (de réir bhrí alt 599) de chuid na pearsan aonair, nó

(B) chuig pearsa aonair, seachas leanbh dá dtagraítear i gclásal (A), ar choinníoll gur ligeadh an talamh le duine chun críocha feirmeoireachta le linn na tréimhse 15 bliana dá dtagraítear i bhfómhír (I) agus gur le haghaidh tréimhse nach giorra ná 5 bliana as a chéile gach ligan den talamh;”.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir le diúscairtí arna ndéanamh an 1 Eanáir 2014 nó dá éis.

Leasú ar alt 604A den Phríomh-Acht (faoiseamh i leith diúscairtí áirithe talún nó foirgneamh)

44. Leasaítear alt 604A den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (2), trí “an 31 Nollaig 2014” a chur in ionad “an 31 Nollaig 2013”.

Faoiseamh d’fhiontraihe

45. (1) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 597:

Faoiseamh d’fhiontraihe

597A. (1) San alt seo—

ciallaíonn ‘sócmhainn inmhuirearaithe gnó’ sócmhainn, lena n-áirítear cáilmheas ach gan scaireanna (seachas scaireanna a luaitear i mír (b)), urrúis ná sócmhainní eile a áireamh a shealbhaítear mar infheistíochtaí, a fhaightear ar chostas nach lú ná €10,000 an 1 Eanáir 2014 nó dá éis ach an 31 Nollaig 2018 nó roimhe agus—

(a) is sócmhainn, nó is leas i sócmhainn, a úsáidtear go hiomlán chun críocha gnó nua a sheolann pearsa aonair, nó

(b) is sealbhán gnáthscaireanna nua, arna n-eisiúint an 1 Eanáir 2014 nó dá éis, i gcuideachta cháilitheach, a bhfuil rialú (de réir bhrí alt 10) ag an bpearsa aonair uirthi agus ar stiúrthóir oibre lánaimsire inti an phearsa aonair, a sheolann gnó nua,

seachas sócmhainn nach mbeadh aon ghnóchan a d’fhabhródh tráth a diúscairt ina ghnóchan inmhuirearaithe;

ciallaíonn ‘stiúrthóir oibre lánaimsire’, i ndáil le cuideachta cháilitheach, stiúrthóir ar gá dó nó di bunús a chuid ama go léir nó a cuid ama go léir a chaitheamh i seirbhís na cuideachta i gcáil bhainistíochta nó i gcáil theicniúil;

ciallaíonn ‘gnó nua’ gníomhaíochtaí trádála iomchuí a sheolann pearsa aonair nó cuideachta cháilitheach nach raibh á seoladh roimhe sin ag an bpearsa aonair sin nó ag an gcuideachta cháilitheach sin nó ag aon duine a raibh baint aige nó aici (de réir bhrí alt 10) leis an bpearsa aonair sin nó leis an gcuideachta cháilitheach sin;

ciallaíonn ‘cuideachta cháilitheach’ cuideachta is micrifhiontar, mionfhiontar nó fiontar meánmhéide, mar a mhínítear in Airteagal 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh an 6 Bealtaine 2003 ón gCoimisiún¹;

tá le ‘gníomhaíochtaí trádála iomchuí’ an bhrí chéanna atá leis in alt 488 agus foláíonn sé feirmeoireacht (de réir bhrí alt 655).

(2) Maidir le pearsa aonair a rinne diúscairt sócmhainne, an 1 Eanáir 2010 nó dá éis, ar ar íocadh cáin ghnóchan caipitiúil agus a dhéanfaidh, an 1 Eanáir 2014 nó dá éis ach an 31 Nollaig 2018 nó roimhe, méid a bheidh comhionann leis an gcomaoin go léir nó le cuid den chomaoin (tar éis aon cháin ghnóchan caipitiúil

¹IO Uimh. L124, 20.5.2003, lch. 36

a íocadh a asbhaint) a úsáid le linn sócmhainní inmhuirearaithe gnó a fháil, beidh sé nó sí i dteideal creidmheas cánach in aghaidh aon dliteanas cánach gnóchan caipitiúil a eascróidh as na sócmhainní inmhuirearaithe gnó sin, nó as leas sna sócmhainní inmhuirearaithe gnó sin, a dhiúscairt ina dhiaidh sin ar diúscairt í a dhéanfar níos mó ná 3 bliana tar éis iad a fháil, ina mbeidh méid a bheidh comhionann leis an méid is lú díobh seo a leanas—

- (a) an chuid sin den cháin ghnóchan caipitiúil arna híoc ar dhiúscairt na sócmhainne sa chomhréir a bheidh idir an méid a úsáideadh amhlaidh agus an chomaoin (tar éis aon cháin ghnóchan caipitiúil a íocadh a asbhaint), agus
 - (b) 50 faoin gcéad den cháin ghnóchan caipitiúil is iníoctha ar dhiúscairt na sócmhainne inmhuirearaithe gnó.
- (3) Más rud é, ar na sócmhainní inmhuirearaithe gnó dá dtagraítear i bhfo-alt (2) a dhiúscairt ina dhiaidh sin, go ndéanfar méid a bheidh comhionann leis an gcomaoin go léir nó le cuid den chomaoin (tar éis aon cháin ghnóchan caipitiúil a íocadh a asbhaint) ar an diúscairt sin, a úsáid ina dhiaidh sin an 1 Eanáir 2014 nó dá éis ach an 31 Nollaig 2018 nó roimhe, le linn sócmhainní inmhuirearaithe gnó eile a fháil (dá ngairtear ‘na sócmhainní inmhuirearaithe gnó nua’ san fho-alt seo) a úsáidfear go hiomlán i ngnó nua eile, beidh teideal ag an bpearsa aonair ar chaoi den tsamhail chéanna chuig creidmheas cánach in aghaidh aon dliteanas cánach gnóchan caipitiúil a eascróidh ar na sócmhainní inmhuirearaithe gnó nua sin, nó leas sna sócmhainní inmhuirearaithe gnó nua sin, a dhiúscairt ina dhiaidh sin ar diúscairt í a dhéanfar níos mó ná 3 bliana tar éis iad a fháil, ina mbeidh méid a bheidh comhionann leis an méid is lú díobh seo a leanas—
- (a) an chuid sin den cháin ghnóchan caipitiúil arna híoc ar dhiúscairt na sócmhainní inmhuirearaithe gnó sa chomhréir a bheidh idir an méid a úsáidfear amhlaidh agus an chomaoin (tar éis aon cháin ghnóchan caipitiúil a íocadh a asbhaint), agus
 - (b) 50 faoin gcéad den cháin ghnóchan caipitiúil is iníoctha ar dhiúscairt na sócmhainne inmhuirearaithe gnó nua.”.

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú.

CUID 2

MÁL

Leasú ar Chaibidil 1 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 1999 (cáin ola mianra)

46. Leasaítear Caibidil 1 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 1999—

(a) in alt 99A—

(i) i bhfo-alt (1), tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘ceannach i mbulc’ oibritheoir cáilitheach iompair de bhóthar do cheannach ola gháis, i gcás go seachadtar an ola gháis sin, i gcainníocht is mó ná 2000 lítear nó cibé

cainníocht eile a fhorordóidh na Coimisinéirí, ar áitreabh nó áit atá faoi rialú oibritheora cháilithigh iompair de bhóthar;”,

agus

(ii) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (4):

“(4A) (a) Ach amháin i gcás go mbeidh feidhm ag mír (c), ní dhéanfar aisíoc faoi fho-alt (2) ach amháin i leith ola gháis a cheannaigh an t-oibritheoir cáilitheach iompair de bhóthar lena mbaineann le cárta breosla arna cheadú ag na Coimisinéirí chun na críche sin (dá ngairtear ‘cárta breosla ceadaithe’ san fho-alt seo).

(b) Féadfaidh sé go mbeidh aisíoc faoi fho-alt (2), i gcás ceannach arna dhéanamh le cárta breosla ceadaithe, faoi réir cainníocht íosta ola gáis, arna forordú ag na Coimisinéirí, maidir le gach ceannach den sórt sin.

(c) Féadfar aisíoc faoi fho-alt (2) a dhéanamh, faoi réir mhír (d) agus cibé ceanglais a fhorordóidh na Coimisinéirí nó a fhorchuirfidh siad thairis sin, i leith ola gháis a cheannóidh oibritheoir cáilitheach iompair de bhóthar i mbulc.

(d) Chun críocha mhír (c)—

(i) ach amháin i gcás go mbeidh feidhm ag fomhír (ii), ceannófar an ola gháis i mbulc ó dhuine a shealbhaíonn ceadúnas trádálaí gluaisbhreosla faoi alt 101(1),

(ii) i gcás go gceannófar an ola gháis i mbulc ó dhíoltóir i mBallstát eile, déanfar í a sheachadadh ar an oibritheoir cáilitheach iompair de bhóthar de réir cheanglais uile an dlí máil.”,

(b) in alt 101(8)—

(i) i mír (b), trí “nó” a scriosadh,

(ii) i mír (c), trí “a chomhlíonadh, nó” a chur in ionad “a chomhlíonadh.”, agus

(iii) trí na míreanna seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c):

“(d) i gcás go ndearnadh sárú ar cheanglas de chuid an dlí máil, nó go ndearnadh mainneachtain déanamh de réir ceanglas de chuid an dlí máil, i ndáil le hola mhianra a tháirgeadh nó a dhíol nó déileáil inti, í a choimeád nó í a sheachadadh—

(i) ag an iarratasóir, nó

(ii) san áitreabh nó san áit a ndearnadh an t-iarratas ina leith,

agus nár shuigh an t-iarratasóir chun sástacht na gCoimisinéirí go ndearnadh an sárú nó an mhainneachtain a leigheas, nó

(e) i gcás go ndearnadh sárú ar choinníoll de chuid ceadúnais trádálaí gluaisbhreosla nó de chuid ceadúnais trádálaí breosla mharcáilte,

nó go ndearnadh mainneachtain déanamh de réir coinníoll den sórt sin, ar ceadúnas é a deonaíodh roimhe sin—

(i) don iarratasóir, nó

(ii) i leith an áitribh nó na háite a ndearnadh an t-iarratas ina leith,

agus nár shuigh an t-iarratasóir chun sástacht na gCoimisinéirí go ndearnadh an sárú nó an mhainneachtain a leigheas.”,

(c) in alt 102(9), trí “faoi fho-alt (1), (1A), (1B) nó (3)” a chur in ionad “faoi fho-alt (3)”, agus

(d) in alt 102A(8)(a), trí “faoi alt 102(1)(g)” a chur in ionad “faoi alt 102(1)(da)”.

Leasú ar Chaibidil 1 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2001 (an dlí máil ginearálta: léiriú, dliteanas agus íocaíocht)

47. Leasaítear Caibidil 1 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2001—

(a) in alt 96(1)—

(i) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínte ar “dlí máil”:

“ciallaíonn ‘dlí máil’ na reachtanna a bhaineann leis na dleachtanna máil nó le bainistiú na ndleachtanna sin, agus na hionstraimí arna ndéanamh faoi reacht agus a bhaineann leis na dleachtanna sin nó le bainistiú na ndleachtanna sin;”,

(ii) sa mhíniú ar “táirgí tobac”, trí “i mír (b) d’alt 97(1)” a chur in ionad “i mír (c) d’alt 97(1)”, agus

(iii) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

“maidir le ‘ráta caighdeánach’—

(a) i ndáil le haon ola mhianra, tá leis an bhrí a shanntar dó le halt 97(2) den Acht Airgeadais, 1999, agus

(b) i ndáil le haon táirge inmháil eile, ciallaíonn sé an ráta dleachta máil is inmhuirearaithe ar an táirge sin gan tairbhe aon fhaoisimh;”,

(b) in alt 99—

(i) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (10):

“(10A) Más rud é, maidir le haon duine—

(a) go ndéanfaidh sé nó sí soláthar nó seachadadh táirgí inmháil a ndearnadh ina leith faoiseamh ó dhleacht máil, lacáiste dleachta máil nó aisíocaíocht i leith dleacht máil a thabhairt nó dleacht máil a mhuirearú de réir ráta is ísle ná an ráta caighdeánach cuí, faoi réir ceanglas go n-úsáidfean na táirgí inmháil chun críche sonraí nó ar mhodh sonrath, agus

- (b) gurbh eol dó nó di go raibh sé nó sí, nó go raibh sé nó sí meargánta i dtaobh an raibh sé nó sí, ag glacadh páirt in idirbheart nó i sraith idirbheart a bhí bainteach le himghabháil chalaoiseach dleachta máil le linn dó nó di an soláthar nó an seachadadh sin a dhéanamh,

ansin tá an duine sin faoi dhliteanas an dleacht máil a íoc ar na táirgí inmháil lena mbaineann de réir an ráta is cuí maidir leo, gan tairbhe aon fhaoisimh, aon lacáiste, aon aisíocaíochta nó aon ráta is ísle den sórt sin.”,

agus

- (ii) i bhfo-alt (11), trí “faoi fho-ailt (1) go (10A)” a chur in ionad “faoi fho-ailt (1) go (10)”,
- (c) in alt 99B(3), trí “tuairisceán a thabhairt nó dearbhú a dhéanamh” a chur in ionad “tuairisceán a thabhairt”,
- (d) in alt 104(4), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (aa):

“(aa) Féadfar ordú faoi mhír (a), i dteannta na n-imthosca a leagtar amach sa mhír sin, a dhéanamh i gcás go ndéantar foráil dó faoi mhír (3) (a cuireadh isteach le Treoir 2010/12/AE an 16 Feabhra 2010 ón gComhairle² agus a leasaíodh le Cinneadh an 5 Nollaig 2011 ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh³ maidir le Poblacht na Cróite a ghlacadh isteach san Aontas Eorpach) d’Airteagal 46 den Treoir.”,

- (e) in alt 108A(2), trí mhír (a) a scriosadh, agus

- (f) in alt 109(1), tríd an míniú ar “dlí máil” a scriosadh.

Leasú ar Chaibidil 3 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2001 (cionta, pionóis agus imeachtaí)

48. Leasaítear Caibidil 3 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2001 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 125:

“Táirgí alcóil ar áitreabh neamhcheadúnaithe a fhorghéilleadh

125A. (1) Más rud é—

- (a) maidir le haon duine ar a gceanglaítear ceadúnas a shealbhú a bhaineann le mórdhíol nó miondhíol aon táirgí alcóil, in áitreabh nó ar áitreabh nó in áit nó ar áit, nach sealbhaíonn sé nó sí ceadúnas den sórt sin, agus
- (b) i leith ceadúnas den sórt sin a dheonú, gur gá deimhniú imréitigh cánach arna eisiúint faoi alt 1094 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997,

agus

- (i) gur diúltaíodh iarratas ar cheadúnas den sórt sin, d’aontoisc nó go páirteach ar na forais nach sealbhaíonn an t-iarratasóir deimhniú imréitigh cánach den sórt sin, nó

²IO Uimh. L 059, 27.2.2010, lch. 1

³IO Uimh. L 112, 24.4.2012, lch. 6

(ii) nach ndearnadh aon iarratas ar cheadúnas den sórt sin agus nach ndearna an duine ná—

(I) aon chomhpháirtíocht dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(a) den alt sin,

(II) aon chomhpháirtí dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(b) den alt sin, nó

(III) aon duine dá dtagraítear i bhfo-alt (2)(c) den alt sin,

na hoibleagáidí dá dtagraítear san fho-alt sin (2) a chomhlíonadh,

ansin, faoi réir fho-ailt (2) agus (3), dlífear aon táirgí alcóil a shealbhaítear lena mórdhíol nó lena miondhíol san áitreabh sin nó ar an áitreabh sin nó san áit sin nó ar an áit sin a fhorghéilleadh.

(2) I gcás go mbeidh feidhm ag fo-alt (1)(b), tabharfaidh na Coimisinéirí fógra don duine lena mbaineann i scríbhinn maidir leis an gceanglas le haghaidh ceadúnais agus deimhniú imréitigh cánach i dtaca leis an gceadúnas sin.

(3) Dlífear na táirgí alcóil lena mbaineann a fhorghéilleadh faoi fho-alt (1) ar dhul in éag do thréimhse 20 lá—

(a) i gcás go mbeidh feidhm ag fo-alt (1)(a), ón dáta a cuireadh cumarsáid á chur in iúl gur diúltaíodh deimhniú imréitigh cánach faoi alt 1094(6) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, nó

(b) i gcás go mbeidh feidhm ag fo-alt (1)(b), ón dáta a cuireadh fógra faoi fho-alt (2).”.

Leasú ar Chaibidil 4 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2001 (cumhachtaí oifigeach)

49. Leasaítear Caibidil 4 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2001 tríd an méid seo a leanas a chur in ionad alt 138:

“Cumhachtaí oifigeach i leith táirgí tobac áirithe

138. (1) I gcás go mbeidh forais réasúnacha ag oifigeach nó ag comhalta den Gharda Síochána chun a chreidiúint go bhfuil cion faoi alt 78 den Acht Airgeadais, 2005 á dhéanamh nó déanta ag duine, ansin féadfaidh an t-oifigeach nó an comhalta—

(a) a cheangal ar an duine na nithe seo a leanas a thabhairt don oifigeach sin nó don chomhalta sin—

(i) ainm, seoladh agus dáta breithe an duine sin,

(ii) an fhaisnéis sin go léir i ndáil leis na táirgí tobac lena mbaineann a theastóidh le réasún ón oifigeach sin nó ón gcomhalta sin agus a bheidh i seilbh an duine sin nó ar fáil dó nó di, agus

(iii) aon táirgí tobac lena mbaineann lena scrúdú,

(b) aon táirgí tobac lena mbaineann a scrúdú,

- (c) i gcás go mbeidh forais réasúnacha ag an oifigeach nó ag an gcomhalta chun a chreidiúint go bhfuil aon táirgí tobac lena mbaineann in aon ghabhdán, cibé cuardach agus scrúdú a dhéanamh ar an ngabhdán sin is gá d'fhonn a shuíomh go bhfuil cion den sórt sin á dhéanamh nó déanta i leith na dtáirgí tobac sin,
 - (d) a cheangal ar aon duine a mbeidh gabhdán dá dtagraítear i mír (c) ina sheilbh nó ina seilbh, ina choimeád nó ina coimeád nó faoina rialú aige nó aici—
 - (i) an gabhdán a thabhairt don oifigeach nó don chomhalta, agus
 - (ii) rochtain ar an ngabhdán a sholáthar, de réir mar a cheanglóidh an t-oifigeach nó an comhalta chun críocha na míre sin,

agus
 - (e) an duine a choinneáil fad is gá le réasún chun críocha an ailt seo.
- (2) Chun críocha mhíreanna (c) agus (d) d'fho-alt (1), ní fholáionn gabhdán aon bhall éadaigh atá ar an duine lena mbaineann.”.

Leasú ar Chaibidil 5 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2001 (ilghnéitheach)

50. Leasaítear Caibidil 5 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2001—

- (a) in alt 144A—
 - (i) i bhfo-alt (2)(f)(ii), trí “d’alt 133(2)” a chur in ionad “d’alt 133(1)”, agus
 - (ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):
 - “(4) (a) Féadfaidh oifigeach is oifigeach biúró aon chumhacht, feidhm nó dualgas a fheidhmiú nó a chomhlíonadh a fhéadfaidh oifigeach a fheidhmiú nó a chomhlíonadh faoi fho-alt (1).
 - (b) San fho-alt seo, ciallaíonn ‘oifigeach biúró’ oifigeach arna cheapadh nó arna ceapadh mar oifigeach biúró faoi alt 8(1)(a)(ii) den Acht fán mBiúró um Shócmhainní Coiriúla, 1996.”.
- (b) in alt 145—
 - (i) trí fho-ailt (1), (1A) agus (2) a scriosadh, agus
 - (ii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (3) go (5):
 - “(3) Aon duine is ábhar do bhreith ó na Coimisinéirí i ndáil le haon cheann de na nithe seo a leanas, féadfaidh sé nó sí achomharc a dhéanamh chuig na Coimisinéirí i gcoinne na breithe sin:
 - (a) clárú feithicle, nó leasú ar thaifead sa chlár dá dtagraítear in alt 131 den Acht Airgeadais, 1992;
 - (b) praghas díola feithicle ar an margadh oscailte a chinneadh faoi alt 133(2) den Acht Airgeadais, 1992;

(c) na Coimisinéirí do dheonú, do dhiúltú nó do chúlghairm údarú faoi alt 136 den Acht Airgeadais, 1992, nó na socruithe chun cáin cláraithe feithiclí a íoc faoin alt sin.

(4) Is i scríbhinn a dhéanfar achomharc faoin alt seo agus leagfar amach ann mionsonraí na bhforas atá leis an achomharc.

(5) Déanfaidh an duine lena mbaineann achomharc faoin alt seo a thaisceadh leis na Coimisinéirí laistigh de 2 mhí ón dáta a thabharfaidh na Coimisinéirí fógra maidir leis an mbreith lena mbaineann, nó laistigh de cibé tréimhse is faide ná sin a cheadóidh siad i gcásanna eisceachtúla.”,

agus

(c) in alt 146, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-ailt (1) agus (2):

“(1) Ach amháin i gcás go mbeidh feidhm ag alt 145(3), maidir le haon duine—

(a) a d’íoc méid dleachta máil,

(b) a fuair fógra measúnachta faoi alt 99A, nó a n-iarrfaidh na Coimisinéirí air nó uirthi thairis sin méid dleachta máil a íoc a bhfuil an duine sin, i dtuairim na gCoimisinéirí, faoi dhliteanas é a íoc, nó

(c) a fuair aisíoc dleachta máil nó a rinne éileamh ar aisíoc den sórt sin a diúltaíodh,

féadfaidh sé nó sí, maidir leis an dliteanas lena mbaineann i leith dleacht máil nó le méid an dliteanais sin, nó le méid an aisíoca nó leis an diúltú aisíoc a dhéanamh, achomharc a dhéanamh chuig na Coimisinéirí Achomhairc i gcoinne na breithe lena mbaineann.

(1A) Aon duine arb éagóir leis nó léi aon cheann de na nithe seo a leanas, féadfaidh sé nó sí achomharc a dhéanamh chuig na Coimisinéirí Achomhairc i gcoinne an ní:

(a) cinneadh ó na Coimisinéirí faoi alt 145;

(b) diúltú duine a údarú mar choimeádaí stórais údaraithe, nó áitreabh a cheadú mar stóras cánach, faoi alt 109, nó cúlghairm faoin alt sin ar aon údarú nó ceadú den sórt sin;

(c) diúltú duine a chlárú mar choinsíní cláraithe faoi alt 109J(3) nó cúlghairm faoi alt 109J(4) ar aon chlárú den sórt sin;

(d) diúltú duine a údarú mar choinsíneoir cláraithe faoi alt 109A nó cúlghairm faoin alt sin ar aon údarú den sórt sin;

(e) diúltú duine a cheadú mar ionadaí cánach faoi alt 109U(2) nó cúlghairm faoin alt sin ar aon cheadú den sórt sin;

(f) diúltú ceadúnas a dheonú faoi alt 101 den Acht Airgeadais, 1999 nó cúlghairm faoin alt sin ar aon cheadúnas den sórt sin a deonaíodh.

- (2) Aon duine a bheartóidh achomharc a dhéanamh faoin alt seo, déanfaidh sé nó sí fógra i scríbhinn á rá go bhfuil sé sin beartaithe aige nó aici a thabhairt do na Coimisinéirí laistigh de 30 lá—
- (a) tar éis dleacht máil a íoc i gcás achomharc faoi fho-alt (1)(a),
- (b) tar éis fógra measúnachta nó fógra eile ó na Coimisinéirí á iarraidh ar an duine an méid lena mbaineann a íoc i gcás achomharc faoi fho-alt (1)(b),
- (c) tar éis an dáta aisíoca nó tar éis fógra ó na Coimisinéirí maidir leis an diúltú aisíoc a dhéanamh i gcás achomharc faoi fho-alt (1)(c), nó
- (d) tar éis fógra ó na Coimisinéirí maidir leis an gcinneadh, maidir leis an diúltú nó maidir leis an gcúlghairm lena mbaineann i gcás achomharc faoi fho-alt (1A).”.

Leasú ar Chaibidil 3 de Chuid 3 den Acht Airgeadais, 2010 (cáin charbóin breosla sholadaigh)

51. (1) Leasaítear Caibidil 3 den Acht Airgeadais, 2010—

(a) in alt 77—

(i) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “brícíní”:

“ciallaíonn ‘brícíní’ móin mheilte, a ndearnadh bloic di lena n-úsáid mar bhreosla, trína comhbhrú go meicniúil;”

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “gual”:

“ciallaíonn ‘gual’—

(a) ach amháin i gcás go mbeidh feidhm ag mír (b), aon bhreosla atá i bhfoirm sholadach agus a mhonaraítear as gual a thagann faoi réim Chód AC 2701 nó as lignít a thagann faoi réim Chód AC 2702,

(b) aon táirge fuinnimh de réir bhrí Airteagal 2.1 den Treoir, atá i bhfoirm sholadach, lena úsáid mar bhreosla;”

(iii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “móin”.

“ciallaíonn ‘móin’ móin a thagann faoi réim Chód AC 2703 agus foláíonn sé aon bhreosla atá i bhfoirm sholadach agus a mhonaraítear as móin nó a mhonaraítear as teaghlaim de mhóin agus d’aon táirge eile seachas gual a thagann faoi réim Chód AC 2701 nó lignít a thagann faoi réim Chód AC 2702;”

(iv) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “soláthróir”:

“ciallaíonn ‘soláthróir’—

(a) ach amháin i gcás go mbeidh feidhm ag mír (b), duine inchánach de réir bhrí alt 2 den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010,

(b) duine cuntasach chun críocha Chuid 2 den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010,

a sholáthraíonn breosla soladach;”,

(v) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “soláthar”:

“ciallaíonn ‘soláthar’—

(a) ach amháin i gcás go mbeidh feidhm ag mír (b), cainníocht de bhreosla soladach a sholáthar do dhuine eile,

(b) soláthróir do sholáthar cainníocht de bhreosla soladach lena dhó ag an soláthróir sin;”,

agus

(vi) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘bithmhais’ an codán inbhithdhíghrádaithe de tháirgí, de dhramhaíl agus d’iarmhair ón talmhaíocht (lena n-áirítear substaintí plandúla agus ainmhíocha), ón bhforaoiseacht agus ó thionscail ghaolmhara, mar aon leis an gcodán inbhithdhíghrádaithe de dhramhaíl tionscail agus rialtais áitiúil;

ciallaíonn ‘ábhar bithmhaise’, i ndáil le táirge breosla sholadaigh, an céatadán de mheáchan an táirge sin is bithmhais;

ciallaíonn ‘táirge bithmhaise’ aon táirge breosla sholadaigh inar 30 faoin gcéad nó níos mó an t-ábhar bithmhaise;

ciallaíonn ‘soláthar den chéad uair’ an chéad uair a dhéanann soláthróir soláthar laistigh den Stát;”,

(b) in alt 78, trí fho-alt (2) a scriosadh, agus

(c) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 82:

“Faoiseamh i leith ábhar bithmhaise breosla sholadaigh

82A. (1) I gcás go ndéanfaidh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil rialacháin faoi alt 53 den Acht um Thruailliú Aeir, 1987 chun foráil a dhéanamh maidir leis na nithe seo a leanas—

(a) táirgí bithmhaise a sholáthraíonn soláthróir a aithint,

(b) an mharcáil a bheidh le cur ar phacáistiú táirgí bithmhaise chun iad a aithint amhlaidh, agus

(c) na taifid a bheidh le coimeád ag soláthróirí maidir leis na táirgí bithmhaise a fhaigheann siad, a tháirgeann siad, a shealbhaíonn siad, a sheachadann siad agus a sholáthraíonn siad,

ansin, faoi réir cibé coinníollacha a fhorordóidh na Coimisinéirí nó a fhorchuirfidh siad thairis sin, déanfar páirtfhaoiseamh ó cháin (dá ngairtear ‘an faoiseamh’ san alt seo) a dheonú ar aon táirge bithmhaise a suítear chun sástacht na gCoimisinéirí gur sholáthair soláthróir den chéad uair é de réir na rialachán.

- (2) Déanfar an faoiseamh ar sholáthar cainníochta de tháirge bithmhaise a ríomh mar a leanas:
- (a) 30 faoin gcéad den cháin is inmhuirearaithe i gcás gur lú ábhar bithmhaise an táirge sin ná 50 faoin gcéad;
- (b) 50 faoin gcéad den cháin is inmhuirearaithe i gcás gur 50 faoin gcéad nó níos mó ábhar bithmhaise an táirge sin.
- (3) (a) Ach amháin i gcás go mbeidh feidhm ag mír (b), déanfar an faoiseamh a úsáid ar mhodh loghtha, agus tabharfaidh an soláthróir cuntas ar an gcáin ar an táirge bithmhaise lena mbaineann agus íocfaidh sé nó sí an cháin sin de réir an ráta a shonraítear i Sceideal 1, lúide méid an fhaoisimh.
- (b) I gcás gur sholáthair soláthróir aon táirge bithmhaise den chéad uair gan an faoiseamh a úsáid de réir mhír (a), déanfaidh na Coimisinéirí, faoi réir cibé coinníollacha a fhorchuirfidh siad in aon chás áirithe, an faoiseamh a úsáid i leith an tsoláthair sin ar mhodh aisíoca.
- (c) Ach amháin i gcás go gceadóidh na Coimisinéirí é in aon chás áirithe, déanfar éileamh ar aisíoc laistigh de 4 mhí tar éis an dáta a íocadh an cháin ar na táirgí bithmhaise lena mbaineann.”.

(2) Tíocfaidh *fo-alt (1)(c)* i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú.

Rátaí cánach táirgí tobac

52. Leasaítear an tAcht Airgeadais, 2005, le héifeacht amhail ar an agus ón 16 Deireadh Fómhair 2013, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht sin (arna leasú le halt 49 den Acht Airgeadais, 2013):

“SCEIDEAL 2

RÁTAÍ CÁNACH TÁIRGÍ TOBAC

(Le héifeacht amhail ar an agus ón 16 Deireadh Fómhair 2013)

| Tuairisc an Táirge | An Ráta Cánach |
|--------------------|--|
| Toitíní..... | Ráta cánach— (a) ach amháin i gcás go mbeidh feidhm ag mír (b), €241.83 an míle, i dteannta méid atá comhionann le 8.72 faoin gcéad den phraghas ar a miondíoltar na toitíní, nó (b) €275.62 an míle i leith toitíní a mhiondíoltar i gcás gur lú an ráta cánach ná an ráta sin dá ndéanfaí an |

| Tuairisc an Táirge | An Ráta Cánach |
|--|--|
| Todóga..... | ráta a ríomh de réir mhír (a). Ráta cánach €279.345 an cileagram. |
| Tobac mínghearrtha chun toitíní a rolladh..... | Ráta cánach €252.222 an cileagram. |
| Tobac eile chun a chaite ina dheatach | Ráta cánach €193.799 an cileagram. |

”.

Rátaí cánach táirgí alcóil

53. Leasaítear an tAcht Airgeadais, 2003, le héifeacht amhail ar an agus ón 16 Deireadh Fómhair 2013, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht sin:

“SCEIDEAL 2

RÁTAÍ CÁNACH TÁIRGÍ ALCÓIL

(Le héifeacht amhail ar an agus ón 16 Deireadh Fómhair 2013)

| Tuairisc an Táirge | An Ráta Cánach |
|---|--|
| <i>Biotáille:</i> | €42.57 an lítear alcóil sa bhiotáille |
| <i>Beoir:</i> | |
| Is mó ná 0.5% toirte ach nach mó ná 1.2% toirte | €0.00 |
| Is mó ná 1.2% toirte ach nach mó ná 2.8% toirte | €11.27 an heictilítear faoin gcéad d’alcól sa bheoir |
| Is mó ná 2.8% toirte | €22.55 an heictilítear faoin gcéad d’alcól sa bheoir |
| <i>Fíon:</i> | |
| Neamhdhrithleach agus drithleach, nach mó ná 5.5% toirte | €141.57 an heictilítear |
| Neamhdhrithleach, is mó ná 5.5% toirte ach nach mó ná 15% toirte | €424.84 an heictilítear |
| Neamhdhrithleach, is mó ná 15% toirte | €616.45 an heictilítear |
| Drithleach, is mó ná 5.5% toirte | €849.68 an heictilítear |
| <i>Deochanna Giosáilte Eile:</i> | |
| <i>(1) Leann Úll agus Leann Piorraí:</i> | |
| Neamhdhrithleach agus drithleach, nach mó ná 2.8% toirte | €47.23 an heictilítear |
| Neamhdhrithleach agus drithleach, is mó ná 2.8% toirte ach nach mó ná 6.0% toirte | €94.46 an heictilítear |
| Neamhdhrithleach agus drithleach, is mó ná 6.0% toirte ach nach mó ná 8.5% toirte | €218.44 an heictilítear |

| Tuairisc an Táirge | An Ráta Cánach |
|--|-------------------------|
| Neamhdhrithleach, is mó ná 8.5% toirte | €309.84 an heictilítear |
| Drithleach, is mó na 8.5% toirte | €619.70 an heictilítear |
| (2) <i>Deochanna seachas Leann Úll agus Leann Piorraí:</i> | |
| Neamhdhrithleach agus drithleach, nach mó ná 5.5% toirte | €141.57 an heictilítear |
| Neamhdhrithleach, is mó ná 5.5% toirte | €424.84 an heictilítear |
| Drithleach, is mó na 5.5% toirte | €849.68 an heictilítear |
| <i>Deochanna Idirmheánacha:</i> | |
| Neamhdhrithleach, nach mó ná 15% toirte | €424.84 an heictilítear |
| Neamhdhrithleach, is mó ná 15% toirte | €616.45 an heictilítear |
| Drithleach | €849.68 an heictilítear |

”.

Leasú ar Chaibidil 1 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2002 (an dlí a bhaineann le dleachtanna gealltóireachta a chomhdhlúthú agus a nuachóiriú)

54. (1) Leasaítear Caibidil 1 (arna leasú le halt 49 den Acht Airgeadais, 2011) de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2002—

(a) in alt 64—

(i) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “idirghabhálaí gealltóireachta cianda”:

“ciallaíonn ‘idirghabhálaí gealltóireachta cianda’ duine (dá ngairtear ‘an duine céadluaite’ sa mhíniú seo) a dhéanann, i gcúrsa gnó, saoráidí a sholáthar de réir ceadúnas le haghaidh gníomhaíocht den sórt sin, arna dheonú go cuí faoi aon Acht, is saoráidí a chumasaíonn do dhaoine geallta a chur le daoine eile (seachas an duine céadluaite) trí mheán cianda;”

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “geallghlacadóir cianda”:

“ciallaíonn ‘geallghlacadóir cianda’ duine a sheolann gnó geallghlacadóra trí mheán cianda de réir ceadúnas le haghaidh geallghlacadóireacht den sórt sin arna dheonú go cuí faoi aon Acht;”

agus

(iii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “meán cianda”:

“ciallaíonn ‘meán cianda’, i ndáil le cumarsáid, aon mheán leictreonach, agus folaíonn sé—

(a) an t-idirlíon,

(b) an teileafón, agus

(c) teileagrafaíocht (cibé acu is raidió-theileagrafaíocht nó nach ea);”,

(b) in alt 66A—

(i) i bhfo-alt (1)(a), trí “€10,000” a chur in ionad “€5,000”,

(ii) i bhfo-alt (4)—

(I) i mír (a), trí “31 Bealtaine” a chur in ionad “31 Deireadh Fómhair” gach áit a bhfuil sé, agus

(II) i mír (b), trí “30 Aibreán” a chur in ionad “30 Meán Fómhair”,

agus

(iii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an Tábla a ghabhann leis an alt sin:

“An Tábla

| An leibhéal láimhdeachais bhliantúil | Na rátaí dleachta |
|---|-------------------|
| (1) | (2) |
| Faoi bhun €50 milliún | €10,000 |
| €50 milliún ach méid is lú ná €75 mhilliún | €20,000 |
| €75 mhilliún ach méid is lú ná €100 milliún | €30,000 |
| €100 milliún ach méid is lú ná €150 milliún | €40,000 |
| €150 milliún ach méid is lú ná €200 milliún | €60,000 |
| €200 milliún ach méid is lú ná €300 milliún | €80,000 |
| €300 milliún ach méid is lú ná €400 milliún | €120,000 |
| €400 milliún ach méid is lú ná €500 milliún | €160,000 |
| €500 milliún nó méid is mó ná sin | €200,000 |

”,

agus

(c) in alt 66B—

(i) i bhfo-alt (1)(a), trí “€10,000” a chur in ionad “€5,000”,

(ii) i bhfo-alt (4)—

(I) i mír (a), trí “31 Bealtaine” a chur in ionad “31 Deireadh Fómhair” gach áit a bhfuil sé, agus

(II) i mír (b), trí “30 Aibreán” a chur in ionad “30 Meán Fómhair”,

agus

(iii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an Tábla a ghabhann leis an alt sin:

“An Tábla

| An leibhéal tuillimh coimisiúin bhliantúil | Na rátaí dleachta |
|--|-------------------|
| (1) | (2) |
| Faoi bhun €3 mhilliún | €10,000 |
| €3 mhilliún ach méid is lú ná €4,500,000 | €20,000 |
| €4,500,000 ach méid is lú ná €6 mhilliún | €30,000 |
| €6 mhilliún ach méid is lú ná €9 milliún | €40,000 |
| €9 milliún ach méid is lú ná €12 mhilliún | €60,000 |
| €12 mhilliún ach méid is lú ná €18 milliún | €80,000 |
| €18 milliún ach méid is lú ná €24 mhilliún | €120,000 |
| €24 mhilliún ach méid is lú ná €30 milliún | €160,000 |
| €30 milliún nó méid is mó ná sin | €200,000 |

”.

(2) Leasaítear Caibidil 1 de Chuid 2 den Acht Airgeadais, 2002—

(a) in alt 65, trí “€500” a chur in ionad “€250”,

(b) in alt 66—

(i) i bhfo-alt (1), trí “€760” a chur in ionad “€380”,

(ii) i bhfo-alt (3)—

(I) trí “€760” a chur in ionad “€380”, agus

(II) tríd an leagan cuí gramadaí den abairt “tréimhse 24 mhí” a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh den fhocal “bliain” gach áit a bhfuil sé,

agus

(iii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (4):

“(4) San alt seo, ciallaíonn ‘tréimhse 24 mhí’ tréimhse 24 mhí dar tosach aon lú lá de Nollaig.”,

agus

(c) trí na hailt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 66:

“Socruithe íocaíochta i leith dleacht máil is iníochta faoi alt 65, 66A nó 66B

66C. (1) Maidir leis an dleacht máil is iníochta faoi alt 65, 66A nó 66B, de réir mar a bheidh, íocfar í, de rogha an duine a mbeidh sí iníochta amhlaidh aige nó aici—

(a) ina hiomláine an tráth a dhéanfar an ceadúnas a dheonú nó a athnuachan, nó

- (b) faoi réir fho-alt (2), ina dhá tráthchuid chomhionanna mar a leanas:
- (i) an chéad tráthchuid an tráth a dhéanfar an ceadúnas a dheonú nó a athnuachan, agus
 - (ii) an dara tráthchuid—
 - (I) i gcás dleacht máil is iníoctha faoi alt 65, an 30 Samhain díreach tar éis an ceadúnas lena mbaineann a dheonú nó a athnuachan, nó roimh an dáta sin,
 - (II) i gcás na dleachta máil is iníoctha faoi alt 66A nó 66B, de réir mar a bheidh, an 30 Meitheamh díreach tar éis an ceadúnas lena mbaineann a dheonú nó a athnuachan, nó roimh an dáta sin.
- (2) I gcás gur bliain amháin nó tréimhse is giorra ná sin an tréimhse idir an dáta a dheonófar an ceadúnas lena mbaineann agus an dáta a dhlífear é a athnuachan, déanfar an dleacht máil is iníoctha faoi alt 65, 66A nó 66B, de réir mar a bheidh, a íoc ina hiomláine an tráth a dheonófar an ceadúnas.

Socruithe íocaíochta i leith dleacht máil is iníoctha faoi alt 66

- 66D. (1) Maidir leis an dleacht máil is iníoctha faoi alt 66 ar áitreabh a chlárú nó ar chlárú áitribh a athnuachan, íocfar í, de rogha an duine dá dtagraítear faoi alt 66(2)—
- (a) ina hiomláine tráth an chláraithe nó an tráth a dhéanfar an clárú a athnuachan, nó
 - (b) faoi réir fho-alt (2), ina dhá tráthchuid chomhionanna mar a leanas:
 - (i) an chéad tráthchuid tráth an chláraithe nó an tráth a dhéanfar an clárú a athnuachan, agus
 - (ii) an dara tráthchuid an 30 Samhain díreach tar éis an chláraithe nó tar éis an clárú a athnuachan, nó roimh an dáta sin.
- (2) I gcás gur bliain amháin nó tréimhse is giorra ná sin an tréimhse idir dáta cláraithe an áitribh lena mbaineann agus an dáta a dhlífear an clárú a athnuachan, déanfar an dleacht máil is iníoctha faoi alt 66 a íoc ina hiomláine tráth an chláraithe.”.
- (3) Tiocfaidh *fo-alt (2)* i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú, agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh le haghaidh forálacha éagsúla nó chun críoch éagsúil.

Leasú ar alt 135C den Acht Airgeadais, 1992 (loghadh nó aisíoc i leith cáin cláraithe feithiclí, etc.)

55. (1) Leasaítear alt 135C den Acht Airgeadais, 1992—

- (a) i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) I gcás go ndéanfaidh duine feithicil de chuid earnáil A nó feithicil de chuid earnáil B a chlárú den chéad uair le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2011 go dtí an 31 Nollaig 2014 agus gur deimhin leis na Coimisinéirí gur feithicil leictreach hibrideach a táirgeadh mar chuid de shraith an fheithicil, ansin déanfaidh na Coimisinéirí méid a loghadh nó a aisíoc leis an duine sin a bheidh comhionann leis an méid is lú díobh seo a leanas—

- (i) an cháin cláraithe feithiclí a bheadh, ar leith ón bhfo-alt seo, iníoctha i leith na feithicle de réir mhír (a) nó (c) d’alt 132(3), nó
- (ii) an méid a shonraítear sa Tábla a ghabhann leis an bhfo-alt seo agus is inchurtha i leith na feithicle ag féachaint dá haois.”,

agus

(b) i bhfo-ailt (2), (3) agus (4), trí “31 Nollaig 2014” a chur in ionad “31 Nollaig 2013” gach áit a bhfuil sé.

(2) Tiocfaidh *fo-alt (1)* i ngníomh an 1 Eanáir 2014.

Leasú ar alt 139 den Acht Airgeadais, 1992 (cionta agus pionóis)

56. Leasaítear alt 139 den Acht Airgeadais, 1992—

(a) i bhfo-alt (5)—

- (i) i mír (a), trí “12 mhí” a chur in ionad “6 mhí”, agus
- (ii) i mír (b), trí “€126,970” a chur in ionad “€12,695”,

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (6):

“(7) Beidh feidhm ag alt 13 den Acht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967 i ndáil le cion faoin alt seo amhail is dá mba rud é, in áit na bpionós a shonraítear i bhfo-alt (3) den alt sin, go sonrófaí san fho-alt sin na pionóis dá bhforáiltear le fo-alt (5)(a) den alt seo, agus déanfar an tagairt i bhfo-alt (2)(a) d’alt 13 den Acht um Nós Imeachta Coiriúil, 1967 do na pionóis dá bhforáiltear i bhfo-alt (3) den alt sin a fhorléiriú, agus beidh feidhm aici, dá réir sin.”.

CUID 3

CÁIN BHREISLUACHA

Léiriú (Cuid 3)

57. Sa Chuid seo, ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010.

Leasú ar alt 46 den Phríomh-Acht (rátaí cánach)

58. Leasaítear alt 46 den Phríomh-Acht, le héifeacht ón 1 Eanáir 2014, i bhfo-alt (1)(ca), trí “le linn na tréimhse 1 Iúil, 2011 go 31 Nollaig, 2013,” a scriosadh.

Leasú ar alt 59 den Phríomh-Acht (asbhaint i leith cáin a iompraíodh nó a íocadh)

59. Leasaítear alt 59 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (2), trí mhír (m) a scriosadh, agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) Le linn an méid cánach is iníoctha ag duine cuntasach i leith tréimhse inchánach a ríomh, féadfaidh an duine sin an cháin a asbhaint a mhuirearaigh daoine cuntasacha eile air nó uirthi le linn na tréimhse i leith seirbhísí a bhain go díreach le haistriú úinéireachta earraí a bheadh faoi réir cánach, mura mbeadh oibriú alt 20(2)(c).”.

Cáin is inasbhainte i ndáil le comaoin neamhíoctha a choigeartú

60. (1) Leasaítear Cuid 8 den Phríomh-Acht, i gCaibidil 1, tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 62:

“62A. (1) Faoi réir fho-alt (4), más rud é—

(a) go ndearna duine cuntasach, le linn tréimhse inchánach (dá ngairtear an ‘tréimhse tosaigh’ san alt seo), cáin a asbhaint de réir fho-alt (2) nó (2A) d’alt 59, agus

(b) nach ndearna an duine cuntasach sin an chomaoin, nó cuid di, a bhí dlite do sholáthróir na n-earraí nó na seirbhísí a íoc an lá deireanach den tréimhse inchánach tar éis na tréimhse tosaigh, nó roimh an lá sin,

laghdóidh an duine cuntasach sin an méid cánach is inasbhainte aige nó aici de réir fho-alt (2).

(2) I gcás go mbeidh feidhm ag fo-alt (1), laghdóidh an duine cuntasach an méid cánach is inasbhainte aige nó aici, sa tréimhse inchánach tar éis na tréimhse tosaigh, de mhéid a ríomhfar de réir na foirmle seo a leanas, faoi réir aon chionroinnt a eascróidh de réir alt 61:

$$(A-B) \times C$$

i gcás—

gurb é A an chomaoin iomlán (gan cáin bhreisluacha a áireamh),

gurb é B an chomaoin nó an chuid di (gan cáin bhreisluacha a áireamh) a íocadh, agus

gurb é C an ráta faoin gcéad cánach is inmhuirearaithe i ndáil le soláthar na n-earraí nó na seirbhísí.

- (3) I gcás go ndearna duine cuntasach an méid cánach is inasbhainte i dtréimhse inchánach a laghdú de réir fho-alt (2) agus go ndéanfaidh an duine cuntasach sin an chomaoin, nó an chuid di, a bheidh dlite do sholáthróir na n-earraí nó na seirbhísí a íoc ina dhiaidh sin, déanfaidh an duine cuntasach sin, sa tréimhse inchánach inar íocadh an chomaoin sin, nó an chuid sin di, méid na cánach is inasbhainte aige nó aici a mhéadú de mhéid a ríomhfar de réir na foirmle seo a leanas, faoi réir aon chionroinnt a eascróidh de réir alt 61:

D x C

i gcás—

gurb é D an chomaoin nó an chuid di (gan cáin bhreisluacha a áireamh) a íocadh le linn na tréimhse sin, agus

gurb é C an ráta faoin gcéad cánach is inmhuirearaithe i ndáil le soláthar na n-earraí nó na seirbhísí.

- (4) Más rud é, ar an dáta dlite chun an tuairisceán a chur isteach a cheanglaítear faoi alt 76 nó 77 maidir leis an tríú tréimhse inchánach tar éis na tréimhse tosaigh, nó roimh an dáta sin, go sásóidh duine cuntasach na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil forais réasúnacha ann nach ndearna sé nó sí an chomaoin iomlán, nó cuid di, a íoc leis an soláthróir ar an dáta dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(b) nó roimhe, ní bheidh feidhm ag an alt seo.

- (5) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim rialacháin a dhéanamh i ndáil le hoibriú an ailt seo.”.

- (2) Tá éifeacht leis an alt seo i ndáil le tréimhsí tosaigh (de réir bhrí alt 62A (a chuirtear isteach le *fo-alt (1)*) den Phríomh-Acht) dar tosach an 1 Eanáir 2014 nó dá éis.

Leasú ar alt 120 den Phríomh-Acht (rialacháin)

61. Leasaítear alt 120 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (8)—

(a) i mír (g), trí “den sórt sin;” a chur in ionad “den sórt sin.” i bhfomhír (iv), agus

(b) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (g):

“(h) i ndáil le halt 62A—

(i) an modh ar a ríomhfar coigeartú, agus

(ii) na himthosca ina bhféadfadh sé nár ghá coigeartú.”.

Leasú ar alt 64 den Phríomh-Acht (scéim earraí caipitiúla)

62. Leasaítear alt 64 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (12A)—

(a) i mír (a), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “dáta tosaigh”:

“ciallaíonn ‘dáta tosaigh’—

- (i) i gcás go bhfuil feidhm ag fomhír (i) nó (ii) de mhír (b), an dáta a ghlacann an morgáistí seilbh nó a cheaptar an glacadóir, nó
 - (ii) i gcás go bhfuil feidhm ag fomhír (i) nó (ii) de mhír (ba), an 1 Bealtaine 2014.”,
- (b) i mír (b), trí “, an 27 Márta 2013 nó dá éis” a chur isteach i ndiaidh “muirir nó liain agus”,
- (c) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(ba) I gcás go sealbhaítear earra caipitiúil mar urrús nó go bhfuil sé faoi réir muirir nó liain agus, roimh an 27 Márta 2013—

(i) gur ghlac morgáistí seilbh, nó

(ii) gur cheap morgáistí glacadóir, nó gur ceapadh glacadóir ar iarratas ó mhorgáistí nó faoi alt 147 den Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, 2009 nó ar aon mhodh eile,

ansin déanfaidh an mainnitheoir, laistigh de 60 lá tar éis dháta rite an *Achta Airgeadais (Uimh. 2), 2013*, cóip den taifead earraí caipitiúla a thabhairt don mhorgáistí sin nó don ghlacadóir sin agus, ar an dáta tosaigh agus ón dáta tosaigh, ach faoi réir na bhforálacha ina dhiaidh seo den fho-alt seo, déileálfar leis an morgáistí sin nó leis an nglacadóir sin chun críocha na Caibidle seo amhail is dá mba é nó í an morgáistí sin nó an glacadóir sin an t-úinéir earraí caipitiúla.”,

agus

(d) i mír (c)—

(i) trí “nó (ba)” a chur isteach i ndiaidh “I gcás ina bhfuil feidhm ag mír (b)”,

(ii) trí “nó (ba), de réir mar is cuí” a chur isteach i ndiaidh “de réir mhír (b)”, agus

(iii) trí “nó is inasbhainte” a chur isteach i ndiaidh “is iníoctha”.

Leasú ar alt 80 den Phríomh-Acht (cáin atá dlite ar bhonn airgead a fuarthas)

63. Leasaítear alt 80 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1)(b), le héifeacht ón 1 Bealtaine 2014, trí “€2,000,000” a chur in ionad “€1,250,000”.

Leasú ar alt 86 den Phríomh-Acht (forálacha speisialta i leith cáin arna sonrasc ag feirmeoirí cothromráta)

64. Leasaítear alt 86 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1), le héifeacht ón 1 Eanáir 2014, trí “5 faoin gcéad” a chur in ionad “4.8 faoin gcéad”.

Fógra maidir le ceanglas faisnéis áirithe, etc., a thabhairt

65. Leasaítear Cuid 13 den Phríomh-Acht—

(a) i gCaibidil 1, tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 108:

“Fógra maidir le ceanglas faisnéis áirithe, etc., a thabhairt

108A. (1) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, d’fhonn imghabháil cánach a chosc agus a bhrath, fógra i scríbhinn a sheirbheáil ar dhuine cuntasach a mbeidh forais réasúnacha ag na Coimisinéirí Ioncaim chun a chreidiúint ina leith gur dócha go bhfuil faisnéis bhreise, mínithe breise nó sonraí breise aige nó aici i leith aon leabhair, taifid (de réir bhrí alt 108), cuntais nó doiciméid eile a bhaineann lena sholáthairtí nó lena soláthairtí earraí dá chustaiméirí nó dá custaiméirí agus a d’fhéadfadh cuidiú chun soláthairtí inchánach a aithint ar ina leith nach n-íocfar cáin is inmhuirearaithe, nó nach dócha go n-íocfar cáin is inmhuirearaithe, á cheangal ar an duine cuntasach aon fhaisnéis, mínithe nó sonraí den sórt sin a thabhairt do na Coimisinéirí a theastóidh uathu le réasún agus ar dóigh leo go gcuideoidh siad amhlaidh.

(2) Maidir le fógra a sheirbheálfar faoi fho-alt (1)—

(a) sonrófar ann—

- (i) an dáta óna mbeidh éifeacht leis an bhfógra, ar dáta é nach luaithe ná 7 lá ó dháta seirbheála an fhógra,
- (ii) an fhaisnéis, na mínithe nó na sonraí, dá dtagraítear i bhfo-alt (1), a cheanglófar a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim,
- (iii) an tréimhse ar lena linn a bheidh éifeacht leis an bhfógra, ar tréimhse í nach faide ná 2 mhí ón dáta a shonrófar faoi fhomhír (i),
- (iv) an tréimhse ar laistigh di a dhéanfaidh an duine cuntasach an fhaisnéis, na mínithe nó na sonraí a shonrófar a thabhairt do na Coimisinéirí, ar tréimhse í nach giorra ná 14 lá ó dheireadh na tréimhse a shonrófar faoi fhomhír (iii), agus
- (v) an fhoirm ina ndéanfar an fhaisnéis, na mínithe nó na sonraí a shonrófar a thabhairt do na Coimisinéirí,

agus

(b) déanfar na hiarmhairtí faoi alt 115(8A) a ghabhfaidh le mainneachtain an fógra a chomhlíonadh a chur in iúl don duine cuntasach leis.”,

agus

(b) i gCaibidil 3, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (8) d’alt 115—

“(8A) Aon duine a mhainneoidh an fhaisnéis, na mínithe nó na sonraí a shonrófar i bhfógra a sheirbheálfar ar an duine faoi fho-alt (1) d’alt 108A a thabhairt do na Coimisinéirí Ioncaim laistigh den tréimhse a shonrófar san fhógra, dlífeáir pionós €4,000 a chur air nó uirthi.”.

Mar a dhéileálfar, ó thaobh cánach, le capaill agus cúnna**66. (1) Leasaítear an Príomh-Acht—**

(a) in alt 2(1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhíneithe ar “beostoc”:

“ciallaíonn ‘beostoc’—

(a) eallach, caoirigh, gabhair, muca agus fianna, agus iad beo, agus

(b) capaill bheo atá beartaithe de ghnáth lena n-úsáid le linn earraí bia a ullmhú nó i dtáirgeadh talmhaíochta;”,

(b) in alt 46(1)—

(i) i mír (ca), trí “, 13(3) agus 13B(1) go (3)” a chur in ionad “agus 13(3)”, agus

(ii) i mír (d), trí “agus cúnna beo agus le fruiliú capall” a scriosadh,

agus

(c) i Sceideal 3—

(i) i mír 10, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (2):

“(2) Seirbhísí inseamhnaithe ainmhithe seachas na seirbhísí a shonraítear i bhfomhíreanna (4) agus (5) de mhír 13B.”,

agus

(ii) tríd an gCuid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Chuid 2A:

“CUID 2B

**SOLÁTHAIRTÍ ÁIRITHE LENA NGABHANN RÁTA LAGHDAITHE: FORÁLACHA
SPEISIALTA DE RÉIR AIRTEAGAL 113 DEN TREOIR CBL**

Capaill agus cúnna

13B. (1) Soláthar capall beo seachas capaill atá beartaithe de ghnáth lena n-úsáid—

(a) le linn earraí bia a ullmhú, nó

(b) i dtáirgeadh talmhaíochta.

(2) Fruiliú capall.

(3) Soláthar cúnna beo.

(4) Soláthar seirbhísí inseamhnaithe le haghaidh cúnna.

(5) Soláthar seirbhísí inseamhnaithe le haghaidh capall seachas capaill atá beartaithe de ghnáth lena n-úsáid—

- (a) le linn earraí bia a ullmhú, nó
 - (b) i dtáirgeadh talmhaíochta.
- (6) Soláthar seamhain capaill ó chapail seachas capaill atá beartaithe de ghnáth lena n-úsáid—
- (a) le linn earraí bia a ullmhú, nó
 - (b) i dtáirgeadh talmhaíochta.”.

(2) Tiocfaidh *fo-alt (1)* i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú.

Leasú ar Sceideal 1 a ghabhann leis an bPríomh-Acht

67. Leasaítear Sceideal 1 a ghabhann leis an bPríomh-Acht, i mír 14(2), le héifeacht ón 1 Eanáir 2014, trí “agus Uisce Éireann” a chur isteach i ndiaidh “Údaráis áitiúla”.

CUID 4

DLEACHTANNA STAMPA

Léiriú (Cuid 4)

68. Sa Chuid seo, ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999.

Leasú ar alt 81AA (aistrithe chuig feirmeoirí óga oilte) den Phríomh-Acht agus ar Sceideal 2B (cáilíochtaí chun iarratas a dhéanamh ar fhaoiseamh ó dhleacht stampa i leith aistrithe chuig feirmeoirí óga oilte) a ghabhann leis

69. (1) Leasaítear an Príomh-Acht—

(a) in alt 81AA(6)(b), trí “Údarás na hÉireann um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta” a chur in ionad “Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann”, agus

(b) i Sceideal 2B—

(i) i mír 1, trí “Údarás na hÉireann um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta” a chur in ionad “Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna”,

(ii) i mír 2, trí “Údarás na hÉireann um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta” a chur in ionad “Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna”,

(iii) i mír 2, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (o):

“(p) Ardteastas Eolaíochta — Talmhaíocht Fheidhmeach.”,

agus

(iv) i mír 3, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fhomhír (b):

“(ba) Baitsiléir Eolaíochta Talmhaíochta — Eolaíocht Ainmhithe Eachaí, arna dhámhachtain ag Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath;

(bb) Baitsiléir Eolaíochta Talmhaíochta — Gnó Déiríochta, arna dhámhachtain ag Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath;”.

(2) (a) Tá éifeacht le *fo-alt (1)(a)* i leith teastais arna ndeonú ag Teagasc an 6 Samhain 2012 nó dá éis.

(b) Tá éifeacht le *fomhíreanna (i)* agus *(ii) d’fho-alt (1)(b)* i leith cáilíochtaí arna ndámhachtain an 6 Samhain 2012 nó dá éis.

Margadh na nUrrús Fiontraíochta

70. (1) Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 86:

“86A. (1) Ní bheidh dleacht stampa inmhuirearaithe ar aon tíolacas nó aistriú stoc nó urrús inmhargaidh a ligtear isteach i Margadh na nUrrús Fiontraíochta a oibríonn Stocmhalartán na hÉireann Teoranta.

(2) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (1) maidir le haon tíolacas nó aistriú stoc nó urrús inmhargaidh i gcás go ndearna Stocmhalartán na hÉireann Teoranta ligean isteach na stoc nó na n-urrús inmhargaidh i Margadh na nUrrús Fiontraíochta a chur ar ceal.”.

(2) Tiocfaidh an t-alt seo i ngníomh cibé lá a cheapfaidh an tAire Airgeadais le hordú.

Leasú ar alt 125B den Phríomh-Acht (tobhach ar scéimeanna pinsean)

71. Leasaítear alt 125B den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1)—

(i) i míreanna (a) agus (b) den mhíniú ar “méid inmhuirearaithe”, trí “2013, 2014 nó 2015” a chur in ionad “2013 nó 2014” gach áit a bhfuil sé, agus

(ii) sa mhíniú ar “dáta dlite”, trí “2013, 2014 nó 2015” a chur in ionad “2013 nó 2014”,

(b) i bhfo-alt (2), trí “2013, 2014 agus 2015” a chur in ionad “2013 agus 2014”, agus

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Déanfar dleacht stampa de mhéid is comhionann—

(a) le 0.6 faoin gcéad den mhéid inmhuirearaithe do gach bliain de na blianta 2011, 2012 agus 2013,

(b) le 0.75 faoin gcéad den mhéid inmhuirearaithe don bhliain 2014, agus

(c) le 0.15 faoin gcéad den mhéid inmhuirearaithe don bhliain 2015,

a mhuirearú ar gach ráiteas a sheachadfaidh duine inmhuirearaithe de bhun fho-alt (2).”.

Tobhach breise ar fhorais airgeadais áirithe

72. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 126A:

“126AA. (1) San alt seo—

tá le ‘cáin chuí’ an bhrí a shanntar dó le halt 256 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997;

ciallaíonn ‘méid inmheasúnaithe’, i ndáil le duine iomchuí, an cháin choinneála iomchuí i ndáil leis an duine;

ciallaíonn ‘gnó iomchuí’ gnó duine iomchuí arb é atá ann taiscí iomchuí (de réir bhrí alt 256 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997) a ghlacadh agus a shealbhú agus ar ina leith a bhí oibleagáid ar an duine aon mhéid a íoc faoi alt 258 nó 259 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997;

ciallaíonn ‘dáta dlite’—

- (a) i leith na bliana 2014, an 20 Deireadh Fómhair 2014,
- (b) i leith na bliana 2015, an 20 Deireadh Fómhair 2015, agus
- (c) i leith na bliana 2016, an 20 Deireadh Fómhair 2016;

ciallaíonn ‘duine iomchuí’—

- (a) duine a bhí, sa bhliain 2011, ina shealbhóir nó ina sealbhóir ar cheadúnas a deonaíodh faoi alt 9 d’Acht an Bhainc Ceannais, 1971 nó a shealbhaigh ceadúnas nó údarú eile den tsamhail chéanna faoi dhlí aon Bhallstáit eile de na Comhphobail Eorpacha a fhreagraíonn do cheadúnas arna dheonú faoin alt sin, nó
- (b) duine a bhí, sa bhliain 2011, ina chumann foirgníochta nó ina cumann foirgníochta de réir bhrí an Achta Cumann Foirgníochta, 1989 nó ina chumann nó ina cumann a bunaíodh de réir dlí aon Bhallstáit eile de na Comhphobail Eorpacha a fhreagraíonn don Acht sin,

agus—

- (i) go raibh d’oibleagáid ar an duine, sa bhliain 2011—
 - (I) cáin chuí a íoc faoi alt 258(3) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, nó
 - (II) méid a íoc ar cuntas cáin chuí faoi alt 258(4) nó 259(4) den Acht sin,
 agus
- (ii) go bhfuil trádáil nó gnó á seoladh nó á sheoladh ag an duine sa Stát (cibé acu a áirítear nó nach n-áirítear ann gnó iomchuí),

ach ní mheasfar gur duine iomchuí duine i gcás nár mhó ná €100,000 an cháin choinneála iomchuí i ndáil leis an duine sa bhliain 2011;

ciallaíonn ‘cáin choinneála iomchuí’, i ndáil le duine iomchuí, méid arna chinneadh de réir na foirmle—

$$A + B - C$$

i gcás—

gurb é atá in A méid is comhionann lena gcomhiomlán seo a leanas—

- (a) an cháin chuí a d'íoc an duine sa bhliain 2011 faoi alt 258(3) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, agus
- (b) an méid a d'íoc an duine sa bhliain 2011 ar cuntas cáin chuí faoi alt 258(4) nó 259(4) den Acht sin,

gurb é B comhiomlán aon mhéideanna cánach cuí, nó aon mhéideanna ar cuntas cáin chuí, a d'íoc an duine tar éis na bliana 2011 agus ar cheart don duine iad a íoc sa bhliain 2011 de réir alt 258 nó 259 den Acht sin, agus

gurb é C comhiomlán aon mhéideanna cánach cuí a d'íoc an duine sa bhliain 2011 agus—

- (a) atá ar áireamh in A, agus
- (b) a chomhaontaigh an duine agus oifigeach do na Coimisinéirí tráth na híocaíochta nó roimhe mar cháin ar cheart í a íoc roimh an mbliain 2011 de réir an ailt sin 258;

ciallaíonn ‘an bhliain 2011’ an tréimhse 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig 2011.

- (2) Déanfaidh duine iomchuí, i leith gach ceann de na blianta 2014, 2015 agus 2016, tráth nach déanaí ná an dáta dlite i leith na bliana sin, ráiteas i scríbhinn a sheachadadh ar na Coimisinéirí ina dtaispeánfar an méid inmheasúnaithe don duine sin.
- (3) Más rud é, aon tráth le linn tréimhse dar tosach an 1 Eanáir 2011 agus dar críoch tráth díreach roimh dháta dlite—
 - (a) gur scoir duine iomchuí de ghnó iomchuí a sheoladh, agus
 - (b) go bhfuair duine eile (dá ngairtear an ‘duine is comharba’ san alt seo) an gnó iomchuí iomlán nó bunáite an ghnó iomchuí iomlán,
 ní cheanglófar ar an duine iomchuí ráiteas a sheachadadh an dáta dlite de réir fho-alt (2) ach déanfaidh an duine is comharba—
 - (i) i gcás go gceanglófar ar an duine is comharba, ar leith ón bhfo-alt seo, ráiteas a sheachadadh an dáta dlite de réir fho-alt (2), an méid inmheasúnaithe sa ráiteas sin a mhéadú den mhéid inmheasúnaithe i ndáil leis an duine iomchuí, agus
 - (ii) in aon chás eile, ráiteas a sheachadadh an dáta dlite de réir fho-alt (2) amhail is dá mba é nó í an duine is comharba an duine iomchuí.
- (4) Más rud é, aon tráth le linn tréimhse dar tosach an tráth a fuair duine is comharba gnó iomchuí iomlán nó bunáite gnó iomchuí iomlán ón duine iomchuí dá dtagraítear i bhfo-alt (3), ionas go mbaineann an fo-alt sin leis an duine is comharba, agus dar críoch díreach roimh dháta dlite—
 - (a) gur scoir an duine is comharba den ghnó iomchuí a fuarthas amhlaidh a sheoladh, agus

(b) go bhfuair duine eile (dá ngairtear ‘an chéad duine eile is comharba’ san alt seo) an gnó iomchuí iomlán nó bunáite an ghnó iomchuí iomláin,

ní cheanglófar ar an duine is comharba ráiteas a sheachadadh an dáta dlite de réir fho-alt (3) ach déanfaidh an chéad duine eile is comharba—

(i) i gcás go gceanglófar ar an gcéad duine eile is comharba, ar leith ón bhfo-alt seo, ráiteas a sheachadadh an dáta dlite de réir fho-alt (2), an méid inmheasúnaithe sa ráiteas sin a mhéadú den mhéid inmheasúnaithe i ndáil leis an duine iomchuí, agus

(ii) in aon chás eile, ráiteas a sheachadadh an dáta dlite de réir fho-alt (2) amhail is dá mba é nó í an chéad duine eile is comharba an duine iomchuí.

(5) Más rud é, aon tráth le linn tréimhse dar tosach an tráth a fuair an chéad duine eile is comharba gnó iomchuí iomlán nó bunáite gnó iomchuí iomláin, ionas gur ceanglaíodh ar an duine sin—

(a) méid inmheasúnaithe a mhéadú de mhéid inmheasúnaithe i ndáil le duine iomchuí, nó

(b) ráiteas a sheachadadh amhail is dá mba dhuine iomchuí an chéad duine eile is comharba,

agus dar críoch tráth díreach roimh dháta dlite—

(i) gur scoir an chéad duine eile is comharba den ghnó iomchuí a fuarthas amhlaidh a sheoladh, agus

(ii) go bhfuair duine eile (dá ngairtear ‘an duine breise is comharba’ san alt seo) an gnó iomchuí iomlán nó bunáite an ghnó iomchuí iomláin,

ní cheanglófar ar an gcéad duine eile is comharba ráiteas a sheachadadh an dáta dlite de réir fho-alt (4) ach déanfaidh an duine breise is comharba—

(I) i gcás go gceanglófar ar an duine breise is comharba, ar leith ón bhfo-alt seo, ráiteas a sheachadadh an dáta dlite de réir fho-alt (2), an méid inmheasúnaithe sa ráiteas sin a mhéadú den mhéid inmheasúnaithe i ndáil leis an duine iomchuí, agus

(II) in aon chás eile, ráiteas a sheachadadh an dáta dlite de réir fho-alt (2) amhail is dá mba é nó í an duine breise is comharba an duine iomchuí,

agus mar sin de le haghaidh comharbais bhreise.

(6) Déanfar dleacht stampa a bheidh ar cóimhéid le 35 faoin gcéad den mhéid inmheasúnaithe a mhuirearú ar aon ráiteas a sheachadfar de réir fho-alt (2).

(7) Déanfaidh duine iomchuí an dleacht stampa a mhuirearófar le fo-alt (6) ar ráiteas a sheachadfaidh an duine sin de réir fho-alt (2) a íoc ar an ráiteas a sheachadadh.

(8) Déanfaidh duine iomchuí cibé sonraí a theastóidh ó na Coimisinéirí, i ndáil le haon ráiteas a cheanglófar leis an alt seo ar an duine a sheachadadh, a thabhairt do na Coimisinéirí.

(9) I gcás duine iomchuí do dhéanamh mainneachtain—

(a) aon ráiteas a sheachadadh a gceanglófar ar an duine sin é a sheachadadh faoi fho-alt (2), nó

(b) an dleacht stampa is inmhuirearaithe ar aon ráiteas den sórt sin a íoc,

an dáta dlite nó roimhe i leith na bliana lena mbaineann, beidh an duine faoi dhliteanas, ón dáta dlite lena mbaineann go dtí an lá a íocfar an dleacht stampa, ús ar an dleacht stampa, arna ríomh de réir alt 159D, a íoc i dteannta na dleachta stampa agus, freisin, ón 20 Deireadh Fómhair sa bhliain ina mbeidh an ráiteas le seachadadh de réir fho-alt (2), suim €380 in aghaidh gach lae a fhanfaidh an dleacht stampa gan íoc a íoc mar phionós.

(10) Féadfaidh na Coimisinéirí seachadadh aon ráitis a cheanglófar le fo-alt (2) a fhorfheidhmiú faoi alt 47 den *Succession Duty Act* 1853 ar gach slí amhail is dá mba é a bhí sa ráiteas sin an cuntas sin a luaitear san alt sin agus amhail is dá mba é a bhí sa mhainneachtain an ráiteas sin a sheachadadh an mhainneachtain sin a luaitear san alt sin.

(11) Ní dhéanfar an dleacht stampa, ús ar an dleacht stampa agus aon phionós a bheidh dlite faoi fho-alt (9) a mhuirearófar leis an alt seo a lamháil mar asbhaint chun aon cháin nó dleacht is iníoctha ag an duine iomchuí agus atá faoi chúram agus faoi bhainistiú na gCoimisinéirí a ríomh.”.

CUID 5

ILGHNÉITHEACH

Léiriú (Cuid 5)

73. Sa Chuid seo, ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997.

Daoine inmhuirearaithe: féinmheasúnachtaí

74. Leasaítear Caibidil 4 de Chuid 41A den Phríomh-Acht—

(a) in alt 959R(5)(a), trí “de réir cibé ríomh cánach táscaí a sholáthrófar tríd an gcóras leictreonach” a chur in ionad “de réir ríomh cánach táscaí arna sholáthar tríd an gcóras leictreonach”,

(b) in alt 959S, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(4) I gcás go measúnófar an duine inmhuirearaithe i leith cánach faoi alt 1023 nó 1031H, agus gur duine inmhuirearaithe freisin a chéile nó a céile nó a pháirtnéir sibhialta nó a páirtnéir sibhialta, de réir mar a bheidh, ansin, i ndáil leis an tuairisceán lena mbaineann, ní dhéanfar aon fhéinmheasúnacht faoi fho-alt (2) go dtí cibé tráth a mbeidh a thuairisceán nó a tuairisceán don bhliain mheasúnachta seachadta ag an gcéile nó ag an bpáirtnéir sibhialta, de réir mar a bheidh.”.

agus

(c) in alt 959V—

(i) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) Ní fhéadfar tuairisceán ná féinmheasúnacht a leasú faoin alt seo ach amháin más rud é—

(a) go n-éireoidh leasú den sórt sin as lamháltas, creidmheas, asbhaint nó faoiseamh atá dlite faoi na hAchtanna,

(b) gur gá leasú den sórt sin chun earráid nó dearmad a cheartú, nó

(c) gur gá leasú den sórt sin chun aon fhoráil eile de na hAchtanna a chomhlíonadh,

agus sonrófar i bhfógra maidir le leasú faoin alt seo cibé mír nó míreanna de mhíreanna (a), (b) agus (c) ag a mbeidh feidhm.”,

agus

(ii) i bhfo-alt (4), tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(c) Ní bheidh feidhm ag an bhfo-alt seo maidir le leasú ar thuairisceán nó ar fhéinmheasúnacht a mhéid a bhaineann sé le cáin ghnóchan caipitiúil.”.

Cáin a aisíoc

75. (1) Leasaítear alt 865 den Phríomh-Acht—

(a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) I gcás go ndéanfaidh duine inmhuirearaithe (de réir bhrí Chuid 41A) éileamh faoi fho-alt (2) ar aisíoc cánach nach mbeadh dlite murach earráid nó dearmad dá dtagraítear san fho-alt sin, ní éileamh bailí chun críocha fho-alt (3) é mura ndéanfar an tuairisceán agus an fhéinmheasúnacht don tréimhse lena mbaineann an t-éileamh a leasú, de réir alt 959V, chun an earráid nó an dearmad a cheartú.

(2B) I gcás go ndéanfaidh duine inmhuirearaithe (de réir bhrí alt 950) éileamh faoi fho-alt (2) ar aisíoc cánach nach mbeadh dlite murach earráid nó dearmad dá dtagraítear san fho-alt sin agus go mbainfidh an t-éileamh le tréimhse chuntasaíochta a thosaigh roimh an 1 Eanáir 2013 nó le bliain mheasúnachta roimh an mbliain mheasúnachta 2013, ní éileamh bailí chun críocha fho-alt (3) é mura ndéanfar tuairisceán an duine don tréimhse chuntasaíochta nó don bhliain mheasúnachta, de réir mar a bheidh, lena mbaineann an t-éileamh a leasú, de réir alt 959V, chun an earráid nó an dearmad a cheartú agus, chun na críche sin, beidh feidhm ag alt 959V maidir le leasú den sórt sin amhail is—

(a) dá scriosfaí fo-ailt (2) agus (4) den alt sin,

(b) dá mba thagairtí do ‘tuairisceán’ tagairtí san alt sin do ‘tuairisceán agus féinmheasúnacht’, agus

(c) dá mba thagairtí d’alt 956 tagairtí san alt sin d’alt 959Z.”,

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Ní bheidh aisíoc cánach dlite faoi fho-alt (2) mura mbeidh éileamh bailí déanta chuig na Coimisinéirí Ioncaim chun na críche sin.”,

(c) i bhfo-alt (3A), trí “de réir bhrí Chuid 41A” a chur in ionad “de réir bhrí alt 950” i mír (a), agus

(d) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (8):

“(9) Ní choiscfidh aon ní san alt seo ar na Coimisinéirí Ioncaim éileamh a scrúdú tar éis aon aisíoc a dhéanamh agus—

(a) measúnacht a dhéanamh nó a leasú, de réir mar a bheidh—

(i) faoi Chaibidil 5 de Chuid 41A,

(ii) faoi alt 954 nó 955, de réir mar is cuí, i gcás go mbaineann an t-éileamh le tréimhse chuntasaíochta a thosaigh roimh an 1 Eanáir 2013 nó le bliain mheasúnachta roimh an mbliain mheasúnachta 2013, nó

(iii) faoi alt 960Q,

nó

(b) cinneadh a dhéanamh faoi alt 960Q, i gcás daoine nach daoine inmhuirearaithe.”.

(2) Tá feidhm ag *fo-alt (1)(c)*—

(a) i gcás tréimhse inmhuirearaithe (de réir bhrí alt 321(2) den Phríomh-Acht) is tréimhse chuntasaíochta de chuid cuideachta, maidir le tréimhsí inmhuirearaithe dar tosach an 1 Eanáir 2013 nó dá éis, agus

(b) i gcás seachas an cás sin dá dtagraítear i *mír (a)*, maidir leis an mbliain mheasúnachta 2013 agus le blianta measúnachta dá héis.

(3) Ní dhéanann *fo-alt (1)(c)* difear d’fheidhm alt 865(3A) den Phríomh-Acht, a leasaítear le *fo-alt (1)(c)*, maidir le tréimhsí inmhuirearaithe (de réir na brí a dúradh) roimh na tréimhsí inmhuirearaithe sin dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)*.

Leasú ar alt 887 den Phríomh-Acht (sonra-phróiseáil leictreonach a úsáid)

76. Leasaítear alt 887 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (2), trí “a ghiniúint,” a chur isteach i ndiaidh “féadfar taifead”.

Íocaíochtaí a bhaineann leis na Neachtlananna Maighdilíneacha

77. (1) Leasaítear an Príomh-Acht—

(a) tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 205:

“Íocaíochtaí a bhaineann leis na Neachtlananna Maighdilíneacha

205A. (1) San alt seo—

ciallaíonn ‘pearsa aonair iomchuí’ pearsa aonair a ndearnadh íocaíocht iomchuí leis nó léi;

ciallaíonn ‘íocaíocht iomchuí’ íocaíocht arna déanamh nó íocaíochtaí arna ndéanamh, go díreach nó go neamhdhíreach, le pearsa aonair iomchuí ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Cosanta nó thar a cheann nó thar a ceann, de réir an Tábla Íocaíochtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn A a ghabhann le Tuarascáil an Choimisiúin ar na Neachtlanna Maighdilíneacha dar dáta Bealtaine 2013 maidir le scéim *ex gratia* a bhunú agus nithe gaolmhara chun tairbhe do na mná sin a tugadh isteach sna Neachtlanna Maighdilíneacha agus a d’oibrigh iontu.

(2) Tá feidhm ag an alt seo maidir leis na híocaíochtaí seo a leanas:

- (a) íocaíocht iomchuí;
- (b) méid is comhionann leis an bPinsean Stáit (Ranníocach) mar a leagtar amach i gcolún 2 de Chuid 1 de Sceideal 2 a ghabhann leis an Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005 le pearsa aonair iomchuí;
- (c) méid is comhionann leis an bPinsean Stáit (Neamhranníocach) mar a leagtar amach i gCuid 3 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh, 2005 le pearsa aonair iomchuí;
- (d) aon íocaíocht, seachas íocaíocht dá dtagraítear i míreanna (a) go (c), arna déanamh ag an Aire Coimirce Sóisialaí nó thar a cheann nó thar a ceann le pearsa aonair iomchuí, de bhua an phearsa aonair sin a bheith ina phearsa aonair iomchuí nó ina pearsa aonair iomchuí.

(3) Chun críocha na nAchtanna Cánach Ioncaim, agus d’ainneoin aon fhoráil dá mhalairt de chuid na nAchtanna sin, tabharfar neamhaird ar íocaíocht lena mbaineann an t-alt seo arna déanamh le pearsa aonair iomchuí.”,

agus

(b) in alt 613(1)—

- (i) i mír (c), trí “gairm;” a chur in ionad “gairm.”, agus
- (ii) tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (c):

“(d) aon íocaíocht lena mbaineann alt 205A.”.

(2) Leasaítear alt 82 den Acht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003, i bhfo-alt (1), tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (b):

“(ba) aon íocaíocht lena mbaineann alt 205A den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997;”.

(3) Beidh feidhm ag an alt seo maidir le híocaíochtaí lena mbaineann alt 205A (a chuirtear isteach le *fo-alt (1)*) den Phríomh-Acht arna ndéanamh an 1 Lúnasa 2013 nó dá éis.

Fíneálacha agus pionóis a mhaolú agus a chur chun feidhme

78. (1) Aisghairtear na forálacha seo a leanas:

- (a) alt 35 den *Inland Revenue Regulation Act* 1890;
- (b) alt 209 den *Customs Consolidation Act* 1876;
- (c) alt 118 den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010.

(2) Leasaítear an tAcht Airgeadais, 2001 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 130:

“130. Féadfaidh breitheamh trialach, dá rogha féin, aon fhíneáil nó pionós a mhaolú a tabhaíodh mar gheall ar aon chion faoin dlí máil nó de bhua an dlí máil, ar choinníoll nach mó an méid a mhaolófar amhlaidh ná 50 faoin gcéad de mhéid na fíneála nó an phionóis.”

(3) Leasaítear alt 58 den Acht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003, i bhfo-alt (9)(a), trí “1065,” a scriosadh.

(4) Leasaítear alt 133 den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 trí “1065,” a scriosadh.

(5) Leasaítear alt 1065 den Phríomh-Acht:

(a) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim, dá rogha féin—

(a) aon phionós a mhaolú, agus féadfaidh siad freisin, tar éis breithiúnais, aon phionós den sórt sin arna fhorchur faoi na hAchtanna a mhaolú tuilleadh,

(b) maidir le haon imeachtaí chun aon fhíneáil nó pionós arna forchur nó arna fhorchur faoi na hAchtanna a ghnóthú, iad a bhac nó a imshocrú.”

(b) i bhfo-alt (2)(a), trí “fíneáil nó” agus “na fíneála nó” a scriosadh, agus

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3):

“(4) San alt seo, tá le ‘na hAchtanna’ an bhrí chéanna atá leis in alt 1077A(1).”

Tuairisceáin Ioncaim áirithe a tharchur go leictreonach

79. Leasaítear alt 917D den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1)—

(a) sa mhíniú ar “na hAchtanna” tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (a):

“(aa) na hAchtanna Custam,”

agus

(b) sa mhíniú ar “cáin”, trí “dleacht custam,” a chur isteach roimh “dleacht máil”.

Leasú ar alt 960R den Phríomh-Acht (cumhacht an Ard-Bhailitheora a cheangal ar dhaoine áirithe tuairisceán ar mhaoin a thabhairt)

80. Leasaítear alt 960R den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1), tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘margadhluach’, i ndáil le maoin, an praghas a mbeifí ag súil leis go réasúnach go bhfaighfí é ar an maoin sin dá ndíolfaí í ar an margadh oscailte;”,

(b) i bhfo-alt (3), trí “laistigh de 30 lá tar éis an fógra a thabhairt” a chur in ionad “laistigh de cibé tréimhse ama a shonrófar san fhógra nó laistigh de cibé tréimhse a cheadóidh an tArd-Bhailitheoir”,

(c) i bhfo-alt (5)—

(i) i mír (a), trí “agus ráiteas maidir le hioncam agus eisíocaíochtaí uile an duine i leith cibé tréimhse nó tréimhsí a shonrófar san fhógra” a chur isteach i ndiaidh “a bhfuil an duine sin faoi dhliteanas ina leith ar an dáta sonraithe”,

(ii) i mír (b), trí “agus ráiteas maidir le hioncam agus eisíocaíochtaí uile an dara duine a luaitear i leith cibé tréimhse nó tréimhsí a shonrófar san fhógra” a chur isteach i ndiaidh “ar an dáta sonraithe”,

(iii) i mír (c), trí “agus ráiteas maidir le hioncam agus eisíocaíochtaí uile an iontaobhais i leith cibé tréimhse nó tréimhsí a shonrófar san fhógra” a chur isteach i ndiaidh “ar an dáta sonraithe”, agus

(iv) i mír (d), trí “agus ráiteas maidir le hioncam agus eisíocaíochtaí uile an duine i leith cibé tréimhse nó tréimhsí a shonrófar san fhógra” a chur isteach i ndiaidh “a bhfuil an céile nó an páirtneir sibhialta sin faoi dhliteanas ina leith ar an dáta sonraithe”,

(d) i bhfo-alt (7), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (e):

“(e) a margadhluach agus mionsonraí i dtaobh aon mhuirir nó eirí ar an tsócmhainn sin, agus”,

(e) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (7):

“(7A) Beidh i ráiteas gnóthaí a sheachadfar faoin alt seo cibé faisnéis a shonróidh an tArd-Bhailitheoir san fhoirm fhorordaithe i leith gach dliteanais agus gach míre ioncaim nó eisíocaíochtaí.”,

(f) i bhfo-alt (9), trí “reachtúil” a chur isteach i ndiaidh “dearbhú”, agus

(g) trí fho-alt (10) a scriosadh.

Leasú ar alt 851A den Phríomh-Acht (rúndacht faisnéise i dtaobh cáiníocóirí)

81. Leasaítear alt 851A den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1)—

(i) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘soláthraí seirbhíse’ aon duine atá fostaithe, nó a bhí fostaithe tráth, ag na Coimisinéirí Ioncaim nó thar a gceann, nó aon duine arna fhostú nó arna fostú ag duine den sórt sin, chun obair a dhéanamh a bhaineann le riaradh aon chánacha nó dleachtanna atá faoi chúram agus faoi bhainistiú na gCoimisinéirí Ioncaim de bhua na nAchtanna;”,

agus

- (ii) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “faisnéis faoi cháiniócóir”:

“ciallaíonn ‘faisnéis i dtaobh cáiniócóirí’ faisnéis d’aon chineál agus in aon fhoirm a bhaineann le duine amháin nó níos mó agus—

- (a) a fhaigheann oifigeach Ioncaim nó soláthraí seirbhíse chun críocha na nAchtanna,
- (b) a fhaigheann oifigeach Ioncaim nó soláthraí seirbhíse agus a n-airbheartaítear gur chun críocha na nAchtanna a fhaightear í,
- (c) a ullmhaítear ó fhaisnéis a fhaightear amhlaidh,

ach ní fholáíonn sé faisnéis nach nochtar léi go díreach nó go neamhdhíreach céannacht an duine lena mbaineann sí;”,

- (b) i bhfo-alt (2), trí “i seilbh na gCoimisinéirí Ioncaim, oifigigh Ioncaim nó soláthraí seirbhíse” a chur in ionad “i seilbh na gCoimisinéirí Ioncaim nó oifigigh Ioncaim”,
- (c) i bhfo-alt (3), trí “aon oifigeach Ioncaim, aon soláthraí seirbhíse” a chur in ionad “aon oifigeach Ioncaim”,
- (d) i bhfo-alt (4), trí “ar oifigeach Ioncaim nó ar sholáthraí seirbhíse” a chur in ionad “ar oifigeach Ioncaim”,
- (e) i bhfo-alt (8), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (k):

“(k) féadfar faisnéis i dtaobh cáiniócóirí a nochtadh do sholáthraí seirbhíse chun na críche ar chuici atá an soláthraí seirbhíse fostaithe agus ní úsáidfidh an soláthraí seirbhíse sin an fhaisnéis sin chun aon chríche eile.”,

agus

- (f) i bhfo-alt (9), trí “ar Choimisinéir Ioncaim, ar oifigeach Ioncaim nó ar sholáthraí seirbhíse” a chur in ionad “ar Choimisinéir Ioncaim nó ar oifigeach Ioncaim”.

Leasú ar alt 1002 den Phríomh-Acht (méideanna a bheidh dlite i ndáil le cáin a asbhaint ó íocaíochtaí a bheidh dlite do mhainnitheoirí)

- 82.** Leasaítear alt 1002 den Phríomh-Acht, i bhfo-alt (1), tríd an mír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír (e):

“(f) Féadfar fógra astaithe, fógra cúlghairme agus aon fhógra eile dá bhforáiltear leis an alt seo (lena n-áirítear an oibleagáid fógra a thabhairt do cháiniócóir nó do dhuine iomchuí de réir mhír (b) d’fho-alt (12) ach gan an fógra dá

dtagraítear i mír (a) den fho-alt sin a áireamh) a thabhairt do cháiníocóir nó do dhuine iomchuí, de réir mar a bheidh, trí mheán leictreonach (de réir bhrí alt 917EA).”.

Leasú ar Sceideal 24A a ghabhann leis an bPríomh-Acht (comhshocraíochtaí arna ndéanamh ag an Rialtas le rialtas aon chríche lasmuigh den Stát i ndáil le faoiseamh ó chánachas dúbailte a thabhairt agus faisnéis a mhalartú i ndáil le cáin)

83. Leasaítear Sceideal 24A a ghabhann leis an bPríomh-Acht—

(a) i gCuid 1, tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 41A:

“41AA. An tOrdú um Fhaoiseamh ó Chánachas Dúbailte (Cánacha ar Ioncam agus ar Ghnóchain Chaipitiúla) (An Úcráin), 2013 (I.R. Uimh. 397 de 2013).”,

agus

(b) i gCuid 3—

(i) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 3A:

“3B. An tOrdú um Malartú Faisnéise a Bhaineann le Cánacha agus Cúrsaí Cánach (Doiminice), 2013 (I.R. Uimh. 398 de 2013).”,

agus

(ii) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 8A:

“8AA. An tOrdú um Malartú Faisnéise a Bhaineann le Cúrsaí Cánach (Montsarat), 2013 (I.R. Uimh. 82 de 2013).”.

Leasuithe teicniúla ilghnéitheacha i ndáil le cáin

84. Maidir leis na hachtacháin a shonraítear sa *Sceideal*—

(a) leasaítear iad a mhéid agus ar an modh a shonraítear i *míreanna 1 go 4* den *Sceideal*, agus

(b) tá feidhm acu agus tagann siad i ngníomh de réir *mhír 5* den *Sceideal*.

An Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla

85. (1) San alt seo—

tá le “seirbhísí caipitiúla” an bhrí chéanna atá leis sa phríomh-alt;

tá le “Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla” an bhrí chéanna atá leis sa phríomh-alt;

ciallaíonn “an t-aonú blianacht bhreise is seasca” an tsuim a mhuirearófar ar an bPríomh-Chiste faoi *fho-alt (2)*;

ciallaíonn “an príomh-alt” alt 22 den Acht Airgeadais, 1950.

(2) D’fhonn iasachtaí i leith seirbhísí caipitiúla mar aon le hús ar na hiasachtaí sin a fhuascailt, déanfar suim €85,282,431 a mhuirearú go bliantúil ar an bPríomh-Chiste

nó ar thoradh fáis an Chiste sin sa 30 bliain airgeadais chomhleanúnach dar tosach an bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2014.

- (3) Déanfar an t-aonú blianacht bhreise is seasca a íoc isteach sa Chuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla ar cibé modh agus ag cibé tráthanna sa bhliain airgeadais iomchuí a chinnfidh an tAire Airgeadais.
- (4) Féadfar aon mhéid den aonú blianacht bhreise is seasca, nach mó ná €65,550,000 in aon bhliain airgeadais, a úsáid chun an t-ús ar an bhfiach poiblí a íoc.
- (5) Déanfar iarmhéid an aonú blianacht bhreise is seasca a úsáid ar aon cheann amháin nó níos mó de na slíte a shonraítear i bhfo-alt (6) den phríomh-alt.

Cúram agus bainistiú cánacha agus dleachtanna

86. Déanfar na cánacha agus na dleachtanna go léir a fhorchuirtear leis an Acht seo a chur faoi chúram agus faoi bhainistiú na gCoimisinéirí Ioncaim.

Gearrtheideal, forléiriú agus tosach feidhme

87. (1) Féadfar an tAcht Airgeadais (Uimh. 2), 2013 a ghairm den Acht seo.

(2) Forléireofar *Cuid 1*—

- (a) a mhéid a bhaineann sí le cáin ioncaim, i dteannta na nAchtanna Cánach Ioncaim,
- (b) a mhéid a bhaineann sí le cáin chorparáide, i dteannta na nAchtanna Cánach Corparáide, agus
- (c) a mhéid a bhaineann sí le cáin ghnóchan caipitiúil, i dteannta na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil.

(3) Forléireofar *Cuid 2*, a mhéid a bhaineann sí le dleachtanna máil, i dteannta na reachtanna a bhaineann leis na dleachtanna sin agus le bainistiú na ndleachtanna sin.

(4) Forléireofar *Cuid 3* i dteannta na nAchtanna Cánach Breisluacha.

(5) Forléireofar *Cuid 4* i dteannta an Achta Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 agus na n-achtachán lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin.

(6) Forléireofar *Cuid 5*—

- (a) a mhéid a bhaineann sí le cáin ioncaim, i dteannta na nAchtanna Cánach Ioncaim,
- (b) a mhéid a bhaineann sí le muirear sóisialach uilíoch, i dteannta Chuid 18D den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997,
- (c) a mhéid a bhaineann sí le cáin chorparáide, i dteannta na nAchtanna Cánach Corparáide,
- (d) a mhéid a bhaineann sí le cáin ghnóchan caipitiúil, i dteannta na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil,
- (e) a mhéid a bhaineann sí le custaim, i dteannta na nAchtanna Custam,

- (f) a mhéid a bhaineann sí le dleachtanna máil, i dteannta na reachtanna a bhaineann le dleachtanna máil agus le bainistiú na ndleachtanna sin,
 - (g) a mhéid a bhaineann sí le cáin bhreisluacha, i dteannta na nAchtanna Cánach Breisluacha,
 - (h) a mhéid a bhaineann sí le dleacht stampa, i dteannta an Achta Comhdhlúite Dleachtanna Stampa, 1999 agus na n-achtachán lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin, agus
 - (i) a mhéid a bhaineann sí le cáin bhronntanais nó cáin oidhreachta, i dteannta an Achta Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003 agus na n-achtachán lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin.
- (7) Ach amháin i gcás go bhforáiltear a mhalairt go sainráite i *gCuid 1*, tiocfaidh an Chuid sin i ngníomh an 1 Eanáir 2014.
- (8) Ach amháin i gcás go bhforáiltear a mhalairt go sainráite, i gcás go bhfuil foráil den Acht seo le teacht i ngníomh ar an Aire Airgeadais do dhéanamh ordú, tiocfaidh an fhoráil sin i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire Airgeadais i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

AN SCEIDEAL

Alt 84

LEASUITHE TEICNIÚLA ILGHNÉITHEACHA I NDÁIL LE CÁIN

1. Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Cánacha, 1997—

(a) in alt 97(2H), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) páirtnéir sibhialta i bpáirtnéireacht shibhialta—

(i) ina bhfuil na páirtnéirí sibhialta idirscartha trí ghníomhas idirscartha, comhaontú, socrú nó aon ghníomh eile as a dtagann oibleagáid is inchurtha i bhfeidhm le dlí agus a rinneadh i gcomaoin nó de dhroim cónaí a bheith orthu ar leith ó chéile sna himthosca dá dtagraítear in alt 1031A(2), nó

(ii) a scaoileadh faoi alt 110 den Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010 nó a mheastar a scaoileadh amhlaidh faoi alt 5(4) den Acht sin.”

(b) in alt 201—

(i) i bhfo-alt (3), trí “fo-alt (2)(a)(iv)” a chur in ionad “fo-alt (2)(d)”, agus

(ii) i bhfo-alt (4A) (a cuireadh isteach le halt 14(1)(d) den Acht Airgeadais, 2013), trí “ar dháta rite an Achta Airgeadais, 2013 nó dá éis” a chur in ionad “ar dháta rite an Achta seo nó dá éis”,

(c) in alt 244(1)(a), i bhfomhír (ii) den mhíniú ar “áit chónaithe cháilitheach”, trí “and apart” a scriosadh sa leagan Béarla,

(d) in alt 248A(5), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (b):

“(b) páirtnéir sibhialta i bpáirtnéireacht shibhialta—

(i) ina bhfuil na páirtnéirí sibhialta idirscartha trí ghníomhas idirscartha, comhaontú, socrú nó aon ghníomh eile as a dtagann oibleagáid is inchurtha i bhfeidhm le dlí agus a rinneadh i gcomaoin nó de dhroim cónaí a bheith orthu ar leith ó chéile sna himthosca dá dtagraítear in alt 1031A(2), nó

(ii) a scaoileadh faoi alt 110 den Acht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010 nó a mheastar a scaoileadh amhlaidh faoi alt 5(4) den Acht sin.”

(e) i gCuid 1 den Tábla a ghabhann le halt 458, trí “Alt 493” a chur isteach i ndiaidh “Alt 489”,

(f) in alt 524(1), trí “Faoi réir fho-alt (1A), tabharfaidh an duine sonraithe” a chur in ionad “Tabharfaidh an duine sonraithe”,

(g) in alt 626B(1)(b)(i)(B), trí “de bhua chláisail (I) agus (II) d’fhomhír (i)” a chur in ionad “de bhua fhomhíreanna (i) agus (ii)”,

(h) in alt 630, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar “an Treoir”:

“ciallaíonn ‘an Treoir’ Treoir 2009/133/CE an 19 Deireadh Fómhair 2009 ón gComhairle⁴, arna leasú, maidir leis an gcomhchóras cánachais is infheidhme maidir le cumaisc, rannta, rannta páirteacha, aistriúcháin sócmhainní agus malartuithe scaireanna i ndáil le cuideachtaí de chuid Ballstát éagsúil, agus le haistriú oifige cláraithe Cuideachta Eorpaí (SE) nó Cuideachta Comharchumannaí Eorpaí (SCE) idir Ballstáit;”,

- (i) in alt 831(1)(a), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhíne ar “an Treoir”:

“ciallaíonn ‘an Treoir’ Treoir 2011/96/AE an 30 Samhain 2011 ón gComhairle⁵, arna leasú, maidir leis an gcomhchóras cánachais is infheidhme i gcás máthairchuideachtaí agus fochuideachtaí de chuid Ballstát éagsúil;”,

- (j) in alt 894(1), sa mhíniú ar “forálacha sonrath”, trí “ailt 889, 890, 891, 891A agus 892” a chur in ionad “ailt 889 go 893”,

- (k) in alt 1077A(1), sa mhíniú “na hAchtanna”, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an dá mhír a aithnítear mar (h):

“(h) na hAchtanna Custam,

(i) an tAcht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), 2012;”,

- (l) in alt 1077E(1), sa mhíniú ar “cáin”, trí “, muirear sóisialach uilíoch” a chur isteach i ndiaidh “tobhach lotha”, agus

- (m) in alt 1094(1), sa mhíniú ar “na hAchtanna”, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhíreanna (f) agus (g) (ar cuireadh iad araon isteach le halt 94(a) den Acht Airgeadais, 2013):

“(g) na reachtanna a bhaineann le dleacht stampa agus le bainistiú na dleachta sin, agus

(h) an tAcht Comhdhlúite Cánach Fáltas Caipitiúil, 2003, agus na hachtacháin lena leasaítear nó lena leathnaítear an tAcht sin.”.

2. Leasaítear an tAcht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010—

- (a) in alt 95(4)(c), trí “ag an nglacadóir nó ag an duine a bheidh ag feidhmiú na cumhachta” a chur isteach i ndiaidh “iníochta”, agus
- (b) i mír 16(2) de Chuid 4 de Sceideal 3, trí “i gCaighdeán Éireannach C.É. EN 771-3: 2011 dar teideal Sonraíocht le haghaidh aonaid saoirseachta — Cuid 3: Aonaid saoirseachta coinchréite tathagaithe (tathaguithe dlútha éadroma)” a chur in ionad “i nDearbhú 1987 um Shonraíocht Chaighdeánach (Bloic Thógála Choinchréite, Cuid 1, Bloic Ghnáthdhlúis) (Caighdeán Éireannach 20: Cuid 1: 1987)”.

3. Leasaítear an tAcht Airgeadais, 1992—

- (a) in alt 130—

⁴IO Uimh. L310, 25.11.2009, lch. 34

⁵IO Uimh. L345, 29.12.2011, lch. 8

(i) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhíithe ar “feithicil”:

“ciallaíonn ‘feithicil’ feithicil inneallghluaiste;”,

agus

(ii) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

“folaíonn ‘feithicil neamhchláraithe’ feithicil—

(a) a dhéantar aníos ó fionnadh, nó

(b) a dhéantar trí mhonacóc nó cóimeáil a úsáid arb ionann cuspóir dó nó di agus fionnadh,

ar fionnadh, monacóc nó cóimeáil é nó í atá nua nó neamhúsáidte nó a dhíorthaíonn ó fheithicil neamhchláraithe eile;”,

agus

(b) in alt 132, tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhíithe ar “N” chun críocha na foirmle i bhfo-alt (3A):

“gurb é N an líon laethanta ón dáta a tháinig an fheithicil isteach sa Stát go dtí dáta cláraithe na feithicle.”.

4. Leasaítear alt 93 den Acht Airgeadais, 2013, i bhfo-alt (1), trí mhír (g) a scriosadh.

5. (a) Faoi réir *fhomhíreanna* (b), (c), (d) agus (e), beidh éifeacht le *míreanna* 1, 2, 3 agus 4 ar agus ó dháta rite an Achta seo.

(b) Beidh éifeacht le *fomhíreanna* (a), (c) agus (d) de *mhír* 1 amhail is dá mba rud é gur tháinig siad i ngníomh don bhliain mheasúnachta (de réir bhrí alt 2 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997) 2011 agus do gach bliain mheasúnachta dá héis.

(c) Meastar gur tháinig *fomhíreanna* (b) agus (m) de *mhír* 1 i bhfeidhm, agus go raibh éifeacht leo, ar an agus ón 27 Márta 2013.

(d) Beidh éifeacht le *fomhíreanna* (h) agus (i) de *mhír* 1 ar an agus ón 1 Iúil 2013.

(e) Meastar gur tháinig *fomhír* (k) de *mhír* 1 i bhfeidhm, agus go raibh éifeacht léi, ar an agus ón 1 Eanáir 2013.